An Roinn Cosanta
Department of Defence

Óglaigh na hÉireann
IRISH DEFENCE FORCES

# An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann

# Tuarascáil Bhliantúil 2020

© 2021 cóipcheart
An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann

Bóthar an Stáisiúin, Droichead Nua, Co. Chill Dara. W12 AD93

Guthán: (045) 49 2000
Glao Áitiúil: 1890 251 890

www.gov.ie/en/organisation/department-of-defence

www.military.ie

# Clár Ábhar


**Brollach Leis an Ard-Rúnaí agus an Ceann Foirne** 02

**Brollach Leis an Aire Cosanta** 04

**Réamhrá** 06

**Mír 1: Beartas Cosanta** 08

***Sprioc Straitéiseach*** Comhairle agus Beartas Mhíleata Tráthúil agus Ábhartha a Sholáthar 08

***Sprioc Straitéiseach*** An Páipéar Bán ar Chosaint a Chur i Bhfeidhm 10

***Sprioc Straitéiseach*** Cur le Beartas Náisiúnta agus Idirnáisiúnta Slándála agus Cosanta 11

***Sprioc Straitéiseach*** Comhoibriú ar Bheartas Trasghearrthach A Fheabhsú 17

**Mír 2: An Cumas chun Soláthar a Dhéanamh** 31

***Sprioc Straitéiseach*** Inniúlachtaí a Fhorbairt agus a Chothabháil 31

***Sprioc Straitéiseach*** Bainistíocht Éifeachtach agus Nuálach Acmhainní 31

***Sprioc Straitéiseach*** Struchtúir Bhainistíochta, an Eagraíocht agus Daoine a Fhorbairt 60

**Mír 3: Aschur Oibríochtúil Óglaigh na hÉireann** 75

***Sprioc Straitéiseach*** Oibríochtaí A Sholáthar Go Rathúil 75

**Mír 4: Eolas agus Sonraí Corparáideacha** 101

4.1 Sonraí faoi Chaiteachas an Vóta Caiteachais don bhliain 2018, 2019 agus 2020 de réir Catagóire 101

4.2 Sonraí faoi Chaiteachas Vóta Pinsean an Airm don bhliain 2018, 2019 agus 2020 de réir Catagóire 102

4.3 Sonraí faoin Méid Idirbheart a Próiseáladh i rith 2018, 2019 agus 2020 102

4.4 Iniúchóireacht Inmheánach 103

4.5 An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) 103

4.6 Saoráil Faisnéise 104

4.7 Nochtadh Cosanta 105

4.8 Ídiú Fuinnimh in 2020 106

4.9 Grúpaí Oibre Trasrannacha a gcuireann Cosaint leo 108

4.10 Meabhráin Tuisceana (MTanna) agus Comhaontuithe Seirbhíse (CSanna) 110

**Aguisín A** 113

Téarmaí Tagartha an Choimisiúin um Óglaigh na hÉireann 113

# Brollach





## Leis an Ard-Rúnaí agus an Ceann Foirne

A Aire,

Tá áthas orainn an Tuarascáil Bhliantúil ar fheidhmíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann a chur faoi do bhráid don bhliain 2020. Cuirtear sonraí cuimsitheacha ar fáil sa Tuarascáil seo maidir leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir leis an réimse fairsing cur chuige beartais, gníomhaíochtaí agus aschur oibríochtúil faoinar tugadh i gcaitheamh na bliana.

Beidh cuimhneamh fada ar 2020 i ngeall ar phaindéim COVID-19. Bhí orainn go léir dul in oiriúint do chúinsí nua, bealaí nua oibre agus bealaí nua maireachtála. Léirigh sárfhreagairt phearsanra na hEagraíochta Cosanta i dtaobh tacaíocht bhorrtha a sholáthar dár seirbhísí sláinte trí thacú lena gcumas agus an athléimneacht a sholáthar dóibh a theastaigh uathu chun freagairt do bhagairt COVID-19, fiúntas na hEagraíochta Cosanta i dtaobh tacú le hathléimneacht náisiúnta le linn géarchéimeanna. De bhreis air sin, anuas ar na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil do FSS, lean an Eagraíocht uirthi gan staonadh i gcaitheamh 2020 ag tabhairt faoinár ról chun leanúint le seirbhísí a choimeád ar siúl, freastal ar éilimh agus tabhairt faoi oibríochtaí in Éirinn agus thar lear. Theastaigh olliarracht agus ollsolúbthacht i measc ár bhfoirne chun na gealltanais seo a chomhlíonadh agus tá ardmholadh le tabhairt dóibh agus buíochas mór le cur in iúl dóibh as an rannchuidiú mór a thug siad don iarracht náisiúnta i rith imeachtaí gan choinne 2020.

Tá struchtúr sibhialta-míleata ar leith ag an Eagraíocht Chosanta. D'oibrigh brainsí míleata agus sibhialta araon le chéile ar bhealach comhtháite i rith 2020 chun ár gcuspóirí a bhaint amach go rathúil. Éascaíonn an cur chuige sibhialta-míleata seo próisis phleanála gnó san Eagraíocht Chosanta, agus bíonn dearcadh coiteann ann i dtaobh na spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha a shainaithnítear laistigh den Ráiteas Straitéise 2017-2020.

In 2020, lean an Chomhfhoireann Éascaithe shibhialta-mhíleata um Chur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn tionscadail Pháipéir Bháin. Chuir na tuairiscí seo eolas cothrom le dáta faoi stádas ar fáil don Aire agus don bhainistíocht shinsearach shibhialta agus mhíleata mar chuid den chreat rialachais. As na 95 tionscadal, cuireadh tús foirmiúil le 44 díobh go dtí seo agus dúnadh 25 díobh seo faoi dheireadh 2020.

Aontaíodh ar Chlár an Rialtais nua i Meitheamh 2020 agus tá roinnt gealltanais thábhachtacha ann maidir leis an earnáil chosanta, gealltanais san áireamh a bhaineann le baill ar scor, an Foras Tacaíochta Síochána agus Ceannaireachta, teacht ar chúram sláinte i measc pearsanra liostáilte agus an tAcht um Eagrú Ama Oibre a chur i bhfeidhm. Bunaíodh an Coimisiún um Óglaigh na hÉireann i Nollaig 2020. Leagadh an dualgas ar an gCoimisiún tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach ar Óglaigh na hÉireann i gcomhréir leis na Téarmaí Tagartha a cheadaigh an Rialtas. Déanfaidh an Eagraíocht Chosanta idirchaidreamh leis an gCoimisiún agus beidh gach duine tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar chlár dúshlánach a sholáthar agus tabharfaidh gach duine tacaíocht dó sin a dhéanamh.

Ar deireadh, is mian linn buíochas ar leith a chur in iúl do bhaill uile na hEagraíochta Cosanta in Éirinn agus thar lear araon as ucht a dtiomantais agus a ngairmiúlachta i rith bliain ar leith.

**Jacqui McCrum**
Ard-Rúnaí

**An Leas-Aimiréal Mark Mellett DSM**
Ceann Foirne


An Roinn Cosanta
Department of Defence



# Brollach

## Leis an Aire Cosanta

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2020 na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann a fháil. Cuirtear cuntas mionsonraithe ar fáil sa tuarascáil bhliantúil seo ar na ngníomhaíochtaí faoinar tugadh agus an t-aschur a soláthraíodh in 2020, ónar theastaigh iarrachtaí ar leith ach comhlántacha ón Roinn agus Óglaigh na hÉireann (na hÓglaigh Chúltaca san áireamh). Tharla gur bhliain an-deacair 2020 don tír nuair a bhris COVID-19 amach agus mar gheall ar an bhfreagairt trasrialtais a theastaigh chun a thionchar a laghdú. Bhí freagairt mharthanach agus thiomanta ann do na dúshláin a chruthaigh COVID-19 ar fud na hEagraíochta Cosanta a chruthaigh olltairbhe do FSS agus brainsí eile an Stáit a dhéanann an phaindéim seo a chomhrac ar bhonn laethúil. Tugtar cuntas ar na príomhghnéithe de na tacaíochtaí a thugtar sa tuarascáil seo agus léirítear an cur chuige réamhghníomhach agus comhoibritheach a ghlac mo Roinn, Óglaigh na hÉireann agus Cosaint Shibhialta chun tacú leis an tír. Leagtar amach sa tuarascáil seo freisin an iomaí gníomhaíocht eile faoinar tugadh sa mhullach ar an obair a d'fhreagair do COVID-19 a léiríonn an réimse fairsing gníomhaíochtaí faoinar thug an Eagraíocht Chosanta i rith 2020.

Ar aon dul le tiomantas an Rialtais don Pháipéar Bán, foilsíodh Clár Bonneagair Thógtha agus Plean Forbartha Trealaimh Óglaigh na hÉireann in 2020, agus pleananna rollacha cúig bliana iad. Sonraítear sa phlean maidir le Bonneagar Tógtha luach €145 milliún d'infheistíocht in áiseanna sna chéad chúig bliana eile amach romhainn, a chinnteoidh go bhfuil an bonneagar riachtanach ar fáil lena chur ar chumas Óglaigh na hÉireann tabhairt faoina róil. Cuireann an Plean Forbartha Trealaimh le pleananna roimhe seo a leanann le trealamh a sholáthar ar bhonn leanúnach d'Óglaigh na hÉireann. Tá sé á chistiú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta – Tionscadal Éireann 2040.

Ábhar mór bróid d'Éirinn i Meitheamh nuair a toghadh sinn le Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a cheadaíonn dúinn ról lárnach a ghlacadh chun cur le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta. Léiríonn an suíochán a bhaint amach suíomh na hÉireann go hidirnáisiúnta agus baineadh an suíomh seo amach i ndiaidh d'Éirinn bheith ina ball de na NA ar feadh beagnach 65 bliain agus mar gheall ar thiomantas daingean don tsíocháin a chothú agus infheistiú i gcosc a chur ar choimhlint. Tá traidisiún fada agus bródúil rannpháirtíochta in oibríochtaí tacaíochta síochána atá faoi shainordú na Náisiún Aontaithe ag Éirinn agus d'fhóin líon iomlán 1,607 ball den Bhuanfhórsa Cosanta thar lear i misin éagsúla.



I rith na bliana, foilsíodh an beartas "Cosaint Shibhialta-i dTreo 2030", a rinne tiomantas an Rialtais d'fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar Chosaint Shibhialta a athdhearbhú. Leagtar amach sa cháipéis róil agus seirbhísí Cosanta Sibhialta amach anseo. Faoi mar a thugamar faoi deara i rith phaindéim COVID-19, tugtar tiomantas oibrithe deonacha Cosanta Sibhialta faoi deara go soiléir i rith éigeandála. Ba mhaith liom ómós a chur in iúl don ról tábhachtach a ghlac Cosaint Shibhialta in iarrachtaí an Rialtais COVID-19 a chomhrac in 2020.

Lean Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann ag tabhairt faoin gclár uaillmhianach oibre a leagadh amach i measc na ngealltanas a tugadh sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, a aontaíodh i Meitheamh 2020. Ceann de na gealltanais seo a bhí sa Choimisiún um Óglaigh na hÉireann, a bunaíodh i Nollaig 2020. Tríd an gCoimisiún seo a bhunú, ina bhfuil saineolas agus taithí éachtach ardleibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta, lorgaíonn an Rialtas a chinntiú go mbeidh Óglaigh na hÉireann lúfar, solúbtha agus oiriúnaitheach sa fhreagairt d'athruithe dinimiciúla ar an timpeallacht slándála, bagairtí agus teicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn san áireamh, mar thoradh ar an bpróiseas seo.

Tháinig athrú freisin ar an Ard-Rúnaí i rith na bliana agus cuirim fáilte ó chroí, mar sin, roimh ár nArd-Rúnaí nua, Jacqui McCrum agus ba mhaith liom buíochas a chur in iúl dár n-iar-Ard-Rúnaí, Maurice Quinn, as an obair dhian go léir a rinne sé agus as a thiomantas don Roinn le himeacht na mblianta. Is mian liom an deis seo a ghlacadh freisin chun mo bhuíochas a chur in iúl don Ard-Rúnaí, an Ceann Foirne agus dá bpearsanra sibhialta agus míleata as an obair thábhachtach a rinne siad i mbliain a bhí dúshlánach agus as na hiarrachtaí leanúnacha a dhéanann siad in Éirinn agus thar lear. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, an tAire Paul Kehoe, T.D., as a threallús, a thiomantas agus as an tacaíocht a thug sé do na héachtaí a rinneadh in 2020.



**Simon Coveney, T.D.,**
An tAire Cosanta

# Réamhrá

Déantar athbhreithniú sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar fheidhmíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann i rith 2020. Déantar an fheidhmíocht a athbhreithniú de réir gach cinn de na Spriocanna Straitéiseacha atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann 2017-2020.

Deimhnítear sa Ráiteas Straitéise don tréimhse 2017-2020 gurb í Sprioc Ardleibhéil na hEagraíochta Cosanta[1]:

Soláthar a dhéanamh do chosaint mhíleata an Stáit, cur le síocháin agus slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gach ról eile a shannann an Rialtas a chomhlíonadh.

Teastaíonn trí ghné straitéiseacha ar leith ach a chuireann lena chéile, chun an Sprioc Ardleibhéil a sholáthar. Is iad seo:

1. Beartas Cosanta
2. An Cumas chun Soláthar a Dhéanamh
3. Aschur Oibríochtúil Óglaigh na hÉireann

Leagann na teidil seo an bhunchloch faoi na míreanna aonair sa Tuarascáil seo.

Comhlíonann an Tuarascáil seo ceanglais Alt 4(1)(b) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 chun tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire maidir le feidhmíocht de réir cuspóirí straitéiseacha.

1 Seo a leanas an téarmaíocht a úsáidtear sa Tuarascáil Bhliantúil seo: úsáidtear an téarma "Cosaint" agus tagairt á déanamh i gciall leathan don soláthar cosanta in Éirinn, ina bhfuil gnéithe sibhialta agus míleata; Tagraíonn an "Eagraíocht Chosanta" don eagraíocht shibhialta agus mhíleata; tagraíonn "Óglaigh na hÉireann" don eagraíocht mhíleata.





# Mír 1

## Beartas Cosanta

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

Comhairle agus beartas mhíleata tráthúil agus ábhartha a sholáthar

Cuimsíonn beartas cosanta gach limistéar de sholáthar Cosanta agus cuireann sí taca faoin riachtanas lena chinntiú go gcothaíonn agus go bhforbraíonn an Stát cumas cuí cosanta agus aird ar an timpeallacht chosanta agus slándála. Anuas air sin, cuireann an Roinn Cosanta réimse fairsing tacaíochtaí ar fáil don Aire chun cabhrú leis ina ról mar cheann na Roinne.

Tá gnéithe sibhialta agus míleata san Eagraíocht Chosanta a chomhoibríonn le chéile chun a chinntiú go soláthraítear riachtanais an Aire agus an Rialtais maidir le cosaint. Is é an tArd-Rúnaí príomhchomhairleoir beartais an Aire, agus is é an Ceann Foirne príomhchomhairleoir míleata an Aire.

Maidir le slándáil agus tacaíocht intíre, cuimsítear sa chreat beartais cosanta, i measc rudaí eile, beartas cosanta agus ionchur beartas cosanta isteach i gcreat uileghabhálach slándála an Stáit, obair na hOifige Pleanála Éigeandála, Cosaint Shibhialta agus Meabhráin Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile, i measc réimse fairsing ról.

Cuimsítear sa chreat beartais cosanta freisin, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, ionchur cosanta chun an tsíocháin agus an tslándáil dhomhanda agus réigiúnach a chaomhnú, lena n-áirítear forbairt leanúnach ar Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an AE; tacaíocht na hÉireann leis an iltaobhachas agus leis an gcomhshlándáil trínár rannpháirtíocht in oibríochtaí bainistíochta géarchéime agus oibríochtaí tacaíochta síochána atá údaraithe ag na NA; ár rannpháirtíocht i gComhpháirtíocht na Síochána (CPS) ECAT agus an tacaíocht a thugaimid don Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (an ESCE). I gcaitheamh 2020, lean Éire uirthi ag glacadh páirte san fhorbairt leanúnach maidir le cumas bainistíochta géarchéime sibhialta agus míleata de chuid an AE faoin CBSC, laistigh de chreat an tiomantais do phríomhacht na Náisiún Aontaithe i dtaobh síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a chothú. D'imir srianta COVID-19 tionchar suntasach ar fhreastal daoine i bpearsan ar chruinnithe in 2020. Seachas ón gcéad chruinniú na bliana leis an Aire agus chéad chruinniú na Stiúrthóirí Beartais Cosanta, freastalaíodh ar thromlach na gcruinnithe trí Fhís-Teileachomhdháil (VTC). Ar an iomlán, tionóladh cúig chruinniú neamhfhoirmiúla leis an Aire i rith 2020 - trí chruinniú neamhfhoirmiúla le hAirí Cosanta an AE agus dhá chruinniú fhoirmiúla Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an AE le hAirí Cosanta. Rinneadh ionadaíocht d'Éirinn ag gach ceann de na ceithre chruinniú le Stiúrthóirí Beartais Cosanta a cuireadh ar bun i rith na bliana (thit trí cinn amach trí VTC), ag cruinniú Cheannasaithe Cosanta ECAT (CHOD) in Eanáir agus ag trí chruinniú CHOD an AE trí VTC i mBealtaine, Iúil agus Samhain. Thug Cinn Foirne (CF) cuairteanna ón 16 go dtí an 19 Feabhra ar an Iorua, agus ón 1 go dtí an 4 Márta 2020 ar Bhuan-Mhisean na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac (PMUN NY) chun tacú leis an gComhairle Slándála (an CS 20).

Cothaíonn Éire caidreamh maith le tíortha eile ar leibhéal beartais agus oibríochta, agus tionólann Óglaigh na hÉireann cruinnithe foirne rialta fíorga le hairm eile chun faisnéis agus eispéiris a mhalartú. I rith 2020, bhí roinnt cruinnithe déthaobhacha fíorga ar siúl le réimse Bhallstáit an AE agus eagraíochtaí eile, cosúil leis na Náisiúin Aontaithe, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus ECAT inar pléadh limistéir cosúil le paindéim COVID-19, an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (an CBSC), caidreamh trasatlantach agus comhoibriú déthaobhach.

I gcaitheamh 2020, phléigh an Coiste Bainistíochta Straitéisí (an CBS) cúrsaí cosanta straitéiseacha ar bhonn míosúil. Is comhchoiste sibhialta-míleata é an CBS a chuimsíonn Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta (Cathaoirleach), an Ceann Foirne, an triúr Ard-Rúnaithe Cúnta, an bheirt Leas-Cheann Foirne, an Stiúrthóir agus an Ceann Foirne Cúnta. Bíonn an Ginearáloifigeach i gCeannas ar an Aerchór agus an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh i láthair i dtaobh cúrsaí a théann i bhfeidhm ar a gcuid seirbhísí. Is tosaíocht é an comhoibriú dlúth ar gach ceist idir na gnéithe sibhialta agus míleata.

Comhghrúpa sibhialta-míleata ardleibhéil é an Grúpa Pleanála agus Soláthair Ardleibhéil (an GPSAL) arb é a ról chun pleananna rollacha ilbhliantúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun trealamh a sholáthar agus a dhiúscairt, agus d’fhorbairt bhonneagrach bunaithe ar na tosaíochtaí beartais sa Pháipéar Bán. Chas an GPSAL le chéile deich n-uaire in 2020.

Díríodh caibidil sa Pháipéar Bán ar Acmhainní Daonna (ADanna) agus rinneadh tagairt do “an tsócmhainn chosanta is tábhachtaí, a dhaoine”. Príomhghné iad acmhainní daonna d’fhorbairt acmhainneachta agus, chuige seo, bhunaigh an tAire le freagracht as Cosaint Grúpa AD Straitéiseach sibhialta-míleata ardleibhéil nua (GADS). Tá pearsanra sinsearach sibhialta agus míleata sa Ghrúpa agus déanann an Rúnaí Cúnta, an Rannán Acmhainne (Daoine), agus an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) comhchathaoirleacht air. Is é ról an Ghrúpa tosaíochtaí acmhainní daonna straitéiseacha a shainaithint laistigh de chreat beartais an Pháipéir Bháin ar Chosaint agus, sa chomhthéacs seo, chun pleananna agus gníomhaíochtaí ghnéithe sibhialta agus míleata na hEagraíochta Cosanta a chomhordú le soláthar a chinntiú. Chas an GADS ar a chéile trí huaire in 2020.

Cuireann Oifig an Aire Cosanta nasc ar fáil idir an tArd-Rúnaí agus agus an tAire, an Roinn, na húdaráis mhíleata agus an pobal i gcoitinne, agus tá sí freagrach as monatóireacht agus comhordú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na Roinne i leith gnó parlaiminteach. I rith 2020, d’fhreagair an tAire 676 Ceist Pharlaiminte, ar an iomlán, agus rinneadh 537 uiríoll sa bhreis air sin leis an Aire a riar i rith na bliana, i measc a réimse fairsing de ghnó eile parlaiminteach agus Aire.

I rith 2020, chuir an Fhaisnéis Mhíleata 151 faisnéisiú ar fáil, ar chruinnithe faisnéise ó bhéal 94 díobh agus ar chruinnithe faisnéise scríofa 57 díobh, lena n-áirítear cruinnithe míosúla faisnéise agus slándála, faisnéisiú réamh-imlonnaithe agus iar-imlonnaithe don phearsanra a bhí ag fónamh in Oibríochtaí Tacaíochta Síochána, agus faisnéisiú Aire. Reáchtáil an Fhaisnéis Mhíleata mórán cruinnithe inmheánacha feasachta agus slándála freisin do chúrsaí gairm bheatha mhíleata agus d’fhoireann Óglaigh na hÉireann.

## An Coimisiún um Óglaigh na hÉireann

I gcomhréir le gealltanas a tugadh i gClár an Rialtais, cheadaigh an Rialtas Coimisiún neamhspleách um Óglaigh na hÉireann a bhunú an 15 Nollaig 2020, a bhfuil sainordú acu tuairisciú laistigh de 12 mhí.

Buntacaíonn Coimisiún neamhspleách um Óglaigh na hÉireann le tiomantas an Rialtais do chinntiú go bhfuil Óglaigh na hÉireann oiriúnach don fheidhm, araon i dtaobh freastal ar riachtanais atá ann faoi láthair agus i dtaobh iarrachtaí a dhéanamh fís níos fadtéarmaí a fhorbairt don tréimhse i ndiaidh 2030. Tríd an gCoimisiún a bhunú, ina bhfuil saineolas agus taithí éachtach ardleibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta, lorgaíonn an Rialtas a chinntiú go mbeidh Óglaigh na hÉireann lúfar, solúbtha agus oiriúnaitheach sa fhreagairt d'athruithe dinimiciúla ar an timpeallacht slándála, bagairtí agus teicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn san áireamh, mar thoradh ar an bpróiseas seo.

Leagtar amach téarmaí tagartha agus ballraíocht an Choimisiúin ag Aguisín A; bhí na téarmaí mar thoradh ar chleachtadh fairsing comhairliúcháin inar cuimsíodh na grúpaí seo a leanas:

- Comhchoiste an Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Cosaint.
- Comhlachais ionadaíocha Óglaigh na hÉireann (Cumann Ionadaíochta Chéimnigh eile na mBuan-Óglach (CICEBÓ) agus Comhlachas Ionadaitheach na nÓglach Cúltaca (CIÓC).
- Comhlachais iarshaighdiúirí Óglaigh na hÉireann (ONE, ARCO agus IUNVA).
- Cumainn/comhlachais a dhéanann ionadaíocht d'fhoireann na Roinne agus d'fhostaithe sibhialtacha (FORSA, AHCPS agus SIPTU).
- Gach Roinn Rialtais eile.
- An Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (an IGIE) agus Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ).

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

An Pháipéar Bán ar Chosaint a chur i bhfeidhm

Leagtar amach sa Pháipéar Bán ar Chosaint an creat beartais cosanta go dtí 2025. Ó foilsíodh an Páipéar Bán, aithníodh 95 tionscadal ar leith a bhí le críochnú thar thréimhse deich mbliana. Cuireadh Rialachas Bainistíochta Tionscadal agus Clár i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar stádas leanúnach tionscadal aonair agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar scóip tionscadal laistigh den chlár.

Foireann shibhialta-mhíleata í an Chomhfhoireann Éascaithe um Chur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin (an Chomhfhoireann) a oibríonn i gcáil mhaoirseachta, agus a sholáthraíonn tacaíocht agus a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn thionscadail an Pháipéir Bháin seo. I rith 2020, lean an Chomhfhoireann le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn a rinneadh chun an CBS a chur i bhfeidhm mar chuid den chreat rialachais. Cuireann na tuairiscí seo faisnéis ardchaighdeáin ar fáil don Aire agus don bhainistíocht shinsearach shibhialta agus mhíleata, agus bhí an Eagraíocht Chosanta in ann glacadh le cur chuige dírithe agus praiticiúil i leith cur i bhfeidhm a bhuíochas le creat bainistíochta tionscadail a úsáid chun cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin a éascú.

Tá pleanáil leanúnach ar scóip clár agus ar thús áite a thabhairt do thionscadail tagtha chun cinn mar fhreagairt do thimpeallacht atá ag athrú. Tá foirne sibhialta-míleata ag tabhairt faoi chur i bhfeidhm ar gach gníomh agus tionscadail ar bhonn céimnithe agus teastaíonn seo chun na gealltanais i gClár an Rialtais agus sa Ráiteas Straitéise araon a chur san áireamh. Cinntíonn an creat bainistíochta tionscadal a rialaíonn cur i bhfeidhm go bhfuil monatóireacht á déanamh ar thionscadail agus go bhfuil siad á dtabhairt chun cinn ar aon dul le gealltanais a tugadh sa Pháipéar Bán. Cinntíonn athbhreithnithe tréimhsiúla stádais ar an gclár go mbíonn deiseanna ann breithniú a dhéanamh ar thús áite a thabhairt do thionscadail. As na 95 tionscadal, cuireadh tús foirmiúil le 44 díobh go dtí seo agus dúnadh 25 díobh seo faoi dheireadh 2020.

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

Cur le beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta slándála agus cosanta



## An Coiste Slándála Náisiúnta

Déanann an tArd-Rúnaí leis an Rialtas cathaoirleacht ar an gCoiste Slándála Náisiúnta (an CSN). Is éard atá sa CSN ionadaithe sinsearacha Roinn an Taoisigh, na Roinne Dlí agus Cirt, Cosanta, Gnóthaí Eachtracha, Óglaigh na hÉireann agus an Gharda Síochána. Is í an tslándáil príomh-shainchúram an Choiste ach cuirtear ar fáil é mar acmhainn ardleibhéil i rith éigeandála ina bhfuil toise shlándála.

## An Lárionad Anailíse Slándála Náisiúnta (an LASN)

Ag eascairt as na moltaí i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta, bunaíodh Lárionad Anailíse Slándála Náisiúnta (an LASN) nua i rith 2019 faoi choimirce Roinn an Taoisigh. Is é cuspóir an LASN anailís chuimsitheach straitéiseach a sholáthar don Rialtas ar bhagairtí ar shlándáil náisiúnta na hÉireann, trí chomhordú idir na comhlachtaí Stáit éagsúla a bhfuil feidhmeanna slándála náisiúnta acu.

Ceapadh Stiúrthóir agus Leas-Stiúrthóir, foireann tacaíochta san áireamh, leis an LASN a stiúradh. Sannadh roinnt pearsanra a bhfuil réimse saineolas anailíseach acu don Ionad ó Ranna agus comhlachtaí agus na Ranna comhpháirtíochta. Sannadh beirt phearsanra taithíoch ón Eagraíocht Chosanta, pearsanra amháin sibhialta agus míleata, in 2019, ar an mbunús sin gur gné lena mbaineann tábhachtach lárnach den obair seo iad beartas agus oibríochtaí cosanta, nuair a chuirtear cineál thimpeallacht na mbagairtí san áireamh.

Thug LASN tús áite d'obair ar Straitéis Slándála Náisiúnta chomhtháite a fhorbairt. Is í aidhm na Straitéise cur chuige uile-Rialtais a leagan amach maidir le conas is féidir leis an Stát a shlándáil náisiúnta agus a leasanna ríthábhachtacha a chosaint ó threochtaí reatha agus atá ag teacht chun cinn. Chuir sainfhóram beartas agus próiseas comhairliúcháin phoiblí ionchur tábhachtach ar fáil don phróiseas seo. Cé gur chuir srianta COVID-19 bac ar chomhairliúchán breise, lean an tIonad lena chuid ullmhúcháin straitéise agus le haghaidh a thabhairt ar a phríomhchuspóirí eile i rith 2020.

## Córas um Ullmhacht Acmhainn Choimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe (an CUACS)

Tá dualgas ar Éirinn agus ar thíortha eile a chuireann trúpaí ar fáil chun acmhainní agus buíonta a chlárú atá ar fáil lena n-imlonnú go dtí Oibríochtaí Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe thar lear sa CUACS. Tá na hacmhainní seo de bhreis orthu siúd a imlonnaíodh cheana féin nó a gealladh cheana féin d'oibríochtaí eile. Is é cuspóir chóras an CUACS chun catalóg dhinimiciúil cothrom le dáta de na fórsaí siúd atá oilte agus ar fáil a sholáthar do na NA ar féidir iad a chur chun feidhme nuair a bhíonn misean na NA á bhunú nó á neartú.

Gheall Éire idir phearsanra agus trealamh do CUACS na NA i rith 2020 agus gheall sí freisin oiliúint a sholáthar in Éirinn agus thar lear do thíortha a chuireann saighdiúirí ar fáil, a dhéantar a imlonnú go misin na NA. Mar gheall ar phaindéim COVID-19, áfach, níorbh fhéidir leanúint ar aghaidh leis an oiliúint seo. Gníomhaíonn easnaimh in oiliúint mar bhacainn roimh an tsíocháin a choimeád go héifeachtach agus tá na cúrsaí atá á ngealladh agus á soláthar ag pearsanra Óglaigh na hÉireann ag freagairt do riachtanais na NA, faoi mar a aithníodh iad.

## Straitéis Dhomhanda an AE um an mBeartas Eachtrach agus Slándála

I rith 2020, mar fhreagairt do dhúshláin leanúnacha slándála i limistéar an AE, leanadh ar aghaidh ar luas tapa le forbairt agus le cur i bhfeidhm tionscnamh maidir le slándáil agus cosaint laistigh den AE. Lean forbairtí in 2018 tar éis go ndearna Ardionadaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála (HRVP), Straitéis Dhomhanda an AE um an mBeartas Eachtrach agus Slándála a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí i Meitheamh 2016, agus i ndiaidh go ndearnadh an Plean um Chur i bhFeidhm gaolmhar a chur faoi bhráid na nAirí Eachtracha agus Cosanta i Samhain 2016. Sainaithnítear i Straitéis Dhomhanda an AE 2016 cúig thosaíocht do bheartas eachtrach an AE: slándáil an Aontais; athléimneacht stáit agus shochaíoch in Oirthear agus Deisceart an AE; cur chuige comhtháite a fhorbairt i leith coimhlintí; orduithe réigiúnacha comhoibritheacha; agus rialachas domhanda don 21ú haois. Chuir an HRVP Mogherini an tríú tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn ar Straitéis Dhomhanda an AE, dar teideal '*Straitéis Dhomhanda an AE: Trí Bliana ar Aghaidh, Ag Féachaint chun Cinn (The EU Global Strategy: Three Years On, Looking Forward')* faoi bhráid na Comhairle Eorpaí i Meitheamh 2019. Tugadh liosta sa tuarascáil ar dhul chun cinn ar roinnt príomhéachtaí agus iarradh inti ar ghníomh feabhsaithe AE i dtaobh Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an AE.

I gCinneadh na Comhairle lena mbunaítear Buanchomhar Struchtúrtha (BCS), comhaontaíodh ar dhá chéim thosaigh i ndiaidh a chéile; 2018-2020 agus 2021-2025, faoi seach. Mar gheall gurbh é 2020 deireadh na chéad chéime tosaigh, cuireadh tús le hathbhreithniú straitéiseach ag Cruinniú na Comhairle Gnóthaí Eachtracha i Samhain 2019, agus lean sé ar aghaidh i rith 2020, go neamhfhoirmiúil san áireamh trí roinnt ceardlann a chuir an GEC ar siúl agus go foirmiúil trí struchtúir agus grúpaí oibre na comhairle. Chuir an tAthbhreithniú Straitéiseach deis ar fáil do Bhallstáit rannpháirteacha measúnú a dhéanamh ar an méid a baineadh amach agus breithniú a dhéanamh ar *'na gealltanais níos ceangailtí a nuashonrú, agus a fheabhsú, más gá, i gcomhthéacs éachtaí a rinne an BCS chun timpeallacht slándála an Aontais, atá ag teacht chun cinn, a thabhairt san áireamh'*. Sainaithnítear san Athbhreithniú Straitéiseach na 26 tionscadal de chuid an BCS a bhfuil súil leis a bhainfidh torthaí daingne amach nó a bhainfidh acmhainn iomlán oibríochtúil amach roimh dheireadh 2025. Leagtar béim ann freisin ar an ngá atá leis na gealltanais níos ceangailtí a shásamh agus aschur daingean agus bunspriocanna inghnóthaithe a bhaint amach faoin mbliain 2025. Chuir Airí a ndearcthaí in iúl faoin athbhreithniú straitéiseach ar an BCS ag Comhairle na nGnóthaí Eachtracha leis na hAiríCosanta an 20 Samhain, agus cheadaigh an Chomhairle na conclúidí. Chuir an ceadú seo deireadh le próiseas foirmiúil Athbhreithniú Straitéiseach an BCS 2020.

I Samhain 2020, bhunaigh an Chomhairle na coinníollacha ginearálta faoina bhféadfaí cuireadh eisceachtúil a thabhairt do thíortha neamh-AE páirt a ghlacadh i dtionscadail aonair an BCS, agus go ndéanfadh sin an bealach a réiteach do chomhar cosanta níos láidre agus níos uaillmhianaí le comhpháirtithe tríú tír laistigh de chreat an AE.

Mar rannpháirtí sa BCS, tá ar Éirinn páirt a ghlacadh i dtionscadal BCS amháin, ar a laghad. Cuimsítear sna 47 Tionscadal BCS atá á bhforbairt limistéir cosúil le hoiliúint, talamh, cúrsaí muirí, an t-aer, cibearchúrsaí, agus comhchumasú. Ba Rannpháirtí í Éire go fóill in 2020 i dtionscadal BCS amháin ('Uasghrádú ar Fhaireachas Muirí' faoi stiúir na Gréige) agus tá stádas Breathnóra bainte amach aici freisin i measc naoi dtionscadal BCS eile.

Foilsíodh togra na Saoráide Síochána Eorpaí (an SSE), le tacaíocht ón gCoimisiún, trí Mogherini Ard Ionadaíoch an 13 Meitheamh 2018. Is í aidhm an SSE ciste aonair seachbhuiséid a sholáthar don AE don tréimhse ó 2021 go 2027, a chuirfear ar bun i gcomhthráth leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (an CAIB) eile, chun gach gníomh de chuid Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) a mhaoiniú a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu. Déanfaidh an tSaoráid ionstraimí reatha a chuíchóiriú agus cuirfidh sí lena scóip. Thiocfadh sé in ionad shásra Athena (chun misin Chomhbheartas Slándála agus Cosanta [CBSC] míleata an AE a mhaoiniú) agus na Saoráide Síochána Afracaí (an SSA, agus dhéanfadh sé oibríochtaí forbartha acmhainní agus tacaíochta síochána a mhaoiniú san Afraic. I ndiaidh gur comhaontaíodh ar bhuiséad €5.7 billiún mar chuid d'idirbheartaíocht an CAIB in Iúil 2020, thit an scrúdú ar dhréacht-Chinneadh na Comhairle, agus an idirbheartaíocht ar a ábhar, amach trí ghrúpaí oibre éagsúla sa Bhruiséil agus le comhghleacaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha a fhad le deireadh 2020, agus baineadh comhaontú amach ar deireadh an 18 Nollaig. Bhí Éire sásta gur bhaineamar amach ár gcroíchuspóirí i rith na hidirbheartaíochta, lenar áiríodh an rogha go staonfadh Ballstát ó chinneadh, agus ar an gcaoi sin, nach gcuirfeadh sé leis an soláthar trealaimh mharfaigh a chistiú faoi bhearta cúnaimh a bheartaítear. Rinne oifigigh idirchaidreamh dlúth san idirbheartaíocht dhian, ar leibhéal an AE agus déthaobhach araon, lena chinntiú gur cuireadh leasanna agus beartas Rialtais na hÉireann san áireamh sa toradh go cuí.

Córas dhá bhliain é an tAthbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar Chosaint (an ABCC) agus tá mar aidhm aige trédhearcacht níos fearr a chruthú trí eolas Ballstát faoi bheartas cosanta, forbairt acmhainní, buiséid agus infheistíocht amach anseo a roinnt. Cuireadh tús le próiseas tosaigh an ABCC in 2017 agus ghlac Éire páirt iomlán ann i ngach céim.

Cuireadh tús le chéad timthriall iomlán an ABCC agus thit plé déthaobhach amach ar an ACBC idir Ballstáit agus an GEC ó Mheán Fómhair 2019 go Márta 2020 agus sholáthair sé athbhreithniú cuimsitheach ar staid thírdhreach acmhainn chosanta na hEorpa. Críochnaíodh Anailís Chomhiomlánaithe an ABCC, ina gcuimsítear na sonraí faoi na Ballstáit uile, i Meitheamh 2020 agus ghlac na hAirí le Tuarascáil an ABCC i Samhain 2020. Tacóidh Tuarascáil an ABCC agus a torthaí le Ballstáit suíomh níos fearr a bhaint amach agus níos mó eolais a fháil lena chumasú comhordú níos mó a dhéanamh lena bpleanáil agus a gcaiteachas ar chosaint agus páirt a ghlacadh i dtionscadail chomhoibritheacha, feabhas a chur ar chomhsheasmhacht i gcaiteachas Ballstát ar chosaint agus ar chomhtháthú thírdhreach acmhainne na hEorpa trí chéile.

Tá an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (an RBTC) ar cheann den dá réamhchlár cistithe leis an gCiste Eorpach Cosanta. Sholáthair an RBTC deontais do thionscadail taighde cosanta chomhoibritheacha, a raibh buiséad €90 milliún aige don tréimhse 2017-2019. Bunaíodh an dara ciste, an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (an CEFTC) in 2018 agus tá buiséad €500 milliún aige chun comhfhorbairt táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a chómhaoiniú. Ar bhunús an dá chláir seo, ghlac an Chomhairle lena seasamh maidir leis an gCiste Eorpach Cosanta, a bheartaigh an Coimisiún Eorpach i gcomhthéacs an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (an CAIB) don tréimhse 2021-2027, chun "iomaíochas, éifeachtúlacht agus acmhainn nuálaíochta thionscal cosanta na hEorpa a chothú". Mar chuid den idirbheartaíocht ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, comhaontaíodh ar bhuiséad deiridh arb ionann a luach reatha agus beagán faoi bhun €8 billiún, in Iúil 2020. Déanfar é a roinnt idir buiséad taighde €2.651 billiún, agus acmhainne €5.302 billiún.

D'fhreastail an fhoireann ón Roinn Cosanta agus ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta atá bunaithe sa Bhruiséil, ar chruinnithe agus idirbheartaíocht ar na gairmeacha ar thograí a rinneadh faoin CEFTC, agus ar idirbheartaíocht agus ar chlár oibre an Chiste Eorpaigh Cosanta (an CEC). Leanfaidh an Roinn Cosanta ag oibriú go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta lena chinntiú gur féidir le hinstitiúidí fiontraíochta agus taighde na hÉireann na deiseanna a thapú a chruthaíonn an CEC.



Ba thionscnamh nua an Compás Straitéiseach ('Strategic Compass') a beartaíodh in 2019, agus rinne sé dul chun cinn i rith 2020, agus tá mar aidhm aige claonadh beartais agus spriocanna agus cuspóirí ar leith i limistéir ar nós bainistíocht géarchéime, athléimneachta, forbairt acmhainne agus comhpháirtíochtaí a shainiú. Déanfar mionléiriú breise ar "an Compás Straitéiseach" a fhorbairt faoi uachtaránachtaí Chomhairle AE na Portaingéile agus na Slóivéine agus glacfar leis i rith 2022, faoi Uachtaránacht na Fraince. Pléadh an t-ábhar i gcaitheamh na bliana ar leibhéil éagsúla trí ghrúpaí oibre agus ceardlanna agus ag cruinniú Neamhfhoirmiúil Airí Cosanta an AE i Lúnasa agus Samhain 2020. I ndiaidh ionchur Óglaigh na hÉireann sa chéad chéim, an Anailís ar Bhagairt, leanfaidh an Eagraíocht Chosanta le hionchur a sholáthar isteach sa dara céim, an Plé Straitéiseach i rith 2021. Tá súil leis go gcuirfidh an rannpháirtíocht seo claonadh agus soiléireacht níos fearr ar fáil maidir le conas a thagann na tionscnaimh cosúil leis an ABCC, an BCS agus an CEC chun cinn agus conas a imríonn siad an tionchar inmhianaithe chun cabhrú leis na cuspóirí cearta agus na spriocanna daingne a shainiú do Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an AE.

Seoladh in 2018 é agus tá mar chuspóir ag an bPlean Gníomhaíochta Soghluaisteachta Míleata gluaiseachtaí míleata a éascú laistigh den AE agus níos faide i gcéin. Chuir an Chomchomhairle Gnóthaí Eachtracha fáilte ina gConclúidí Comhairle leis na hAirí Cosanta an 17 Meitheamh 2019 roimh an gcéad tuarascáil ar dhul chun cinn ar an bPlean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm. Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta go léireofar meas iomlán ar cheannas Bhallstáit an AE ar a gcríoch náisiúnta agus ar a bpróisis chinnteoireachta náisiúnta maidir le gluaiseachtaí míleata. I nDeireadh Fómhair 2020, chuir an Coimisiún agus Ard-Ionadaí an AE um Beartas Gnóthaí Eachtracha agus Slándála an Dara Comhthuarascáil ar a chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Soghluaisteachta Míleata i láthair. Aithnítear sa Chomhthuarascáil tiomantas leanúnach Chinn Stáit an AE agus an Rialtais d'infheistiú i mbonneagar iompair chun é a oiriúnú do na riachtanais mhíleata i gcásanna inar féidir leis seo dul chun sochair gluaiseachtaí sibhialtacha freisin. Léirítear sa tuarascáil freisin an nuashonrú ar na riachtanais mhíleata agus an anailís nuashonraithe ar bhearnaí idir riachtanais shibhialtacha agus mhíleata, chomh maith le dul chun

cinn suntasach a rinneadh maidir le saincheisteanna rialála, cosúil le glacadh le Foirm 302 AE chun próisis chustam a chuíchóiriú agus a shimpliú. Tacaítear le Soghluaisteacht Mhíleata mar thionscadal tríd an BCS ina bhfuil Éire ina breathnóir.

Lean an Roinn Cosanta le páirt iomlán a ghlacadh sna próisis chomhfhreagracha i measc na dtionscnamh cosanta agus slándála uile seo ar leibhéal an AE, agus rinne sí idirbheartaíocht ar leasanna na hÉireann agus iad a chur chun cinn i gcomhréir leis na beartais a leagtar amach sa Pháipéar Bán, ina gcuimsítear comhairle a d'iarr Óglaigh na hÉireann agus i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha eile.

## An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (an GEC)

Ós rud é go bhfuil Éire páirteach sa GEC, tugtar deis dúinn coinneáil ar chomhchéim le dea-chleachtas maidir leis an teicneolaíocht nua-aimseartha agus le forbairt cumais a bheidh ina chabhair ag na Fórsaí Cosanta ina ról mar choimeádaithe síochána. Cuireann sí fáil ar thaighde agus ar fhaisnéis a bhaineann le cumas gairmiúil a fhorbairt agus a chóiméad nach bhfuilimid in ann a athghiniúint muid féin chun bainistiú a dhéanamh ar ghéarchéim agus ar mhaithe le hOibríochtaí Tacaíochta Síochána idirnáisiúnta. Cabhraíonn sé linn freisin bheith ar an eolas faoi dhea-chleachtas agus faoi fhorbairtí nua sa timpeallacht chosanta, go háirithe de bharr go mbíonn tionchar aige ar oibríochtaí bainistíochta géarchéime ilnáisiúnta.

In 2020, lean Éire ag glacadh páirte i roinnt cruinnithe agus foirne tionscadail leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (an GEC). Cé nach bhféadfaí go leor cruinnithe a chur ar bun i bhformáid fhisiciúil, leanadh le hobair an GEC. Tá Éire ag tabhairt faoi thionscadail a dhíríonn ar limistéir cosúil le faireachas muirí, oiliúint ar chuardach míleata, frith-theicnící oiliúna seiftithe, cumarsáid satailíte agus fuinneamh.

## Comhar an AE-ECAT

Leanadh le hobair a dhéanamh i rith 2020 ar Chomhshraith Tograí chun an Dearbhú Comhpháirteach um Chomhar an AE-ECAT a chur i bhfeidhm a rinne Uachtaráin na Comhairlí Eorpaí agus Choimisiúin Eorpaigh, anuas ar Ard-Rúnaí ECAT in Iúil 2016. Díríonn na tograí seo ar chomhar sna príomhlimistéir seo a leanas: cur in aghaidh bagairtí hibride, comhar oibríochtúil, saincheisteanna muirí ina measc, cibearshlándáil agus cosaint, acmhainn chosanta, an tionscal cosanta agus taighde ar chosaint, cleachtaí agus acmhainní cosanta agus slándála a fhorbairt. I Meitheamh 2020, d'fhoilsigh an AE agus ECAT an cúigiú tuarascáil ar dhul chun cinn ar chomhshraith tograí an AE-ECAT a chur i bhfeidhm - 74 gníomh ar an iomlán - a cheadaigh Comhairle an AE agus ECAT an 6 Nollaig 2016 agus an 5 Nollaig 2017. Tugtar chun solais sa tuarascáil an dul chun cinn suntasach a rinneadh i limistéir cosúil le: plé polaitiúil, soghluaisteacht mhíleata, bagairtí hibrideacha a chomhrac, comhoibriú oibríochtúil, ar shaincheisteanna muirí, cibearshlándáil agus cosaint, agus acmhainní cosanta san áireamh.

## Comhpháirtíocht na Síochána (CS)

Tugtar faon gcaidreamh idir Éirinn agus EACT trí mheicníocht Phróiseas Pleanála agus Athbhreithnithe (PPAA) CS. Tá an bhaint a bhíonn ag Éirinn sa PPAA dírithe ar bharr feabhais a chur ar idir-inoibritheacht Óglaigh na hÉireann in oibríochtaí ilnáisiúnta agus i dtaobh cur le acmhainní míleata a fhorbairt i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta. Lean Éire le dul chun cinn a dhéanamh chun riachtanais a Spriocanna Comhpháirtíochta a bhaint amach. Chuir Éire tús leis an bpróiseas in 2020 le hathbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna reatha PPAA i gcomhthéacs timthriall nua PPAA ar cuireadh tús leis in 2021.

Ar aon dul leis an bPáipéar Bán ar Chosaint, lean Éire le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an nGrúpa Abhcóideachta um Idir-Inoibritheacht Comhpháirtíochta (an GAIC) agus lean sí ag glacadh páirte sa Choincheap Cumais Oibríochtúil (CCO) (an Colún Meastóireachta agus Aiseolais) i rith 2020. Tugann an GAIC deis ar leith chun idir-inoibritheacht a uasmhéadú agus comhar agus idirphlé le baill eile an ghrúpa a chothú, a fhorbairt agus a fheabhsú. Is é an phríomhthairbhe a bhaineann le páirt a ghlacadh in CCO ná go ndéantar tagarmharcáil ar thraenáil Óglaigh na hÉireann de réir caighdeán idirnáisiúnta, trí bhailíochtú inmheánach agus seachtrach araon agus cuireann sé athdhearbhú ar fáil go bhfuil na caighdeáin idir-inoibritheacha is airde á mbaint amach. Próiseas leanúnach é inar féidir aonaid nó gnéithe éagsúla Óglaigh na hÉireann a ainmniú le haghaidh meastóireachta. D'éirigh le hÉirinn an chéad Mheastóireacht agus Measúnú Aiseolais CCO ar an 1ú Scuadrún Macra Armúrtha a chríochnú in 2018. In 2020, thug aonad ó Sciathán Fiannóglaigh an Airm agus long na Seirbhíse Cabhlaigh faoi phróiseas féinmheasúnaithe CCO chun ullmhú do mheastóireacht eile ar leibhéal idirnáisiúnta a dhéanfadh ECAT in 2021.

## Meabhrán Tuisceana Leis an RA

Titeann comhoibriú ar limistéir áirithe chosanta amach faoi Mheabhrán Tuisceana (MT) 2015 an RA-na hÉireann. Socrú saorálach neamhcheangailteach é an MT seo a chuir bonn ní b'fhoirmiúla agus ní ba thrédhearcaí faoi shocruithe comhair a bhí ann cheana féin sa limistéar Cosanta idir Éirinn agus an RA. Comhaontaíodh in Aibreán 2019 ar MT breise idir Éirinn agus an RA a bhain le faisnéis rúnaicmithe cosanta a chosaint, faoi shainchúram MT uileghabhálach. Lean obair ar aghaidh i rith 2020, cé gur imir COVID-19 tionchar air, ar na gníomhartha éagsúla dá bhforáiltear i bPlean Gníomhaíochta an Mheabhráin Tuisceana (MT) idir Éirinn agus an RA maidir le feabhsú na rannpháirtíochta déthaobhaí i ngnéithe áirithe de chomhoibriú sa chosaint agus sa tslándáil. Léirítear meas iomlán sa MT, agus sa Phlean Gníomhaíochta gaolmhar, ar sheasamh beartais éagsúil agus socruithe slándála an dá stáit.

## Brexit

Lean an Eagraíocht Chosanta i rith 2020 de bheith go hiomlán gafa chun dul i ngleic leis na dúshláin fhéideartha a eascraíonn as Brexit. Rinne an t-oifigeach sinsearach ar a bhfuil freagracht as ceisteanna a bhaineann le Brexit, ionadaíocht thar ceann na Roinne sa Ghrúpa Idir-Rannach d'Oifigigh Shinsearacha, sa Ghrúpa AE agus sna Grúpaí Brexit a ndéanann Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha cathaoirleacht orthu agus tá siad ag oibriú ar aithint na saincheisteanna lárnacha straitéiseacha, oibríochtúla agus beartais a bhaineann a thagann chun solais de bharr Brexit. D'fhreastail oifigigh na Roinne freisin ar Ghrúpa Comhordaitheoirí Brexit agus ar Ghrúpaí Earnála ábhartha, a ndéanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha cathaoirleacht orthu. Lean Óglaigh na hÉireann i rith 2020 e bheith páirteach freisin i bpleanáil stuama le haghaidh raon leathan de theagmhasacht agus rinneadh idirchaidreamh dlúth agus rialta idir an Garda Síochána agus bainistíocht Óglaigh na hÉireann maidir le ceisteanna slándála.

## An Institiúid um Thacaíocht Síochána agus Oiliúint Ceannaireachta

Tá sa Pháipéar Bán ar Chosaint gealltanas chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt fhéideartha Institiúide nua um Thacaíocht Síochána agus Oiliúint Ceannaireachta in Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, Campa an Churraigh. Thug Grúpa sainchomhairleoirí CIRCA faoi staidéar indéantachta foirmiúil agus deimhníodh i dtuarascáil eatramhach gur ghá breithniú breise a dhéanamh ar an togra.

Tá scrúdú á dhéanamh ag an dara céim den staidéar ar an togra agus tagairt ar leith á dhéanamh do naisc fhéideartha acadúla, soláthar foirne, rialachas, cistiú, bonneagar, agus rioscaí agus srianta. Tá súil leis go gcríochnófar an tuarascáil deiridh sa chéad ráithe in 2021, a chuirfidh eolas ar fáil do na chéad chéimeanna eile faoina dtabharfar sa tionscadal.

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

Comhoibriú ar bheartas trasghearrthach a fheabhsú

Tá gnéithe tábhachtacha idir-rannacha ag baint le hobair na hEagraíochta Cosanta, agus is minic a bhíonn baint amach spriocanna ag brath go mór ar ionchur agus ar chomhoibriú le ranna agus le gníomhaireachtaí eile. Chomh maith leis sin, is féidir go mbíonn a gcuid rathúlachta ag brath ar ionchur agus ar chomhoibriú na hEagraíochta Cosanta. I rith 2020, rinneadh ionadaíocht thar ceann oifigigh na Roinne agus phearsanra Óglaigh na hÉireann, ar raon leathan de ghrúpaí idir-rannacha agus de choistí – féach Cuid 4.9 le haghaidh liosta iomlán.

D'fhorbair an Eagraíocht Chosanta an úsáid a bhaintear as Meabhráin Tuisceana (MTanna) agus Comhaontuithe Seirbhíse (CSanna) ina gcuimsítear seirbhísí a sholáthraítear do réimse ranna agus gníomhaireachtaí eile. Ag deireadh 2020, bhí 51 MT agus CS i bhfeidhm ag an Eagraíocht Chosanta le Ranna Rialtais agus Eagraíochtaí eile chun tacú le spriocanna ardleibhéil na hEagraíochta Cosanta. Ar aon dul leis an gcur chuige uile-Rialtais i leith ullmhachta do Brexit, cuireadh dhá CS i bhfeidhm le leanúnachas seirbhíse a chinntiú in dhá phríomhlimistéar inar ghá tionchar féideartha Brexit a laghdú. Seo a leanas na comhaontuithe seo: an CS leis an Roinn Sláinte/FSS chun seirbhís éigeandála teagmhais a sholáthar do FSS ag an Aerchór maidir le radachógais agus cógais ar imríodh drochthionchar orthu i ndiaidh Brexit a iompar san aer, agus CS le Coimisinéirí Soilse na hÉireann chun seirbhís éigeandála teagmhais a sholáthar ag an Aerchór do Choimisinéirí Soilse na hÉireann i ndiaidh Brexit. Tá liosta de na MTanna agus na CSanna go léir ar fáil i Mír 4.10.

Cuirtear in iúl sa Pháipéar Bán ar Chosaint an tábhacht a bhaineann le cur chuige uile-rialtais maidir le slándáil an Stáit. Lean an Eagraíocht Chosanta i rith 2020 ag comhoibriú le raon leathan ranna agus gníomhaireachtaí a bhfuil freagrachtaí slándála orthu. Tugtar cuntas ar fhorbairtí maidir le roinnt den chaidreamh trasghearrthach seo i rith 2020 thíos.

## Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála

Lean Tascfhórsa an Rialtais (TFR) ar Phleanáil Éigeandála le treoir straitéiseach a sholáthar agus le comhordú a dhéanamh ar phleanáil éigeandála ar leibhéal náisiúnta le linn 2020. Cuimsítear sa TFR Airí agus oifigigh shinsearacha ó gach roinn rialtais agus príomhchomhlachtaí poiblí. Mar gheall ar thionchair víreas COVID-19, chas an TFR le chéile ceithre huaire in 2020. Chasfadh sé ar a chéile, de ghnáth, ar a laghad sé huaire sa bhliain. Tacaíonn an Oifig Pleanála Éigeandála (an OPÉ), ar comhbhrainse sibhialta-míleata den Roinn í, leis an Aire Cosanta ina ról mar Chathaoirleach Thascfhórsa an Rialtais. Tá an tIonad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí (an INCÉ), atá lonnaithe in Áras na Talmhaíochta i mBaile Átha Cliath, á bhainistiú ag an OPÉ agus tacaíonn sé leis na Príomh-Ranna Rialtais atá freagrach as teagmhais éigeandála ar leibhéal Náisiúnta a bhainistiú. Chuir an INCÉ cruinnithe uile TFR ar siúl i rith 2020, ar cuireadh trí cinn díobh ar bun go fíorúil trí úsáid a bhaint as áiseanna físchomhdhála san INCÉ. Rinne na hacmhainní cumarsáide fíorúla seo tionól cruinnithe ardleibhéil eile a bhain leis an Rialtas a éascú fad a bhí srianta COVID-19 i bhfeidhm.



## Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach: Struchtúir agus Creat Náisiúnta

Mar gheall ar thionchar COVID-19 agus gur thug an Rialtas tús áite d'iarrachtaí, b'éigean clár oibre TFR ar comhaontaíodh air a chiorrú in 2020 agus bhí tús áite athuair le tabhairt dó chun nach gcuirfeadh sé brúnna neamhriachtanacha nó breise ar ualaí oibre Ranna agus Gníomhaireachtaí i rith na tréimhse ar leith seo de ghéarchéim Náisiúnta.

In ainneoin na srianta seo, lean Foghrúpaí ar Riosca, Athléimneacht Phríomhbhonneagair, Athléimneacht Gheimhridh agus Cumarsáid Éigeandála TFR ag oibriú ar phríomhlimistéir ar leag TFR cúram orthu astu. Áiríodh leis an obair seo ar an Measúnú Riosca Náisiúnta 2020, atá le críochnú go luath in 2021, athbhreithniú leanúnach ar Athléimneacht Phríomhbhonneagair, Feachtais Eolais an Rialtais 'Bí Réidh don Samhradh' agus 'Bí Réidh don Gheimhreadh', seimineár fíorga a chur ar siúl ar na meáin shóisialta a úsáid i rith éigeandálaí agus treoirlínte breise Bainistíochta Éigeandála Straitéiseach maidir leis hOiriúnú d'Athrú Aeráide.

Bhí limistéir eile oibre le cur ar feitheamh, go háirithe obair an Fhoghrúpa um Fhorbairt Acmhainne TFR, lenar áiríodh Tionscadal Uasghrádaithe an INCÉ. Rinneadh cinneadh uasghrádú fisiciúil an INCÉ a chur siar agus díríodh acmhainní, ina ionad sin, ar bharr feabhais a chur ar fheabhas a chur ar na hacmhainní cruinnithe fhíorúil laistigh den láthair agus ar a chinntiú go bhfuil an spás fisiciúil chomh sábháilte agus solúbtha agus is féidir, agus aird ar thionchair shrianta COVID-19 agus ar riachtanais scartha shóisialta i dtaobh cruinnithe bunriachtanacha. Déanfar athbhreithniú ar chlár oibre TFR go luath in 2021 agus rinneadh tionscadail a athsceidealú i gcomhthéacs thionchair leanúnacha COVID-19.

## An Grúpa Náisiúnta Éigeandála Náisiúnta

Níor tionóladh aon chruinnithe an Ghrúpa Comhordaithe Éigeandála Náisiúnta (an GCÉN) in 2020. Rinne Roinn an Taoisigh agus an Roinn Sláinte an fhreagairt do COVID-19 a chomhordú. D'aithin an dá roinn an ról tábhachtach a ghlacann Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach – Struchtúir agus Creat Náisiúnta, ina luaitear go bhféadfadh paindéim teacht aníos agus go dteastódh comhordú ar leibhéal Náisiúnta a dhéanamh air. Mar gheall ar thromchúise an tionchair ar an mbeatha gheilleagrach a chruthaíonn COVID-19, tugadh struchtúir oiriúnaithe isteach chun na freagairtí seo a bhainistiú. Ina measc seo, bhí Coiste Comh-Aireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar an bhfreagairt tras-Rialtais, Grúpa Oifigeach Sinsearach agus Cumarsáide a bhunú, anuas ar an tacaíocht a thug an Fhoireann Éigeandála Sláinte Poiblí Náisiúnta (an FÉSPN) agus FSS.

## An Feachtas 'Bí Réidh don Samhradh'

Sheol an tAire Coveney an feachtas eolais tionscnaimh "Bí Réidh don Samhradh" an 16 Iúil 2020. Bhí seo ina thoradh ar obair thábhachtach a rinne na rannchuiditheoirí go léir i rith na bliana roimhe sin. Tá an t-eolas sábháilteachta poiblí ar an láithreán gréasáin **www.gov.ie/summerready** anois. Tugadh faoin bhfeachtas sna meáin shóisialta go príomha ar chuntas Twitter (@emergencyIE) an OPÉ agus thacaigh Ranna agus Gníomhaireachtaí eile leis freisin. I ndiaidh aiseolas dearfach a fháil óna thabhairt isteach, déanfar forbairt bhreise ar an bhfeachtas eolais seo le tacaíocht leanúnach ó Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais agus tá ullmhúcháin á gcur i bhfeidhm d'fheachtas i samhradh 2021.

## An Feachtas 'Bí Réidh Don Gheimhreadh'

Sheol an tAire Coveney agus an tAire Stáit Naughton an feachtas bliantúil "Bí Réidh don Gheimhreadh" 2020/2021 an 4 Samhain 2020 le tacaíocht ó Phríomh-Réamhaisnéiseoir Met Éireann, an tUasal Evelyn Cusack. Tá eolas breise ar an bhfeachtas ar fáil ar an láithreán gréasáin **www.winterready.ie**. Anuas ar an mbealach traidisiúnta meán bliantúil (fógraí raidió ar stáisiúin raidió Náisiúnta agus áitiúla agus alt i nuachtán náisiúnta), chuir feachtas meán sóisialta leis freisin in 2020. Ba é seo an chéad uair a d'úsáid an OPÉ an modh seo chun an feachtas a chur in iúl don phobal agus tugann anailís le fios gur bhain sé 600,000 tuairim amach ar Twitter. Mar gheall ar COVID-19, níorbh fhéidir leis an OPÉ an feachtas a chur chun cinn go díreach i measc an phobail ag imeachtaí cosúil leis an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, ar fhreastail na sluaite air i mblianta roimhe seo.

## Cibearshlándáil

I rith 2020, rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maoirseacht ar Straitéis Cibearshlándála Náisiúnta na hÉireann a thabhairt isteach, a foilsíodh i mí na Nollag 2019. Glacann oifigigh ón Roinn Cosanta páirt ghníomhach sa Choiste Idir-Rannach agus maoirseacht á déanamh acu ar chur i bhfeidhm na Straitéise seo. Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Measúnaithe Cibear-Riosca Príomhbhonneagair Náisiúnta in 2020 agus áirítear lena bhallraíocht ionadaíocht ó Óglaigh na hÉireann agus an Roinn Cosanta. Anuas air sin, tugadh ball d'Óglaigh na hÉireann ar iasacht do 'an tIonad Barr Feabhais um Chibearchosaint' i dTaillinn, an Eastóin in 2020. Díol suntais é freisin go bhfuil Meabhrán Tuisceana agus Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm ag an Roinn Cosanta agus ag Óglaigh na hÉireann leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun tacaíocht a sholáthar i limistéar na cibearshlándála náisiúnta. Is é an aidhm trí chéile ná feabhas a chur ar chibearshlándáil an Stáit trí shaghsanna éagsúla de chúnamh agus tacaíocht agus a chinntiú freisin go dtugtar tús áite do riachtanais oibríochtúla Óglaigh na hÉireann.






## Searmanais agus Cuimhneacháin

Ghlac Óglaigh na hÉireann páirt in beagnach 20 imeacht tábhachtach searmanais mhíleata agus Stáit in 2020.

Mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, rinneadh an líon freastail ar go leor cuimhneachán a beartaíodh i rith 2020 a laghdú go mór nó cuireadh ar ceal iad. Díríodh ar agus tugadh tús áite ag an tráth seo do shláinte, sábháilteacht agus leas saoránach a chosaint agus a chaomhnú agus, dá bharr, bhí ar na cuimhneacháin siúd cloí le prótacail sláinte poiblí agus scartha shóisialta i gcomhréir le comhairle an Rialtais, sa mhullach ar threoirlínte ar thaisteal neamh-bhunriachtanach agus srianta ar thionóil mhóra.

Ghlac Óglaigh na hÉireann páirt i gcuimhneachán an Stáit ar chothrom 105 bliain i ndiaidh Éirí Amach na Cásca ag Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill Domhnach Cásca; Cuimhneachán Cheannairí 1916 ag Cnoc an Arbhair agus Áras an Uachtaráin; Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir a cuireadh ar siúl i mbliana ag Séadchomhartha Delaney an Ghorta Mhóir, Faiche Stiabhna; agus sa Lá Cuimhneacháin Náisiúnta ag an Ard-Mhúsaem, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath.





Bronnadh onóracha searmanais ar Dhiúc agus ar Bhandiúc Cambridge ag searmanas fleascleagain sa Ghairdín Cuimhneacháin i rith na cuairte oifigiúla a thug siad ar Éirinn i Márta, agus le linn Chuairt Stáit Uachtarán na Gréige ar Éirinn in Eanáir.

Ghlac Óglaigh na hÉireann páirt freisin in dhá shearmanas ag Áras an Uachtaráin inar chuir seisear Ambasadóirí, ar an iomlán, a nDintiúir Oifige i láthair don Uachtarán Ó hUiginn.

Ghlac Óglaigh na hÉireann páirt i searmanas speisialta dar teideal "Cuimhníonn Éire" sa Ghairdín Cuimhneacháin in Aibreán chun comóradh a dhéanamh orthu siúd a cailleadh de bharr COVID-19.

Cuireadh Searmanas Cuimhneacháin Óglaigh na hÉireann ar siúl ag an gCuimhneachán Náisiúnta, Cearnóg Mhuirfean, i mí na Samhna chun cuimhneamh ar an ochtar ball d'Óglaigh na hÉireann a maraíodh le 12 mhí anuas. Mar chuid den searmanas seo, leag an Ceann Foirne fleasc ag an gCuimhneachán Náisiúnta.

Rinneadh comóradh ar Chothrom 60 Bliain i ndiaidh Luíochán Niemba trí fhleasca a leagan ag plaic Niemba i nDún Chathail Bhrugha. I gcaitheamh 2020, thug baill d'Óglaigh na hÉireann, chun tacú le himeachtaí Stáit agus searmanais eile, faoi roinnt dualgais searmanais agus tacaíochta eile fud fad na tíre.




## Cartlanna Míleata

Comhthionscadal é tionscadal an Bhailiúcháin Phinsean Seirbhíse Míleata (an BPSM) (1916-1923) idir an Roinn Cosanta agus na Fórsaí Cosanta a chuireann le Deich mBliana na gCuimhneachán. D'eascair an BPSM as cinneadh a rinne Oireachtais Shaorstát Éireann i Meitheamh 1923 le baill ghortaithe, baintreacha, leanaí agus cleithiúnaithe bhaill na bhFórsaí Cosanta, na bhFórsaí Náisiúnta, Óglaigh na hÉireann, an IRA agus Arm Cathartha na hÉireann san áireamh, a maraíodh a aithint trí liúntais agus aiscí a íoc. Le himeacht ama, cuireadh feabhas ar an soláthar agus fairsingíodh é chun níos mó ball de na Raidhfilí Ibeirneacha (Hibernian Rifles), Cumann na mBan, Fianna Éireann agus roinnt ball de Connaught Rangers a chur san áireamh. Baineann tábhacht le dhá shraith reachtaíochta maidir leis an ábhar sa bhailiúchán:

- Na hAchtanna Arm-Phinsean, ó 1923 go 1953
- Achtanna na bPinsean Seirbhíse Míleata, 1924, 1934 agus 1949.

Tá de shainchúram ag tionscadal an BPSM comhaid agus taifid na Roinne Cosanta a dhéileálann le seirbhís bhaill cháilitheacha na n-eagraíochtaí seo sa tréimhse ó Aibreán 1916 go dtí an 30 Meán Fómhair 1923 a chaomhnú agus a chur ar fáil. Is éard a bhaineann leis seo ná breis agus 275,000 comhad a chatalógú agus a dhigitiú.

Cuirtear scaoileadh ábhar poiblí ón mbailiúchán ar fáil ar líne trí láithreán gréasáin na Cartlainne Míleata **www.militaryarchives.ie.** Go dtí seo, scaoileadh naoi n-ábhar ar líne, agus rinneadh an scaoileadh is déanaí i nDeireadh Fómhair 2020. Ó scaoileadh ábhar an chéad uair, próiseáladh breis agus 100,000 comhad agus rinneadh thart ar 40,000 comhad a scanadh. Rinneadh breis agus 2 milliún leathanach aonair a dhigitiú ó cuireadh tús leis an tionscadal.



## Scéim Tacaíochta Fostaíochta Óglaigh na hÉireann

Ag teacht leis an gClár do Rialtas Comhpháirtíochta agus an Páipéar Bán ar Chosaint, forbraíodh Scéim Tacaíochta Fostaíochta i ndiaidh comhairliúchán mionsonraithe a dhéanamh ina raibh an Roinn Cosanta, Óglaigh na hÉireann, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire bainteach.

Is é cuspóir na Scéime chun cabhrú le bealach a fhorbairt a fhad le neamhspleáchas geilleagrach a bhaint amach do rannpháirtithe, atá idir 18 agus 24 bliain d'aois, atá faoi mhíbhuntáiste mór mar gheall ar a gcás reatha socheacnamaíoch. Tá sé mar aidhm ag an gclár scileanna, eolas, inniúlachtaí agus féinfhorbairt nua a sholáthar do rannpháirtithe a chuireann lena gcumas dul i mbun fostaíochta, taithí oibre nó deiseanna breisoideachais.

Thit sé leagan den Scéim amach go dtí seo. Bhí leagan den chlár le tosú i nGaillimh i Meitheamh 2020, ach ba ghá é seo a chur siar, áfach, mar gheall gur tháinig COVID-19 aníos. Déanfar athbhreithniú ar an gcás i gcomhthéacs forbairtí in 2021.

## Cosaint Shibhialta

Bhí 3,072 oibrí deonach gníomhach ann i gCosaint Shibhialta ag deireadh 2020. Thug na hoibrithe seo faoi 6,084 oibríocht, ar an iomlán, i rith 2020. Bhain go leor de na gníomhaíochtaí seo le COVID-19. Ón 17 Márta go dtí an 31 Nollaig, chríochnaigh Cosaint Shibhialta 5,420 tascáil a bhaineann le COVID-19 a chuir tacaíocht mharthanach ar fáil do phobail ar fud na tíre. I rith na tréimhse seo, chuir pearsanra Cosanta Sibhialta 44,100 uair an chloig d'obair dheonach ar fáil.

Thacaigh flít Feithiclí Cosanta Sibhialta leis na hoibrithe deonacha seo, jípeanna faoi thiomáint ceithre roth, veaineanna, otharcharranna agus mionbhusanna san áireamh.

I measc na dtascanna faoinar thug oibrithe deonacha Cosanta Sibhialta, bhí;

- othair a iompar go hospidéil, tithe altranais agus ionaid tástála,
- cógais agus trealamh leighis a sheachadadh chuig tithe othar,
- samplaí tástála a iompar do FSS,
- cabhrú le daoine leochaileacha trí bhia agus cógais a sheachadadh agus a bpostas a bhailiú,
- TCP a sheachadadh chuig ospidéil agus tithe altranais,
- oibrithe cúraim sláinte a iompar, agus
- TCP a dháileadh don earnáil údaráis áitiúil.

Sholáthair an Rialtas cistiú breise €1 milliún in 2020 do Chosaint Shibhialta trí Chiste na gCuntas Díomhaoin. Úsáideadh é seo chun 32 fheithicil nua faoi thiomáint ceithre roth a cheannach chun feabhas a chur ar acmhainn agus cumas na heagraíochta. Bronnadh €1 milliún breise de chistiú na gCuntas Díomhaoin go déanach in 2020, agus úsáidfear an cistiú seo in 2021 chun an flít a uasghrádú a chinnteoidh gur féidir le Cosaint Shibhialta leanúint lena ról a chomhlíonadh chun tacú leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha, faoi mar a leagtar amach sa Pháipéar Bán ar Chosaint.

Sheol an tAire le freagracht as Cosaint athbhreithniú ar róil agus freagrachtaí Cosanta Sibhialta in 2018. Críochnaíodh an obair seo in 2020 nuair a foilsíodh an cháipéis bheartais nua 'Cosaint Shibhialta-i dTreo 2030' i Meitheamh. Déanann an cháipéis bheartais tiomantas an Rialtais a athdhearbhú d'fhorbairt leanúnach Cosanta Sibhialta.

Leagtar amach sa cháipéis bheartais "Cosaint Shibhialta – i dTreo 2030" na cúig chroísheirbhís Cosanta Sibhialta as seo amach – Freagairt Eigeandála, Cuardach agus Tarrtháil, Freagairt Leighis, Cúnamh Pobail agus Monatóireacht ar Radaíocht.






## Oiliúint Cosanta Sibhialta

Déantar an oiliúint a sholáthraítear trí Choláiste Cosanta Sibhialta a dhearadh agus a fhorbairt chun freastal ar riachtanais na bPríomhghníomhaireachtaí Freagartha, faoi mar a dtugtar cuntas air sa Pháipéar Bán ar Chosaint. Deimhníonn Coláiste Cosanta Sibhialta teagascóirí deonacha, a chuireann oiliúint ar fhreagróirí deonacha in aonaid áitiúla ina dhiaidh sin. I rith an chéad dhá mhí in 2020, chuir aimsir dhona isteach ar oiliúint in 2020 le haghaidh Teagascóirí Bánuisce agus Tuilte agus d'imir COVID-19 tionchar ar Mheasúnuithe Chéadfhreagartha Éigeandála.

Cuireadh stop le formhór na hoiliúna i gcoláistí i rith na chéad sraithe de shrianta an Rialtais i Márta 2020. Lena chinntiú gur lean oibrithe deonacha de bheith gníomhach, chuir Coláiste Cosanta Sibhialta liosta de chúrsaí ar fáil ar láithreán gréasáin Cosanta Sibhialta a bhaineann le ról oibrí deonach Cosanta Sibhialta agus a bhí ar fáil gan stró lena ndéanamh ar líne. Rinne gníomhaireachtaí deimhniúcháin, an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamhospidéil (an CCÉRO) agus Tarrtháil 3 deimhniúchán a shíneadh do cháilíochtaí ar leith. Níor cuireadh síneadh le deimhniúchán Láimhsithe agus Daoine a Láimhsiú. Chuir an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta treoir ar fáil chun oiliúint a sholáthar laistigh de shrianta an rialtais.


Bhí na hacmhainní ag roinnt Údaráis Áitiúla oiliúint áitiúil a sholáthar nuair a cheadaigh treoirlínte an Rialtais maidir le COVID-19 oiliúint atosú. Thacaigh Coláiste Cosanta Sibhialta leis an oiliúint áitiúil seo trí uimhreacha cúrsa, cáipéisíocht oiliúna agus deimhniúchán, i ndeireadh na dála, a eisiúint. Rinne Teagascóirí Coláiste taighde ar sholáthar oiliúna agus ar roghanna measúnaithe don chianfhoghlaim agus do chianmheasúnú i rith shrianta COVID-19. Cheadaigh cuir chuige nua mheasúnaithe a fhorbairt Coláiste Cosanta Sibhialta breis agus 70 freagróir a dheimhniú agus breis agus 250 teagascóir a athdheimhniú i rith 2020. Anuas air sin, bhí de phribhléid ag agus bhí an t-údarás ag 342 Teicneoir Éigeandála Leighis (TÉLanna), Paraimhíochaineoir agus Ard-Pharaimhíochaineoir, a chuireann cúram réamhospidéil ar fáil, cleachtadh do Chosaint Shibhialta.



Cuireadh tús in 2020 leis an bpróiseas chun ceadúnais phaisinéara a sholáthar d'Árthaí Uisce Cosanta Sibhialta ar aon dul le moltaí na hOifige Suirbhéireachta Muirí de chuid na Roinne iompair. D'imir srianta COVID-19 tionchar trom ar an gcúrsa marthanais sa Choláiste Muirí Náisiúnta, atá faoi shainordú Threoirlínte Oibriúcháin Chaighdeánaigh Bádóireachta Cosanta Sibhialta a eisíodh in 2019.

I rith 2020, fuair an Roinn Cosanta dhá dhrón a cuireadh in ionad dróin ní ba shine a bhí á n-úsáid agus leithdháileadh iad seo ar Ros Comáin agus Loch Garman. I ndiaidh an dáilte seo, tá 23 drón ar fáil ag Cosaint Shibhialta lena ndáileadh ar aonaid Chosanta Sibhialta. Rinneadh "Eagraíocht Oiliúna Ainmnithe Aerchórais gan Fhoireann" de Bhrainse de Chosaint Shibhialta, a bhíodh ina shaoráid oiliúna chláraithe de chuid Údarás Eitlíochta na hÉireann, i gcomhlíonadh Rialacháin nua Eorpacha in 2020.

Tugtar cuntas i gCairt 1.1 thíos ar líon na gcúrsaí a cuireadh ar siúl, na líonta daoine ar cuireadh oiliúint orthu agus líon na ndeimhniúchán a eisíodh i rith 2020, agus déantar comparáid ann idir figiúirí 2019 agus 2018.




**Cairt 1.1**
Sonraí faoi chúrsaí Cosanta Sibhialta a soláthraíodh agus deimhnithe a eisíodh 2018 - 2020

* Ní áirítear leis na figiúirí seo deimhnithe a eisíodh roimh an 15 Eanáir 2020 agus ní áirítear leo oiliúint neamhdheimhnithe a cuireadh ar fáil go háitiúil.

## Oiliúint Seoltóireachta Éireann

Le blianta fada, chuir an Stát maoiniú ar fáil, tríd an Roinn Cosanta, do shoitheach oiliúna seoltóireachta náisiúnta an Asgard II. Mar sin féin, tar éis an Asgard II. Cuireadh deireadh leis an scéim seo i ndiaidh gur cailleadh an Asgard in 2008. Bunaíodh Oiliúint Seoltóireachta Éireann sa bhliain 2011 ag roinnt de na daoine a raibh baint acu leis an Asgard II roimhe seo. Tugann Oiliúint Seoltóireachta na hÉireann daoine óga, ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste den chuid is mó, ar thurais chun forbairt óige a dhéanamh chomh maith le daoine óga a mhúineadh conas seoltóireacht a dhéanamh. Chomhaontaigh an Rialtas €85,000 a sholáthar d'Oiliúint Seoltóireachta Éireann (Sail Training Ireland) in 2019 agus 2020, a fhad agus a sholáthraíonn an grúpa eispéiris bhreise oiliúna seoltóireachta do dhaoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Cé nár thit aon oiliúint seoltóireachta amach in 2020 mar gheall ar shrianta COVID-19, comhaontaíodh €21,750 (25% den €85,000) a íoc in 2020 chun cabhrú le híoc as na costais riaracháin a leagtar amach sa chomhaontú Soláthair Feidhmíochta idir an Roinn Cosanta agus Oiliúint Seoltóireachta Éireann. Íocfar an t-iarmhéid in 2021, a fhad agus a atosaítear oiliúint seoltóireachta agus go sásaítear an Comhaontú Soláthair Feidhmíochta, inar iontráladh idir an Roinn Cosanta agus Oiliúint Seoltóireachta Éireann in 2019.

Leithdháileadh €50,000 ar Oiliúint Seoltóireachta Éireann freisin ó Chuntais Dhíomhaoine in 2020 atá le tarraingt anuas in 2021 a fhad agus a shásaítear na coinníollacha a leag an Roinn Cosanta síos.



# Mír 2

## An Cumas chun Soláthar a Dhéanamh

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

Inniúlachtaí a fhorbairt agus a chothabháil

### Láidreacht an Bhuanfhórsa Cosanta

Tá an tArm, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh sa Bhuanfhórsa Cosanta (an BFC). Tá 9,500 de phearsanra i mbunaíocht an BFC, a chuimsíonn 7,520 de phearsanra an Airm, 886 de phearsanra an Aerchóir agus 1,094 de phearsanra na Seirbhíse Cabhlaigh.


Amhail an 31 Nollag 2020, b'ionann neart an BFC ó thaobh poist choibhéise lánaimseartha (CLA) agus 8,572 pearsanra, ina raibh 6,923 de phearsanra an Airm, agus 746 de phearsanra an Aerchóir agus 903 de phearsanra na Seirbhíse Cabhlaigh.

### Earcaíocht Leis an mBuanfhórsa Cosanta

Cé gur cuireadh formhór na n-ionduchtúchán earcaithe seirbhíse ginearálta a bhí beartaithe titim amach sa chéad leath den bhliain siar mar thoradh ar COVID-19, lean Óglaigh na hÉireann leis na gnéithe siúd den phróiseas ionduchtúcháin a chur ar bun a bhféadfaí tabhairt fúthu go cianda i gcaitheamh na bliana. Atosaíodh le honduchtúcháin agus oiliúint agus aird ar threoirlínte sláinte poiblí.

Anuas ar earcaíocht don tSeirbhís Ghinearálta, bhí comórtais earcaíochta ar siúl freisin do Dhaltaí, Printísigh an Aerchóir, agus cuireadh ocht gcomórtas iontrála dírí na Seirbhíse Cabhlaigh do róil do Mheicneoirí Seomra Innill, Meicneoirí Cabhlach, Meicneoirí Leictreacha, Teicneoirí Raidió/Radair, Chefanna agus Oifigigh Bhreathnóireachta Droichid, Innealtóirí Muirí agus Innealtóirí Leictreacha. In ainneoin na ndúshlán a chruthaigh COVID-19, rinneadh 538 pearsanra, ar an iomlán, a ionduchtú in 2020, faoi mar a léirítear i gCairt 2.1 thíos.

**Cairt 2.1**
Sonfaí faoi Ionduchtúcháin leis an BFC in 2020




* Áirítear le hionduchtúcháin Daltaí sa chatagóir seo cúigear saighdiúirí a bhí ag fónamh ar bronnadh Printíseacht Dalta orthu.

** Áirítear leis seo Printísigh an Aerchóir, Oifigigh Athchoimisiúnaithe, Pearsanra Athliostáilte, Dochtúirí Leighis Míleata, Oifigigh Iontrála Dírí agus Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (ONCanna) Iontrála Dírí.



## Pearsanra a Choinneáil

D'aithin an Rialtas na dúshláin leanúnacha earcaíochta agus choinneála atá roimh Óglaigh na hÉireann nach gcuirtear roimh arm na hÉireann amháin agus a imríonn tionchar ar fhórsaí eile míleata go hidirnáisiúnta freisin. Is féidir le réimse tosca tionchar a imirt ar chinneadh duine aonair fanacht sna Fórsaí Cosanta. Áirítear leo seo deiseanna dul chun cinn i ngairm bheatha, pá, deiseanna forbartha pearsanta, cothromaíocht oibre is saoil, spreagadh post, timpeallacht oibre agus deiseanna post seachtrach.

## Plean um Chur i bhFeidhm Ardleibhéil: "Óglaigh na hÉireann a Neartú – Céim a Haon"

Déantar soláthar sa Phlean um Chur i bhFeidhm Ardleibhéil (An PCFA), "Óglaigh na hÉireann a Neartú", a forbraíodh in 2019, do mholtaí Thuarascáil an Choimisiúin um Pá na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm go hiomlán chun déileáil le saincheisteanna earcaíochta agus coinneála sa Bhuanfhórsa Cosanta.

Ar aon dul le gníomh Straitéiseach 10 de Ár Seirbhís Phoiblí (ÁSP) 2020[2], glacadh le cur chuige bainistíochta chun gníomhartha riachtanacha a chur chun cinn a leagtar amach sa Phlean Ardleibhéil. Bunaíodh Oifig Bainistíochta Clár sibhialta-míleata (OBC), laistigh den Roinn Cosanta, chun cur i bhfeidhm ghnéithe Cosanta an Phlean a chomhordú, a éascú, tacú leis agus monatóireacht a dhéanamh air. Déanann an OBC tuairisciú seachtainiúil ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm an Phlean le hurraitheoirí ainmnithe an chláir agus tuairisciú míosúil leis an gCoiste Bainistíochta Straitéisí ar dhul chun cinn an chur i bhfeidhm agus leis an nGrúpa Acmhainní Daonna Straitéiseach.

Tá 15 thionscadal aonair sa chlár oibre foriomlán, ar bhain ceithre cinn acu le bearta pá láithrigh, a cuireadh i bhfeidhm go déanach in 2019. Tá trí thionscadal bhreise a bhaineann le pá nasctha leis an bpróiseas leanúnach comhaontaithe pá, ar cuireadh tús leis go déanach in 2020. As na hocht dtionscadal eile, críochnaíodh trí cinn agus tá trí cinn eile nach mór críochnaithe, rinneadh tionscadal amháin (Bacainní ar rannpháirtíocht bhreise sa BFC) a fhoroinnt ina dhá chuid, agus tá an chéad chuid beagnach críochnaithe agus cuireadh tús leis an dara cuid. Tionscadal fadtéarmach é an tionscadal deiridh (Pleanáil an lucht saothair) agus tá sé á chur chun cinn i nGrúpa Acmhainní Daonna Straitéiseacha (GADS) na Roinne. Tá liosta iomlán de gach ceann de na 15 thionscadal a eascraíonn as an bPlean Ardleibhéil i dTábla 2.1.

2 Creat é Ár Seirbhís Phoiblí (ÁSP) 2020 a bhunaíonn an straitéis fhoriomlán d'fhorbairt agus nuálaíocht sa tSeirbhís Phoiblí go dtí 2020 agus ina dhiaidh sin.

**Tábla 2.1**
Tionscadail an Phlean um Chur i bhFeidhm Ardleibhéil

| Uimhir Thions-cadail | Teideal an Tionscadail | Ceannasaí/ Ceannasaithe Tionscadail | Stádas Reatha |
|---|---|---|---|
| **Luach a léiriú ar bhaill an BFC** | | | |
| V1 | Athbhreithniú ar struchtúir phá | An RCPA | Tá an tionscadal seo nasctha leis an idirbheartaíocht níos fairsinge ar Phá na hEarnála Poiblí agus déanfar breithniú air sa chomhthéacs sin. |
| V2 | Liúntas Seirbhíse Míleata (an LSM) a mhéadú | An RCPA | Críochnaithe – Íocaíocht déanta in DF/Sam 2019 |
| V3 | Tosú le liúntais a stopadh faoin Liúntas Cíosa Tí (LCT) a íoc arís | An RCPA | Críochnaithe – Íocaíocht déanta in DF/Sam 2019 |
| V4 | Tosú le rátaí préimhe deireadh seachtaine a íoc arís | An RCPA | Críochnaithe – Íocaíocht déanta in DF/Sam 2019 |
| **Na daoine is fearr sa BFC a choimeád** | | | |
| R1 | Scéim Gealltanais Seirbhíse Píolótaí a chur ar fáil arís | An RCPA | Críochnaithe – Scéim Curtha i bhFeidhm i Samhain 2019 |
| R2 | Socruithe Teicneolaíochta 2-6 | Cosaint | Críochnaíodh 2 Thuarascáil - Deireadh Fómhair 2019 agus Eanáir 2020 – Tá na tuarascálacha tionscadail seo nasctha leis an idirbheartaíocht níos fairsinge ar Phá na hEarnála Poiblí agus déanfar breithniú air sa chomhthéacs sin. |
| R3 | Socruithe fadseirbhíse dreasaithe - céimeanna ONC agus Oifigigh | Cosaint / An RCPA | Seoladh an Dréacht-Tuarascáil ar aghaidh – Tá an tionscadal seo nasctha leis an idirbheartaíocht níos fairsinge ar Phá na hEarnála Poiblí agus déanfar breithniú air sa chomhthéacs sin. |
| R4 | Bacainní ar rannpháirtíocht shínte sa BFC | Cosaint | Céim 1 - Críochnaíodh an tuarascáil faoi réir soiléiriú ón RCPA ar shaincheist phinsin nár réitíodh go fóill.<br>Céim 2 - ar siúl go fóill |
| R5 | Oiliúint bhainistíochta shaincheaptha do cheannairí agus bainisteoirí | Cosaint | Críochnaithe – Iúil 2020 |
| R6 | Straitéis Oideachais Mhíleata Ghairmiúil (OMG) | Cosaint | Tá an Tuarascáil seo beagnach críochnaithe |
| R7 | Straitéis Meabhairshláinte agus Folláine | Cosaint | Críochnaithe agus seolta ag an Aire – Nollaig 2020 |
| R8 | Bearta Coinneála Neamhphá sa BFC | Cosaint | Críochnaithe – Deireadh Fómhair 2020 |
| R9 | Sainphoist bhreise do cheapacháin ardathraithe/ réamhthréimhse fada | Cosaint | Tá an Tuarascáil seo beagnach críochnaithe |
| **Na daoine is fearr a mhealladh go dtí an BFC** | | | |
| A1 | Modhanna earcaíochta leis an mBuanfhórsa Cosanta | Cosaint | Tá an Tuarascáil seo beagnach críochnaithe |
| A2 | Pleanáil an Lucht Saothair | Cosaint | Tionscadal fadtéarmach é seo a chuirfear chun cinn i nGrúpa Acmhainní Daonna Straitéiseacha na Roinne. |

## Meabhairshláinte agus Folláine

Rinneadh dul chun cinn freisin i réimse na meabhairshláinte agus na folláine nuair a foilsíodh an Straitéis Meabhairshláinte agus Folláine d'Óglaigh na hÉireann 2020-2023 in 2020.

Is í aidhm na straitéise córas tacaíochta comhordaithe agus éifeachtach meabhairshláinte agus folláine a sholáthar do phearsanra Óglaigh na hÉireann trí ghlacadh le sraith beart idir 2020 agus 2023. Cuireann sé leis an réimse fairsing seirbhísí agus tacaíochtaí leighis atá i bhfeidhm faoi láthair do bhaill d'Óglaigh na hÉireann.

Bunaíodh Buanchoiste Meabhairshláinte agus Folláine Óglaigh na hÉireann chun peirspictíochtaí gairmiúla meabhairshláinte agus folláine a thabhairt le chéile laistigh d'Óglaigh na hÉireann chun an straitéis a chur i bhfeidhm i gcaitheamh na chéad trí bliana eile amach romhainn. Beartaítear go gcuirfear tacaíocht mheabhairshláinte agus folláine ar fáil ag deireadh 2023 laistigh d'Óglaigh na hÉireann ar bhealach comhordaithe, ildisciplíneach agus stiúrtha atá in ainm is na torthaí is fearr a bhaint amach don eagraíocht agus do phearsanra míleata agus a dteaghlaigh.

## Scéim Gealltanais Seirbhíse Oifigigh Eitilte

D'éirigh le 15 Oifigeach an Aerchóir iarratais rathúla a dhéanamh faoi Scéim Gealltanais Seirbhíse Oifigigh Eitilte an Aerchóir, a tugadh isteach mar thoradh ar thuarascáil ar earcaíocht agus coinneáil in Óglaigh na hÉireann a rinne an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí.

Déanann an Scéim soláthar d'íocaíocht bhliantúil beagán de bhreis ar €22,000 sa bhliain le hOifigigh Eitilte a bhfuil céimeanna Captaein, Ceannfoirt nó Leifteanant-Choirnéil acu. Íoctar 50% den tsuim seo le hiarratasóirí a bhfuil céim Choirnéil bainte amach acu.

Seoladh an Scéim arís eile in 2020 agus ghlac 10 nOifigeach Eitilte an Aerchóir páirt ann, agus b'ionann an líon iomlán Oifigeach a ghlac páirt sa scéim, agus iad seo san áireamh, agus 25. Faoi théarmaí na Scéime, caithfidh iarratasóirí gealltanas a thabhairt go dtabharfaidh siad faoi théarma fostaíochta trí, cúig nó ocht mbliana. Déantar íocaíochtaí as gealltanais seirbhíse trí íocaíochtaí bliantúla céimneacha. Déantar íocaíocht bhónais deiridh leis na píolótaí siúd a gheallann fónamh ar feadh tréimhse iomlán cúig nó ocht mbliana agus i gcúinsí áirithe teoranta eile.

## Scéim Gealltanais Seirbhíse Mara

I ndiaidh comhairliúchán leis na Cumainn Ionadaíochta do bhaill den Bhuanfhórsa Cosanta, tugadh scéim gealltanais seirbhíse mara do phearsanra na Seirbhíse Cabhlaigh isteach in 2020, atá éifeachtach ón 01 Eanáir 2021. Tá an gealltanas dírithe ar phearsanra taithíoch a choimeád agus an pearsanra siúd a dhreasú tabhairt faoi dhualgais mhara. Chun bheith incháilithe don Scéim, caithfidh gur sholáthair pearsanra seirbhís trí bliana agus a bheith ar chéim aicmigh Inniúil nó os a chionn (ar chéimeanna pearsanra liostáilte), nó ar chéim Mheirgire agus os a chionn (ar chéim Oifigigh Choimisiúnaithe) agus caithfidh go bhfuil siad ag fónamh i gceapachán mara. Is éagsúil a bheidh an líon pearsanra a bheidh incháilithe don scéim gealltanais seirbhíse mara ag brath ar shannacháin do dhualgais mhara. Cuireann an Scéim deis ar fáil do rannpháirtithe incháilithe €10,000 a fháil le haghaidh gealltanas seirbhíse mara dhá bhliain. Déantar an íocaíocht seo anuas ar liúntais reatha, liúntas dualgas patróil san áireamh.

## Creidmheas Cánach do Phearsanra Mara an Chabhlaigh

Tugadh creidmheas cánach speisialta isteach san Acht Airgeadais, 2019 chun dualgais mhara a dhreasú. Cuireadh creidmheas cánach €1,270 do phearsanra mara i bhfeidhm i mbliain chánach 2020 do bhaill den tSeirbhís Chabhlaigh a chaith 80 nó ní b'fhaide ag fónamh ar muir ar bord árthach cabhlaigh in 2019. Méadaíodh an creidmheas cánach seo aníos go dtí €1,500 do bhliain chánach 2021.



## Scéimeanna Athbhallraíochta an Bhuanfhórsa Cosanta (an BFC)

### Scéim athliostála

Sheol an tAire atá Freagrach as Cosaint, Paul Kehoe, T.D., scéim in Aibreán 2020 chun iarphearsanra liostáilte an Bhuanfhórsa Cosanta (an BFC) a athliostáil. Díríonn an scéim ar an iarphearsanra siúd den BFC a bhfuil tacair shainscileanna ar leith acu a shainaithin an Ceann Foirne nach bhfuil ar fáil laistigh d'Óglaigh na hÉireann.

Tá athliostáil iarphearsanra a bhfuil na scileanna agus an taithí ábhartha acu ar cheann den iomaí gníomh a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic le ganntanais scileanna sa BFC. Cé gur tionscnamh idir meántéarmach agus fadtéarmach í an scéim, ar forbraíodh í roimh COVID-19, leanfaidh sé ag cabhrú le freagairt an BFC don ghéarchéim agus ina dhiaidh sin. Tugadh an bonn dlíthiúil don Scéim anonn go bhforálfar dó san Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020.

Tá ganntanais phearsanra sa Bhuanfhórsa Cosanta i roinnt sainphost, cosúil le teicneoirí, feisteoirí, chefanna, speisialtóirí cumarsáide agus TF, foireann cabhlaigh, agus saineolaithe eitleonaice. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a fhaide le ceithre bliana a ghlacadh oiliúint a chur ar dhaoine aonair a airde leis an gcaighdeán a theastaíonn chun na poist seo a líonadh.

Cuireann an scéim bealach ar fáil chun iarbhaill liostáilte Óglaigh na hÉireann a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha bainte amach acu a athliostáil chun na poist theicniúla ríthábhachtacha siúd a líonadh. Faoi théarmaí agus coinníollacha na scéime, ar comhaontaíodh orthu leis an gCumann Ionadaíochta do chéimeanna liostáilte (CICEBÓ), ceadaítear faoin scéim athliostáil a dhéanamh i dtosach ar feadh ar a laghad sé mhí agus a fhaide le 3 bliana agus braitheann fad na hathliostála a chuirtear ar tairiscint ar na folúntais atá ann. Is féidir síneadh ar thréimhse na liostála a chur ar fáil don duine aonair atá i gceist, a fhad agus a thug an Ceann Foirne le fios don Aire go bhfuil an t-iarratasóir oiriúnach i dtaobh leanúint ag dul i ngleic le heasnamh in acmhainn nó saineolas míleata sa BFC agus a fhad agus atá folúntas oiriúnach ann sa bhunaíocht.

Ar an iomlán, bhí freagairt dhearfach don scéim i rith 2020, agus fuarthas breis agus 720 iarratas. Níor shásaigh líon mór de na hiarratasóirí siúd, breis agus 400, na critéir d'athliostáil, ar an drochuair, agus ba shine go leor díobh ná an teorainn uasta aoise le haghaidh fónaimh sa BFC, i.e. 50 bliain i gcás céimeanna a airde le sáirsint, agus an chéim sin san áireamh, agus 56 bliain i gcás ONCanna sinsearacha. I rith 2020, cheadaigh an tAire 59 iarrthóir de bhun moltaí a rinne an Ceann Foirne agus athliostáladh 42 díobh. Tá súil leis go ndéanfaidh an Ceann Foirne moltaí breise a ndéanfaidh an tAire breithniú orthu in 2021.




## Scéim Athchoimisiúnaithe

Chruthaigh folúntais i sainphoist oifigigh áirithe, cosúil le Píolótaí, Rialaitheoirí Aerthráchta agus Innealtóirí, dúshláin ar leith. Ar cheann de na bearta atá ceaptha dul i ngleic leis na ganntanais siúd ná an scéim chun iaroifigigh a athchoimisiúnú, a seoladh in 2019 agus a bhí dírithe i dtosach ar Oifigigh Eitilte. Cuimsíodh oifigigh eile sa Scéim in 2020.

Áirítear leis na téarmaí agus coinníollacha don scéim athchoimisiúnaithe an fhoráil nach ndéanfar breithniú ar iaroifigigh an BFC a athchoimisiúnú ach faoi chúinsí ar leith inar aithin an Ceann Foirne ganntanas i bpearsanra, acmhainn mhíleata nó i saineolas sa BFC, nach féidir a réiteach ar bhealach inbhuanaithe nó tráthúil laistigh de na hacmhainní reatha pearsanra.

Fuarthas breis agus 60 iarratas i rith 2020 faoi théarmaí na Scéime Athchoimisiúnaithe. Ó seoladh an scéim in 2019, athchoimisiúnaíodh 13 oifigeach isteach san Aerchór, oifigeach amháin isteach sa tSeirbhís Chabhlaigh agus triúr oifigeach isteach san Arm, agus ba é líon iomlán na n-oifigeach athchoimisiúnaithe ag deireadh na bliana, agus iad siúd san áireamh, 17.

Tabharfar faoi athbhreithniú ar an dá scéim, ar na Téarmaí agus Coinníollacha, an Próiseas Measúnaithe agus an rún foriomlán beartais, i Ráithe 1 2021.

## Rannpháirtíocht Bhan sa BFC

Amhail an 31 Nollag 2020, b'ionann neart an BFC ó thaobh poist choibhéise lánaimseartha (CLA) agus 603 pearsanra, ina raibh 496 de phearsanra an Airm, agus 39 de phearsanra an Aerchóir agus 68 de phearsanra na Seirbhíse Cabhlaigh. Is ionann seo agus 7.03% den neart reatha (CLA) 8,572.

## Sciathán Fiannóglaigh an Airm

Críochnaíodh obair ar scrúdú a dhéanamh ar acmhainní Sciathán Fiannóglaigh an Airm ag féachaint le feabhsú agus méadú breise a dhéanamh ar láidreacht an aonaid in 2020. Ag eascairt as an scrúdú seo, ceadaíodh Creatcháipéis ina dtugtar cuntas ar mholtaí agus roghanna a raibh breithniú breise le déanamh orthu. Is éard a bheidh sa chéad chéim eile den phróiseas comhghrúpa um chur i bhfeidhm sibhialtach/míleata a bhunú chun cur i bhfeidhm na moltaí a thabhairt chun cinn.




C252




CÚLTACA

## Láidreacht na Nóglach Cúltaca

Is éard atá sna hÓglaigh Chúltaca (na ÓCanna) ná an Cúltaca Chéadlíne (an CCL), Cúltaca an Airm (CA) agus Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh (CSC).

I gcomhréir leis an bPáipéar Bán ar Chosaint, tá 3,869 pearsanra i mbunaíocht CA agus tá 200 pearsanra i mbunaíocht CSC. Is é príomhról na ÓCanna chun cur leis na ÓCanna i gcásanna géarchéime agus chun rannchuidiú le himeachtaí searmanais Stáit.

Tá iarbhaill den BFC sa CCL a gheall, go saorálach nó de bhun gealltanas conarthach, chun tréimhse sheirbhíse a chríochnú sa CCL. Daoine aonair atá i gCúltaca an Airm (CA) agus i g Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh (CSC), ó réimse fairsing cúlraí, a gheall go saorálach chun tréimhse de sheirbhís mhíleata a sholáthar.

Ag deireadh 2020, b'ionann neart na nÓglach Cúltaca agus 1,850 pearsanra ina raibh:

» Cúltaca na Chéad Líne: 262 pearsanra; (ina raibh 132 pearsanra den Arm, 106 pearsanra den tSeirbhís Chabhlaigh agus 24 pearsanra den Aerchór)

» Cúltaca an Airm: 1,463 pearsanra

» Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh: 125 pearsanra.

D'imir paindéim shláinte poiblí COVID-19 tionchar trom ar an gcumas tabhairt faoi ionduchtúcháin na ÓCanna i rith 2020. Ina ainneoin sin, rinneadh 69 ball breise nua a ionduchtú i rith na bliana, agus ionduchtaíodh 62 díobh isteach in CA agus seachtar isteach i gCúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh.

Mar chuid dá théarmaí tagartha, scrúdóidh an Coimisiún neamhspleách um Óglaigh na hÉireann, a bunaíodh in 2020, ról agus rannchuidiú na ÓCanna, a reachtaíocht, na rialacháin a rialaíonn na ÓCanna, an Cúltaca Chéad Líne (an CCL) a fhorbairt agus cibé acu ar cheart nó nár cheart go mbeadh speisialtóirí ón na ÓCanna a bheith in ann fónamh thar lear.




Fuarthas cead ón Rialtas in 2020 leasuithe a thabhairt chun cinn ar an mBille Cosanta (Leasú), 2020, lena chur ar chumas bhaill na ÓCanna tacú leis an BFC laistigh den Stát agus thar lear, nuair is gá, ar bhonn deonach. Éascaíonn na leasuithe seo aon mholtaí a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh a chur i bhfeidhm, a mbeadh leasú reachtaíochta ag teastáil uathu, dá bharr.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2020 i measc Brainsí sibhialtacha-míleata ar an Athbhreithniú ar Rialachán DFR R5 Óglaigh na hÉireann a bhuntacaíonn leis an gCúltaca. Tá súil leis go gcuirfear an Rialachán leasaithe faoi bhráid an Aire lena shíniú go luath in 2021.

## Rannpháirtíocht Bhan in CA agus CSC

Amhail an 31 Nollaig 2020, baill de Chúltaca an Airm (CA) agus de Chúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh (CSC) a bhí in 213 bean, arb ionann sin agus breis agus 13% de chomhneart éifeachtach an dá sheirbhíse.



## Aschur agus Soláthar Mór an GPSAL in 2020

I rith 2020, d'fhaomh an Grúpa Soláthair agus Pleanála Ardleibhéil (an GPSAL) roinnt tionscadail mhóra trealaimh, leibhéil fheabhsaithe de threalamh cosanta fórsa a sholáthar ina measc do sheirbhís thar lear agus aerárthaí PC12 NG breise mar acmhainn theagmhasach chun acmhainn bhreise sciatháin sheasta a sholáthar láithreach bonn, agus acmhainn theagmhasach fheabhsaithe, chun freastal ar an gcás uathúil a eascraíonn as paindéim COVID-19.

Rinneadh dul chun cinn freisin i gcaitheamh 2020 ar an gclár ilbhliantúil uasghrádaithe agus cothabhála meánaoise maidir le flít Iompróirí Armúrtha Pearsanta MOWAG an Airm. Nuair a chuirfear seo i gcrích, sínfidh é seo áirgiúlacht an fhlít agus cuirfidh sé leibhéil níos airde de chosaint, soghluaisteacht agus cumhacht lámhaigh ar fáil. Rinneadh uasghrádú an róbait Diúscartha Ordanáis Pléascaigh a chríochnú freisin i rith 2020. Leanadh le harmlón a fháil chun traenáil agus imlonnú thar sáile a dhéanamh le linn na bliana, lena n-áirítear creat-chomhaontuithe a shuíomh chun armlón meánchalabra agus armlón arm beag a cheannach.

Rinneadh trí aerárthach áirge sciatháin sheasta PC-12 a thógáil agus a fheistiú, a bhfuil an trealamh oiriúnach acu le haghaidh ISTAR (tascáil Faisnéise, Faireachais, Fála Targaidí agus Taiscéalaíochta) a chríochnú in 2020 agus rinneadh na haerárthaí seo a sheachadadh in Aibreán a thiocfaidh in ionad fhlít aerárthaí Cessna an Aerchóir a ceannaíodh i 1972.

Rinneadh dul chun cinn maith chun an dá Aerárthach Patróil Mhuirí C-295 nua a cheannach a thiocfaidh in ionad dhá Aerárthach Patróil Mhuirí CASA 235 an Aerchóir. Nuair a sheachadfar na haerárthaí nua, cuirfidh siad feabhas ar chumas faireachais mhuirí an Aerchóir agus cuirfidh siad leibhéal níos airde d'áirgiúlacht ar fáil i gcomhair taisc iompair agus iompair lastais.

Cuireadh tús freisin le hobair i rith 2020 ar an gclár Sínte Meánaoise d'árthach na Seirbhíse Cabhlaigh, an L.É. Roisín agus cuireadh tús le pleanáil dá mhacasamhail de chlár Sínte Meánaoise don L.É. Niamh. Ina theannta sin, rinne tionscadal an Pháipéir Bháin a chur chun cinn freisin a chuirfidh Árthach nua Ilróil atá cumasaithe i dtaobh oibríochtaí héileacaptair agus a bhfuil acmhainn iompair lasta aige in ionad long cheannais an L.É. Eithne de chuid na Seirbhíse Cabhlaigh.

Sa mhullach air sin, lean soláthar a bhain le hiompar ar aghaidh i gcaitheamh 2020 freisin. I measc na bpríomhéadálacha, bhí 70 feithicil 4 x 4 trí cheathrú tonna, 30 4 X 4 Trucail Iompair Trúpaí 4 x 4, cóiste amháin, ocht salún leictreacha, ocht salún díosail, dhá aonad tarracóra altacha, aon fheithicil stóir 4 X 4 déag, cúig chriúchábán, sé mheaisín bearrtha féir, seacht dtarracóir, dhá láimhsealaí ábhair, deich mbugaí leictreacha, sé fheithicil easbhóthair bheaga, ceithre fheithicil stóir, feithicil ciondála agus athbhreoslóir amháin. Cuireadh cistiú ar fáil freisin ar bhonn leanúnach chun feithiclí a chothabháil sa fhlít iompair mhíleata, sa bhaile agus thar lear araon.

Rinne an GPSAL maoirseacht freisin i rith 2020 ar dhul chun cinn substainteach a rinneadh trí chomhoibriú sibhialta-míleata, agus foilsíodh próiseas nua Forbartha Trealaimh cúig bliana i Meitheamh. Cuireann an Plean maoirseacht agus infheictheacht straitéiseach ar fáil don phróiseas soláthair trealaimh, i dtaobh costais, sceidil agus riachtanais phleanála forbartha acmhainní don Arm, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh. Cuirfidh an próiseas nuashonraithe seo rialachas ar fáil chun tús áite a thabhairt do threalamh cosanta a sholáthar agus chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar riachtanais phleanála trealaimh i gcomhréir leis an bhfeidhm Forbartha Acmhainní a dtugtar tús áite di in Uasghrádú 2019 ar an bPáipéar Bán.



## Bainistíocht Réadmhaoine agus Infheistíocht Mhór i Mbonneagar 2020

Tá réimse éagsúil áiseanna sa phunann réadmhaoine Cosanta idir bheairicí míleata agus dúnfoirt, campaí, ceathrúna do lucht pósta agus tailte traenála. Ag deireadh 2020, b'éad a bhí sa phunann ná 70 suíomh, 14 shuiteáil mhíleata a áitítear go buan ina measc, anuas ar thailte ina bhfuil breis agus 20,000 acra.

Foilsíodh an chéad chlár bonneagair cúig bliana riamh d'Óglaigh na hÉireann in Eanáir 2020. Dírítear sa Chlár Bonneagair seo ar a chinntiú go bhfuil an bonneagar riachtanach ag Óglaigh na hÉireann lena gcur ar a gcumas tabhairt faoina róil. Léirítear sa Chlár an timpeallacht chasta ina n-oibrítear Óglaigh na hÉireann agus an gá comhfhreagrach atá le bonneagar cuí chun soláthar a dhéanamh do chóiríocht agus oiliúint a sholáthar don phearsanra agus do threalamh le haghaidh riachtanais oibríochtúla ar talamh, ar muir agus san aer a chothabháil agus a stóráil.

Tuartar, i rith a shaolré cúig bliana, go ndéanfar €145 milliún a infheistiú lena chinntiú go ndéantar bonneagar a nuachóiriú ar aon dul le riachtanais le reatha agus amach anseo. Beartaítear go n-úsáidfear an clár mar uirlis phleanála agus go ndéanfar athbhreithniú tréimhsiúil air i rith shaolré an Pháipéir Bháin.

Caitheadh thart ar €20.5 milliún in 2020 ar oibreacha tógála i suiteálacha agus beairicí míleata fud fad na tíre faoi ghné infheistíochta caipitil Chlár Bonneagair Thógtha Óglaigh na hÉireann. Ina measc seo, bhí clár oibreacha leanúnacha lena chinntiú go ndéantar foirgnimh agus áiseanna a chothabháil agus a dheisiú go ginearálta do phearsanra Óglaigh na hÉireann. Caitear leis na hoibreacha seo mar chaiteachas reatha faoin gClár agus b'ionann an méid a caitheadh in 2020 agus €9 milliún.

Dhírigh gné chaipitil an Chláir go príomha ar thionscadail bhonneagracha ina dtógtar foirgnimh nua agus ina ndéantar foirgnimh agus áiseanna reatha a athchóiriú. Bhí céimeanna éagsúla bainte amach ag deireadh 2020 ag luach €60.5 milliún de thionscadail chaipitil, idir tairiscint dearaidh agus tógáil, an méid seo a leanas ina measc:



- Rinneadh uasghrádú ar Bhloic 8 agus 9 ag an mBunáit Chabhlaigh, Haulbowline agus rinneadh Bloc 1 ag Dún Uí Choileáin, Corcaigh; a thógáil/ a uasghrádú; €13.9 milliún
- Rinneadh uasghrádú agus athchóiriú ar dhá fhoirgneamh ag Dún Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath 7; €10 milliún
- Uasghrádú ar iar-Bhloc USAC, Gaillimh; €8.1 milliún
- Saoráid nua Cheardlainne CIS, Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, €7.3 milliún
- Tógadh hallaí nua gleacaíochta ag Dún an tSáirséalaigh, Luimneach agus ag Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh; €6.2 milliún
- Rinneadh uasghrádú ar an gCé Ola agus rinneadh Córas Braite Dóiteáin agus Múchta Dóiteáin ag an mBunáit Chabhlaigh, Haulbowline; €2.9 milliún
- Ceanncheathrú Scoil na nDaltaí - Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann; €2.1 milliún
- Raon Targaidí Leictreacha agus an tsuiteáil ghaolmhar AMS a sholáthar, Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann; €2.1 milliún
- Lamairne Spencer an mBunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach, Corcaigh, a réiteach; €1.5m
- Uasghrádú ar sheirbhísí faoin talamh ag beairicí ag Aeradróm Mhic Easmainn, Baile Dhónaill; €1.3m
- Uasghrádú seachtrach ar Cheanncheathrú an Dúin, Dún Mhic Aoidh, €1.2m
- Uasghrádú ar sheirbhísí dramhaíola agus uisce ag Campa Chúil Mhuine, Gleann Ó Máil, Contae Chill Mhantáin; €0.425m
- Uasghrádú ar phríomhphíobán uisce agus síneadh ar sholáthar an phríomhphíobáin gháis Dún Chill Chainnigh beairic; €1m
- Dílárú an Choire Téimh Lárnaigh, Dún Dealgan; €0.6m
- Oibreacha Uasghrádaithe Gáis, Príomhphíobán Uisce agus Leictreachais ag Dún na Gaillimhe; €0.5m
- Saoráid Traenála Míleata, Raon Limistéar Baoi ar Bith, Cill Uird, Corcaigh; €0.36m
- Saoráid Traenála Míleata, Raon Limistéar Baoi ar Bith, Baile Mhic Gormáin, an Mhí; €0.4m
- Oibreacha Uasghrádaithe Príomhphíobán Uisce agus Gáis ag Campa Fionnabhair; €0.4m
- Ionad Acmhainní Seirbhísí Tacaíochta Pearsanra a Bheartaítear, Páirc an Champa, Dún Uí Choileáin, Corcaigh; €0.364m

## Bainistíocht a Dhéanamh ar Mhánna an Churraigh

Áis thábhachtach oibre iad Mánna an Churraigh d'Óglaigh na hÉireann, an tionscal rásaíochta capall agus d'úinéirí caorach a bhfuil cearta féaraigh acu atá bunaithe le fada an lá. Cé gur tailte uathúla iad na Mánna a mbaineann tábhacht náisiúnta leo, nuair a chuirtear an éiceolaíocht áitiúil agus an stair fhada san áireamh, tá réimse dúshlán roimh an Roinn ag eascairt as mí-úsáid a bhaint as na Mánna, ar nós campáil neamhdhleathach, caitheamh míchuí agus iompar frithshóisialta, diúscairt mhídhleathach agus dumpáil neamhdhleathach.

Tá triúr pearsanra i bhFoireann Bainistíochta Talún an Churraigh (fostaithe sibhialtacha) - an Maor agus beirt Fhomhaor. D'imir an méadú ar leibhéil soláthair foirne le déanaí, agus feithiclí nua inaitheanta a sholáthar tionchar dearfach. Chruthaigh an soláthar méadaithe seo láithreacht níos mó agus níos infheicthe ar an talamh don Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht laethúil ar na Mánna. Ceapadh conraitheoir nua ó thráth déanach in 2019 chun déileáil leis an mbruscar go léir a bhailiú a rinneadh a dhumpáil ar thailte an Churraigh agus an bruscar sin a thógáil go saoráid fhaofa dramhaíola ina dhiaidh sin. Anuas air sin, rinne an Fhoireann Tailte an-idirchaidreamh san Earrach agus sa Samhradh in 2020 leis an nGarda Síochána agus na Póilíní Airm áitiúla maidir le monatóireacht agus patrólú a dhéanamh ar thailte an Churraigh, ar ar bunaíodh campaí neamhdhleathacha. Chinntigh an mhonatóireacht sheasmhach a rinneadh i rith dhianghlasáil COVID-19 nárbh fhéidir le haon lucht breise treaspáis in ann campa a bhunú.

D'aontaigh an Roinn Cosanta agus Comhairle Contae Chill Dara i mí na Nollag 2019 ar sheirbhísí foireann sainchomhairleoireachta ildisciplíneach a fhostú chun dul i ngleic le sraith saincheisteanna agus deiseanna a shainaithint chun bainistíocht agus cur i láthair níos fearr a dhéanamh ar Mhánna an Churraigh.

Ceapadh The Paul Hogarth Company i Meitheamh 2020 ina sainchomhairleoirí don Staidéar Sainchomhairleoireachta ar Mhánna an Churraigh. Is é costas an staidéir €148,600 (gan CBL a áireamh) agus tá sé á chomhchistiú ag an Roinn agus Comhairle Contae Chill Dara.

Is iad cuspóirí an Staidéir na rudaí seo a leanas a sholáthar:

- Plean Cuimsitheach Bainistíochta Caomhantais a sholáthróidh creat chun bainistíocht inbhuanaithe amach anseo a dhéanamh ar Mhánna an Churraigh
- Plean Léirmhínithe/Brandála ina bhfuil straitéis treoshuímh agus treo a chuirfidh aitheantas amhairc do Mhánna an Churraigh ar fáil.

Beidh comhairliúchán poiblí sa Staidéar agus tá súil leis go gcríochnófar an staidéar in 2021.

## Plean Forbartha Cumais

Lean foireann tionscadail shibhialta-mhíleata, a bunaíodh mar thoradh ar ghealltanas sa Pháipéar Bán, i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn le linn 2020 maidir le Plean Forbartha Cumais a chur i dtoll a chéile ag féachaint leis an tionscadal a chríochnú go luath in 2021. Nuair a chríochnófar é, beidh sé mar bhunchloch chumas Óglaigh na hÉireann chun leanúint ag comhlíonadh gach róil a shannann an Rialtas.

## Athbhreithniú ar Cheannas agus Rialú Ardleibhéil

Ag eascairt as gealltanas a rinneadh sa Pháipéar Bán freisin, lean comhfhoireann tionscadail shibhialta-mhíleata i rith 2020 lena n-athbhreithniú ar Cheannas agus Rialú ardleibhéil a bhain le hÓglaigh na hÉireann.



## An Coiste Fiontraíochta um Chosaint

Shainaithint an Eagraíocht Chosanta trí thionscadal Páipéir Bháin chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an Tionscnamh Fiontraíochta um Chosaint. Tá na tionscadail Pháipéir Bháin seo go léir a bhaineann leis an bhFiontraíocht críochnaithe agus dúnta anois. Mar chuid de na tionscadail seo, rinneadh Staidéar Indéantachta freisin a scrúdaigh roghanna féideartha chun tacú le taighde agus nuálaíocht teicneolaíochta maidir le forbairt cumais laistigh den Eagraíocht Chosanta. Déanfar fiosrú agus forbairt breise ar na moltaí a tugadh le fios sa Staidéar Indéantachta seo in 2021.

Lean cruinnithe ar aghaidh idir an Eagraíocht Chosanta agus Fiontraíocht Éireann tríd an gCoiste Fiontraíochta um Chosaint; agus sholáthair an Eagraíocht Chosanta cúnamh freisin d'Fhiontraíocht Éireann agus do chuideachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann i gcaitheamh na bliana. Lean Óglaigh na hÉireann freisin le páirt a ghlacadh in dhá thionscadal Horizon 2020, ROCSAFE agus CAMELOT, a bhaineann le forbairt cumais. Rinneadh ROCSAFE a chríochnú go hiomlán in 2020 agus tá CAMELOT le críochnú in 2021. Is é Horizon 2020 an clár taighde agus nuálaíochta is mó san AE a reáchtáladh riamh anall agus beidh cistiú nach mór €80 billiún curtha ar fáil i gcaitheamh na tréimhse seacht mbliana (2014-2020). Glacfaidh an Eagraíocht Chosanta, le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, páirt i gclár Horizon Europe de chuid Horizon 2020 amach anseo, nuair a bhaineann sé le forbairt cumais.

## Aschur Traenála agus Oideachais i Rith 2020

Díríonn Óglaigh na hÉireann, nuair nach bhfuiltear ag díriú ar oibríochtaí, ar thraenáil agus ar oideachas. Lean na gníomhaíochtaí seo le páirt lárnach a ghlacadh i rith 2020 maidir le hathoiliúint agus forbairt cumais. Tugtar achoimre i dTábla 2.1 thíos ar an aschur a sholáthair Brainse Traenála agus Oideachais Óglaigh na hÉireann i rith na bliana.

Is féidir le mac léinn dul chun a dhéanamh ina g(h) airm bheatha in Óglaigh na hÉireann nuair a éiríonn leis/léi na bunchúrsaí ardaithe céime a chríochnú. Chríochnaigh 396 de phearsanra, ar an iomlán, 17 mbunchúrsa ardaithe céime i measc réimse limistéar, faoi mar a léirítear i dTábla 2.3 i rith 2020.

**Tábla 2.2**
Sonraí faoi Chúrsaí Oiliúna a críochnaíodh i rith 2020

| | Cúrsaí Teagascóra | Cúrsaí Scileanna | Cúrsaí Gairmeacha Beatha | Iomláin |
|---|---|---|---|---|
| Líon na gCúrsaí a críochnaíodh i suiteálacha oiliúna Óglaigh na hÉireann | 31 | 1,251 | 27 | 1,309 |
| Líon na Mac Léinn | 315 | 18,791 | 508 | 19,614* |

* Bronnadh cód scile ar fhoirne Shláinte agus Shábháilteachta COVID-19 agus cuireadh i gcuntas é mar chúrsa ar an gCóras Oiliúna agus Bainistíochta go ndéanfar é a chur san áireamh ar Bhileoga Taifeadta na nOifigeach agus Céimeanna Eile. Tá méadú de bhreis ar 6,000 tagtha ar an líon cúrsaí agus mic léinn in 2020 dá bharr.

**Tábla 2.3**
Sonraí faoi Bhunchúrsaí Gairm Bheatha a rinneadh

| Teideal an Chúrsa | Líon na gCúrsaí | Líon na Mac Léinn |
|---|---|---|
| Cúrsa Ábhar Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (an tSeirbhís Chabhlaigh) | 1 | 23 |
| Cúrsa Ábhar Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (an tArm) (1 Chúrsa ar siúl go fóill) | 2 | 88 |
| Cúrsa Ábhar Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe (an tAerchór) | 0 | 0 |
| Cúrsa Cuntasaíochta Lóistíochta | 0 | 0 |
| Cúrsa Ábhar Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe Caighdeánach (an tSeirbhís Chabhlaigh) | 1 | 23 |
| Cúrsa Ábhar Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe Caighdeánach (Gach Cór) | 6 | 124 |
| Cúrsa Ábhar Oifigigh Neamhchoimisiúnaithe Caighdeánach (gach Arm) | 1 | 46 |
| Cúrsa Ábhar Oifigigh Óig (Gach Cór) | 4 | 40 |
| Cúrsa Ceannais Talún agus Foirne | 1 | 28 |
| Cúrsa Chéad Chomhcheannais agus Foirne (ar bun) | 1 | 24 |
| **Iomláin** | **17** | **396** |



## Oiliúint Ionduchtúcháin Earcach

Rinneadh 385 earcaí an Bhuanfhórsa Cosanta (an BFC) agus 69 earcaí na nÓglach Cúltaca (na ÓCanna), ar an iomlán, a ionduchtú isteach in Óglaigh na hÉireann in 2020. Tugtar miondealú i dTábla 2.4 thíos de réir foirmíochta agus seirbhíse agus déantar comparáid ann idir blianta le blianta beaga anuas.

**Tábla 2.4**
Sonraí faoi Oiliúint Ionduchtúcháin Earcach i rith 2018, 2019 agus 2020

| | An BFC* | | | Na ÓCanna | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2018 | 2019 | 2020 | 2018 | 2019 | 2020 |
| An 1ú Bhriogáid | 187 | 210 | 131 | 51 | 36 | 40 |
| An 2ra Briogáid | 168 | 175 | 155 | 49 | 26 | 22 |
| Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann | 43 | 0 | 28 | 16 | 13 | 0 |
| An tSeirbhís Chabhlaigh | 94 | 102 | 60 | 13 | 17 | 7 |
| An tAerchór | 0 | 0 | 11** | 0 | 0 | 0 |
| **Iomláin** | **492** | **487** | **385** | **129** | **92** | **69** |

* Gan Printísigh an Aerchóir, Oifigigh Liachta Mhíleata agus Oifigigh Chabhlaigh Iontrála Dírí a chur san áireamh.

** Mar gheall ar easnamh in iarratasóirí Printísigh, úsáideadh an acmhainn bhreise oiliúna san Aerchór chun oiliúint a chur ar earcaithe an GS a chuir isteach ar an Arm.







## Traenáil Do Sheirbhís Thar Lear

Thug Brainse Traenála agus Oideachais Óglaigh na hÉireann faoi Thraenáil bhunriachtanach Réamh-Imlonnaithe don dá aonad agus na daoine aonair á n-imlonnú go misin thar lear, (e.g. Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL), Fórsa Breathnóireachta Díscoir na Náisiún Aontaithe (UNDOF) agus Misean Míleata an Aontais Eorpaigh chun cur le hOiliúint Fhórsaí Armtha Mhailí (EUTM Mhailí), a chomhordú i gcomhoibriú leis an gColáiste Míleata in Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann (ATÓÉ) agus le cúnamh ón bpríomhfhoirmíocht i rith 2020.

Tugadh faoi cheithre Chleachtadh Ullmhachta do Mhisean i measc imlonnú trúpaí níos mó go dtí UNIFIL agus UNDOF ina raibh 954 trúpa bainteach chun cumas agus inniúlacht íosta a dheimhniú sula ndearnadh iad a imlonnú. Tugadh faoi thrí Chúrsa Cáilíochta Thar Lear sa bhreis le haghaidh 64 pearsanra a imlonnaíodh chuig Misin níos lú.

Thug Óglaigh na hÉireann faoi ghníomhaíochtaí traenála agus oideachais seachtracha agus eachtracha i rith 2020 chun foghlaim eagraíochta a éascú agus Oiliúna lena chinntiú go sainaithnítear bearnaí traenála, oideachais agus cumais agus go dtéitear i ngleic leo. Ar an iomlán, ghlac Óglaigh na hÉireann páirt in 75 de na gníomhaíochtaí ar oileán i rith 2020, ina raibh 214 de phearsanra páirteach agus in 28 gníomhaíocht bhreise eachtrach ina raibh 74 pearsanra (is ísle go mór an dara figiúr i gcomparáid le blianta roimhe seo mar gheall ar COVID-19). Cabhraíonn an rannpháirtíocht seo lena chinntiú go leanann Óglaigh na hÉireann a bheith cothrom le dáta maidir le dea-chleachtas idirnáisiúnta i dtaobh smaointeoireacht agus saineolas míleata, agus cinntíonn sé go mbíonn Óglaigh na hÉireann idir-inoibritheach in Éirinn agus thar lear i gcónaí.




01 D 84305


IRELAND

## Traenáil na Nóglach Cúltaca (na ÓCanna)

Lean na ÓCanna ag ullmhú agus ag traenáil dá ról i dtaobh an BFC a mhéadú i dtráthanna géarchéime. Baintear é seo amach trí chumas an BFC agus na ÓCanna a chomhcheangal laistigh de choincheap an Fhórsa Singil.

Leanadh le cistiú a chur ar fáil do thraenáil na ÓCanna in 2020 ar leibhéal chun tacú le traenáil bheartaithe. Baineadh úsáid as 11,408 daonlá, ar an iomlán, i rith 2020. Bhain baill de na ÓCanna 9,527 daonlá íoctha, agus bhain 35 ball den CIÓC 424 daonlá chun forbairt ghairmiúil a dhéanamh trí chúrsaí gairm bheatha, seimineáir forbartha gairmiúla leanúnaí agus trí pháirt a ghlacadh i gcleachtaí comhtháite mar chuid de choincheap an Fhórsa Singil, anuas ar 1,457 lá dualgais COVID-19 ar imlonnú.

I rith 2020, de réir mar a lean baill an Bhuanfhórsa Cosanta ag cur le freagairt an Rialtais do phaindéim COVID-19, thug roinnt ball de na ÓCanna a bhfuil na scileanna acu a theastaíonn on bhfreagairt sin, agus a raibh ar a gcumas acu amhlaidh a dhéanamh de bharr a gcúinsí pearsanta, faoi dhualgais údaraithe COVID-19 ar bhonn deonach, chun tacú leis an BFC. Íocadh rátaí pá le baill de na ÓCanna a thug faoi na gníomhaíochtaí siúd a bhí comhionann le rátaí pá phearsanra an BFC.

**Tábla 2.5**
Traenáil Na nÓglach Cúltaca

| | Líon na nÓglach Cúltaca a Íocadh | Líon Iomlán na nDaonlaethanta |
|---|---|---|
| Traenáil Chaighdeánach * | 635 | 9,527 |
| Imlonnú ** | 131 | 1,457 |
| CIÓC *** | 35 | 424 |

* Tá laghdú suntasach tagtha ar líon laethanta Traenála na ÓCanna mar gheall gur cealaíodh na gnáthchampaí traenála i mbliana.

** Laethanta imlonnaithe: Imlonnaíodh baill den Chúltaca i rith 2020 chun tacú le freagairt ÓÉ do COVID-19/Oibríocht Fortitude. Tugadh isteach iad ar longa na Seirbhíse Cabhlaigh i rith na chéad ráige de COVID-19. Imlonnaíodh iad go leanúnach nuair a bhí dualgais aistrithe, tástála agus tionlacan othar ag ionaid tástála COVID-19, ag Staid Aviva san áireamh, agus úsáideadh oifigigh Chúltaca an Airm i gCeanncheathrú an Chomh-Thascfhórsa.

*** Úsáideann CIÓC daonlaethanta CIÓC ar mhaithe le dualgais chomhlachais.

## An Clár Staidéar Ceannaireachta, Bainistíochta agus Cosanta

Le linn 2020, lean an Clár Staidéar Ceannaireachta, Bainistíochta agus Cosanta (an CSCBC) i gcomhair pearsanra liostáilte ag forbairt agus ag feidhmiú mar fhoinse rátha i gcomhair Óglaigh na hÉireann agus a mbaill. Bhronn Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach (ITC) dámhachtainí an 5 Samhain ar 141 de phearsanra, 77 dámhachtain Teastas Ardleibhéil SCBC (Leibhéal 6), 43 Miondámhachtain SCBC (Leibhéal 7) agus 21 dámhachtain Bhaitsiléir Ealaíon (SCBC) (Leibhéal 7) ina measc. Is ionann líon iomlán an phearsanra ar bhronn IT Cheatharlach dámhachtainí orthu maidir leis an gClár SCBC agus 1,402 ó cuireadh tús leis in 2012. Leanann Brainse Traenála agus Oideachais Óglaigh na hÉireann le tairbhí an Chláir a chur chun cinn i measc saighdiúirí, mairnéalach agus aerchriú chéim Phríobháideach 3* chun iad a mhealladh chun tabhairt faoin gClár SCBC. Tháinig méadú aníos go dtí 4,051 in 2020 ar an líon iomlán de phearsanra Óglaigh na hÉireann a thug faoin gClár.

Anuas air sin, bhronn Ollscoil Mhá Nuad 85 Dámhachtain Sainchuspóireach ar Leibhéal 7 (SCBC) a bhain le traenáil Daltaí agus 21 Máistir Ealaíona (SCBC) a bhain leis an gCúrsa Leas-Cheannais agus Foirne (tugadh an Cúrsa Ceannais Shóisearaigh agus Foirne air roimhe seo) i rith 2020. Sa mhullach air sin, bhronn Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann dámhachtainí Ceannasaíochta, Bainistíochta agus Staidéar Cabhlaigh, ar Leibhéal 6, ar 21 pearsanra agus ar Leibhéal 7 ar 11 phearsanra agus bronnadh Deimhniú in Oibríochtaí Ceannais Shóisearaigh ar Leibhéal 9 ar sheachtar oifigeach.

Anuas air sin, bronnadh dámhachtainí ar chúigear Oifigeach ar Leibhéal 9 tríd an gCúrsa Oifigigh Óig de chuid an Chóir Sheirbhísí Cumarsáide agus Eolais (an Cór SCE) trí Chúrsa Oifigeach Óg an Chóir Innealtóirí agus bronnadh dámhachtainí ar Leibhéal 9 ar thriúr Oifigeach trí Chúrsa Oifigeach Óg an Chóir Ordanáis.

## Scéimeanna Teicneora Faoi Oiliúint

Cáilíodh 28 de phearsanra, ar an iomlán, in 2020 faoin Scéim Teicneora faoi Oiliúint (an STO). I measc na n-oiliúnaithe rathúla, bhí 13 mhac léinn de chuid an Chóir SCE (Leibhéal 7), mac léinn amháin de chuid an Chóir Iompair (Leibhéal 6), seisear mhac léinn de chuid an Chóir Innealtóirí (Leibhéal 6) agus ochtar mac léinn de chuid an Chóir Ordanáis (Leibhéal 7).

Tá 553 mac léinn cáilithe anois faoi STO an Airm ón mbliain 2000 ar aghaidh. Ag deireadh 2020, bhí 212 mac léinn an STO, a baineadh ón gCór SCE, Iompair, Innealtóirí agus Ordanáis faoi oiliúint, i measc 28 láthair oiliúna.

Laistigh den tSeirbhís Chabhlaigh (an SC), cáilíodh ochtar de pearsanra go rathúil i rith 2020 faoi Scéim Teicneora faoi Oiliúint na Seirbhíse Cabhlaigh. Triúr Ríomhchláraitheoirí, beirt Armadóirí agus triúr Meicneoirí Cabhlach a bhí iontu siúd. Chríochnaigh ochtar pearsanra breise an SC a ngnéithe oiliúna teicniúla agus cáileofar go hiomlán iad nuair a chríochnóidh siad a gcúrsa gairm bheatha faoi seach.

Anuas air sin, bhronn Scoil Lónadóireachta Óglaigh na hÉireann dámhachtainí creidiúnaithe Leibhéal 5 de chuid Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) ar 13 chéimí ar an gCúrsa Cócairí Iontrála Óga a chríochnú.

## Athbhreithniú ar Sheirbhísí Leighis

Ag eascairt as an deacracht a bhíonn i gceist le gairmithe leighis a earcú leis an gCór Liachta, lean athbhreithniú ar conas a sholáthraítear seirbhísí leighis le dul chun cinn a dhéanamh i rith 2020 faoi stiúir comh-Bhuanchoiste sibhialta-míleata a chuir réitigh i bhfeidhm ar roinnt limistéir sholáthair seirbhíse le blianta beaga anuas. Rinne an Buanchoiste, a bhfuil de dhualgas air forbairt seirbhís inbhuanaithe chomhtháite leighis a chur chun cinn agus dul i ngleic leis an mbealach cuí chun príomhacmhainní leighis, dul chun cinn i roinnt limistéar i rith 2020.

Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar Sheirbhís Altranais an Airm in 2020 agus tá sé le cur i gcrích in 2021. Rinneadh dul chun cinn ar na hathbhreithnithe leanúnacha ar sheirbhísí Fisiteiripe, Fiaclóireachta agus Cógaslainne i rith na bliana agus táthar ag druidim lena gcríochnú.

Ceapadh síciatraí sibhialtach comhairleach ar conradh in Iúil 2020 chun seirbhís síciatrachta intí a sholáthar, a líon an folúntas a bhí ann roimhe seo.

Ar aon dul leis an ngealltanas a thugtar i gClár an Rialtais lena chinntiú go mbíonn an teacht céanna ag baill liostáilte uile Óglaigh na hÉireann ar chúram sláinte a bhíonn ag Oifigigh, bunaíodh Meitheal shibhialta/mhíleata chun scrúdú a dhéanamh ar chúram sláinte príobháideach a sholáthar don phearsanra liostáilte, agus deireadh a chur leis na costais dhóchúla a bheidh i gceist agus an bealach is éifeachtaí chun an tseirbhís a sholáthar san áireamh. Tá a gcuid oibre ar bun faoi láthair agus cuirfidh sé eolas ar fáil do na chéad chéimeanna eile riachtanacha a mbeidh aghaidh le tabhairt orthu.

## Reachtaíocht

Rinneadh dul chun cinn i rith 2020 maidir leis an mbunreachtaíocht i dtaobh an Bhille Cosanta (Leasú), a foilsíodh in Eanáir. Críochnaíodh an dara céim i ndíospóireacht na Dála ar an mBille i Meán Fómhair agus críochnaíodh díospóireacht chéim an choiste i Samhain. Cuireadh an Bille Fórsaí Cosanta (Fianaise) san áireamh i Riar na hOibre arís eile ag céim an choiste.


Maidir le reachtaíocht thánaisteach, lean obair ar aghaidh i rith 2020, i gcomhar leis na húdaráis mhíleata, ar leasú agus nuachóiriú Rialacháin éagsúla Óglaigh na hÉireann a rinneadh de bhun an Achta Cosanta, 1954.

## Gearáin a Rinneadh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Bainistíonn Brainse Beartais Phearsanra Óglaigh na hÉireann de chuid na Roinne cásanna a thionscnaítear in aghaidh an Aire Cosanta leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus leis an gCúirt Oibreachais. Oibríonn an Brainse go dlúth le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) agus amhlaidh á dhéanamh.

Cuirtear sonraí ar fáil i gCairt 2.2 ar Ghearáin faoi Chaidreamh san Ionad Oibre (OPAS) a rinneadh i rith 2020

**Cairt 2.2**
Sonraí faoi Ghearáin Caidrimh san Ionad Oibre (OPAS) a rinneadh i rith 2020



**SPRIOC STRAITÉISEACH**

Bainistíocht éifeachtach agus nuálach acmhainní

## Bainistíocht Airgeadais

Cuirtear sonraí cuimsitheacha ar fáil faoi chaiteachas an Vóta Cosanta agus Vóta Pinsean an Airm i rith 2020 i Mír 4.1 agus 4.2 sa tuarascáil seo agus tá i Mír 4.3 sonraí faoi mhéid na n-idirbheart a próiseáladh.

Maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí um Íoc Pras, íocadh 99.2% de na híocaíochtaí go léir a rinneadh in 2020, laistigh den Earnáil Chosanta, laistigh de 30 lá, agus rinneadh 89.5% de na híocaíochtaí go léir laistigh de 15 lá. Íocadh ús um Íoc Pras €4,772 le haghaidh íocaíochtaí déanacha ar 242 sonrasc (€641,515 san iomlán) de réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 (na Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála, 2002).

Leag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte plean nuashonraithe amach le déanaí don chlár oibre Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (SCBA) don bhliain 2021, a dhíríonn ar ullmhúcháin chun aistriú go dtí comhlachtaí earnála poiblí Thonn 1 ag deireadh 2021. Mar gheall go bhfuil an Roinn Cosanta ceaptha aistriú mar chuid de Thonn 2, agus nach bhfuil aon dáta ar fáil go fóill don Tonn seo, cuireadh tús le hobair lena chinntiú go leanaimid le cobhsaíocht agus athléimneacht ár gcóras reatha a chothú.

D'imir COVID-19 tionchar gan choinne ar gach gné den Eagraíocht Chosanta in 2020 agus caitheadh breis agus €15 milliún gan choinne in 2020. Íocadh as an gcaiteachas breise go léir as leithdháileadh foriomlán an Vóta Cosanta don bhliain 2020. Chinntigh pleanáil teagmhais stuama agus saoráidí feabhsaithe cianoibrithe a cuireadh i bhfeidhm i rith 2020 gurbh fhéidir leis an mBrainse Airgeadais leanúint le próiseáil éifeachtúil a dhéanamh ar íocaíochtaí le soláthraithe, Pearsanra Óglaigh na hÉireann agus Pinsinéirí an Airm i gcaitheamh na bliana. Sholáthair seo dearbhú mór, go hinmheánach agus go seachtrach araon, i rith tréimhse fhada ghéarchéime.

## Cros Dhearg na hÉireann

Rinne an Roinn Cosanta íocaíocht deontais bhliantúil €965,000 le Cros Dhearg na hÉireann in 2020, lena n-áirítear ranníocaíocht €835,000 i dtreo thuarastal agus chostais riaracháin reáchtála cheanncheathrú an Chumainn. Is ionann an fuílleach €130,000 agus ranníocaíocht na hÉireann le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

Bhí dúshláin airgeadais roimh Chros Dhearg na hÉireann in 2020, ar nós go leor carthanas eile, mar gheall ar COVID-19 agus thacaigh an Roinn Cosanta ina leith seo lena n-iarratas ar chistí ó Chiste Cobhsaíochta COVID-19 don Earnáil Phobail agus Dheonach de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Leithdháileadh €200,000 ón gciste ar Chros Dhearg na hÉireann.

## Dlíthíocht

Déanann Brainse Dlíthíochta na Roinne bainistiú ar chásanna a ghlactar i gcoinne an Aire Cosanta, lena n-áirítear Éilimh ar Dhíobhálacha Pearsanta, Athbhreithnithe Breithiúnacha, Toghairmeacha Iomlánacha agus Billí Sibhialta. Agus é sin á dhéanamh, oibríonn an Brainse go dlúth leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (an GÉS) agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) agus amhlaidh á dhéanamh.

Cuirtear sonraí ar fáil i gCairt 2.3 agus Tábla 2.5 faoin staid maidir leis na cásanna dlíthíochta go léir a láimhseáladh i rith 2020.




**Cairt 2.3**
Sonraí faoi Chásanna Dlíthíochta i rith 2020

- **Ar láimh 31/12/2020 (548)**
- **Réitithe in 2020 (145)**
- **Faighte in 2020 (95)**
- **Ar láimh 01/01/2020 (598)**

**Tábla 2.6**
Sonraí faoi chaiteachas Dlíthíochta i rith 2018, 2019 agus 2020

| | OPAS | | | AN GÉS | | | Eile | | | Iomláin | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fostaíocht | | | Díobháil Phearsanta | | | Ilghnéitheach | | | | | |
| | 2018 € | 2019 € | 2020 € | 2018 € | 2019 € | 2020 € | 2018 € | 2019 € | 2020 € | 2018 € | 2019 € | 2020 € |
| Socraíochtaí | 399,976 | 43,200 | 296,081 | 3,374,961 | 3,177,131 | 2,870,302 | – | – | – | 3,774,937 | 3,220,331 | 3,166,383 |
| Costais Dlí an Ghearánai | 420,113 | 1,149,496 | 747,703 | 1,900,846 | 862,458 | 1,723,800 | – | – | – | 2,320,959 | 2,011,954 | 2,471,503 |
| Costais Leighis | – | – | – | 95,298 | 124,872 | 114,054 | – | – | – | 95,298 | 124,872 | 114,054 |
| Táillí Aturnae Gnímhaireachta | – | – | – | 317,007 | 314,876 | 967,584 | – | – | – | 317,007 | 314,876 | 967,584 |
| Táillí Aturnae Comhairle | – | – | – | 459,144 | 570,108 | 179,604 | – | – | – | 459,144 | 570,108 | 179,604 |
| Táillí an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha | – | – | – | 21,369 | 10,668 | 5,400 | – | – | – | 21,369 | 10,668 | 5,400 |
| Costais Ilghnéitheacha | – | – | – | 78,565 | 133,541 | 86,348 | 2,277 | 14,948 | 394 | 80,842 | 148,489 | 86,742 |
| Costais Dlí DMP | – | – | – | – | – | – | 30,788 | 15,025 | 5,585 | 30,788 | 15,025 | 5,589 |
| **Iomláin** | 820,089 | 1,192,696 | 1,043784 | 6,247,190 | 5,193,654 | 5,947,092 | 33,065 | 29,973 | 5,979 | 7,100,344 | 6,416,323 | 6,996,855 |

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

Struchtúir bhainistíochta, an eagraíocht agus daoine a fhorbairt

## Idir-Réiteach agus Eadráin

Cuireann scéim Idir-réitigh agus Eadrána (IRaE) do bhaill an BFC meicníocht fhoirmiúil ar fáil do na Cumainn Ionadaíochta, i.e. Cumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnaithe (CIOC) (d'oifigigh) agus Cumann Ionadaíochta Chéimnigh eile na mBuan-Óglach (CICEBÓ) (do phearsanra liostáilte) chun dul i ngleic leis an ngné Oifigiúil d'ábhair a thagann faoi chuimsiú na scéime.

## Athbhreithniú ar an Scéim Idir-Réitigh agus Eadrána do Bhaill den BFC

Tháinig scéim leasaithe Idir-Réitigh agus Eadrána do bhaill den BFC i bhfeidhm ó Eanáir 2020. Cuimsítear na moltaí ón athbhreithniú ar an Scéim a críochnaíodh in 2018 sa scéim leasaithe ar ar aontaigh na páirtithe uile leis an Scéim.

Ceann de na moltaí a d'eascair as an Athbhreithniú ná gur cheart go mbeadh Cathaoirleach na Comhairle neamhspleách ó na páirtithe. Ceapadh an tUasal Declan Morrin ina Chathaoirleach neamhspleách i Márta 2020

## Cumann Ionadaíochta na Noifigeach Coimisiúnaithe (CIOC)

Le linn 2020, chuir CIOC cúig éileamh nua faoi bhráid na Comhairle Idir-Réitigh. Tionóladh sé chruinniú na Comhairle, cúig chruinniú an fhochoiste Pá agus Liúntais, agus tionóladh cruinniú amháin den fhochoiste Ionduchtúcháin. Síníodh ceithre thuarascáil na Comhairle Eadrána le CIOC in 2020, aontaíodh ar cheann amháin agus easaontaíodh ar thrí cinn.

## Cumann Ionadaíochta Chéimnigh Eile na Mbuan-Óglach (CICEBÓ)

Chuir CICEBÓ sé éileamh nua faoi bhráid na Comhairle Idir-Réitigh i rith 2020. Tionóladh sé chruinniú na Comhairle agus tionóladh trí chruinniú an fhochoiste Pá agus Liúntais i rith na bliana. Síníodh cúig thuarascáil na Comhairle Eadrána le Cumann Ionadaíochta Chéimnigh eile na mBuan-Óglach (CICEBÓ) in 2020, aontaíodh ar thrí cinn agus easaontaíodh ar dhá cheann.

## Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (an CCSP) 2018-2020

Rinneadh soláthar i gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020, do mhéaduithe ar phá idir ó 6.2% agus 7.4% i gcaitheamh shaolré an Chomhaontaithe. Rinneadh foirceannadh na nAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaith le Leas an Phobail (BAÉLP) soláthar do chlár bearta pá seirbhíse poiblí a bhí inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí fioscacha de a íocadh le baill Óglaigh na hÉireann in 2020 mar seo a leanas:

» Méadaíodh tuarastail bhliantúlaithe a mhéid le €32,000 0.5% an 1 Eanáir 2020; agus

» Rinneadh na tuarastail bhliantúlaithe go léir a mhéadú 2% ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

Cuireadh an ciorrú 5% ar liúntais a rinneadh san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2), 2009 i bhfeidhm arís ón 1 Deireadh Fómhair 2020, i gcomhréir le hAlt 24 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

## Ag Dul Ó Neart Go Neart: Comhaontú Seirbhíse Poiblí nua 2021-2022

Cuireadh tús le hidirbheartaíocht ar chomhaontú nua pá seirbhíse poiblí ag deireadh na Samhna 2020. D'éascaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO) na cainteanna. Scaip an CCÁO tograí ar chomhaontú comhchoiteann nua ar na páirtithe uile, ar chumainn ionadaíochta an BFC san áireamh, an 11 Nollaig 2020, go ndéanfaí breithniú orthu.



## An Treoir Maidir le hAm Oibre

Gheall an Rialtas chun Óglaigh na hÉireann (agus an Garda Síochána) a thabhairt faoi scóip an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, a rinne an Treoir maidir le hAm Oibre ón AE (Treoir 93/104/CE ón gComhairle an 23 Samhain 1993) a thrasuí isteach i ndlí na hÉireann.

Tá freagracht ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as an gcreat reachtaíochta a ullmhú agus lean an Roinn Cosanta le hidirchaidreamh gníomhach a dhéanamh leis an Roinn seo maidir leis an gceist seo i rith 2020.

Aithnítear sa Treoir um Am Oibre (TAO) cineál ar leith gníomhaíochtaí míleata áirithe agus ceadaítear ann maolú agus díolúintí a dhéanamh i gcás na ngníomhaíochtaí siúd. Thug an bhainistíocht shibhialta agus mhíleata faoi mhéid suntasach oibre chun na gníomhaíochtaí míleata a dheimhniú a thagann faoi chuimsiú scóip na Treorach. Deimhnítear, cé go bhféadfadh go gcáileodh roinnt gníomhaíochtaí do dhíolúine nó do mhaolú faoi fhorálacha an TAO, comhlíonann céatadán ard de ghnáthobair laethúil Óglaigh na hÉireann an Treoir um Am Oibre cheana féin.

Lean breithniúcháin ar na ceisteanna seo ar aghaidh i rith 2020 idir an bhainistíocht shibhialtach agus mhíleata agus leanfaidh ar aghaidh isteach in 2021, ag féachaint le heolas a chur ar fáil ar an gcur chuige a ghlacfaidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, atá freagrach as an sásra cuí reachtaíochta a fhorbairt chun an lándíolúine don Bhuanfhórsa Cosanta ó fhorálacha na Treorach um Am Oibre a bhaint agus foráil bhreise a dhéanamh d'aon díolúintí agus aon mhaolú a theastaíonn.

Bunaíodh fochoiste na Comhairle Idir-Réitigh agus Eadrána Cosanta (ina bhfuil Cumainn Ionadaíochta agus an bhainistíocht mhíleata agus shibhialta) chun ceisteanna a phlé, sa chás gur cuí, a bhaineann leis an Treoir um Am Oibre a chur i bhfeidhm. Ag eascairt as an bplé siúd, tá cleachtais leasaithe maidir le sos cúitimh tugtha isteach cheana féin. Cuireann seo le cleachtais oibre reatha a bhaineann le sos cúitimh a chomhlíonann an Treoir. Leanfar ag tabhairt faoi phlé le Cumainn Ionadaíochta Óglaigh na hÉireann, tríd an bhfóram seo, de réir mar a thagann an obair chun cinn.

## Inscne, Comhionannas agus Éagsúlacht in Óglaigh na hÉireann

Ar aon dul le tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann chun Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) a Chur i bhFeidhm, sheol Óglaigh na hÉireann (ÓÉ) Tríú Plean Gníomhaíochta ÓÉ chun Rúin CSNA 1325 agus Ghaolmhara a Chur i bhFeidhm i mí na Nollag 2020. Cuirtear tosaíochtaí na heagraíochta in iúl i dtríú ÓÉ chun an clár Mná, Síocháin agus Slándáil (MSS) a chur i bhfeidhm. Tá de chuspóir aige cur leis na héachtaí a rinneadh go dtí seo agus iad a chur in iúl go héifeachtach, chomh maith leis an mbealach a réiteach d'fhorbairtí amach anseo maidir le limistéar níos fairsinge MSS. Tá trí phríomhthosaíocht sa tríú leagan de Phlean Gníomhaíochta Óglaigh na hÉireann a bheidh i bhfeidhm ar feadh shaolré an phlean, is é sin, tionscnaimh a neartú atá i bhfeidhm cheana féin agus é ina chuspóir ag an tráth céanna a n-éifeachtacht a léiriú, breithniú a dhéanamh ar éifeachtaí fireannachtaí díobhálacha agus noirm idirdhealaitheacha inscne agus ar phróisis ÓÉ a fhorbairt a théann i ngleic le Teacht i dTír Gnéasach (TTG) agus Foréigean Inscnebhunaithe (FIB). Lean ÓÉ le hionadaíocht a dhéanamh in 2020 don Ghrúpa Maoirseachta ar phlean ar leibhéal náisiúnta na hÉireann, chomh maith le páirt ghníomhach a ghlacadh mar bhall de Chuibhreannas na hÉireann um Fhoréigean Inscnebhunaithe (CÉFIB). Lean Óglaigh na hÉireann le hidirchaidreamh leanúnach a dhéanamh le gníomhaíochtaí ECAT in 2020 trí cheapadh an chomhairleora mhíleata le hIonadaí Speisialta do Mhná, Síocháin agus Slándáil Ard-Rúnaí ECAT a chur ar siúl.

Mar chuid de chlár um Chur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin, ullmhaíodh suirbhé in 2020 chun baic ar dhul chun cinn ban sa Bhuanfhórsa Cosanta a shainaithint. Críochnófar an Tionscadal Páipéir Bháin seo in 2021, i ndiaidh go ndéanfar measúnú agus foilsiú ar na sonraí ón suirbhé. Lean obair ar aghaidh in 2020 ar Thionscadal Páipéir Bháin a d'fhiosraigh an méid a chuir bearta atá dírithe ar inscne leis an tsíocháin a choimeád, go háirithe maidir le pearsanra baineann. Cruthaíodh Meitheal Óglaigh na hÉireann in 2020 freisin chun bealaí a scrúdú chun neart pearsanra bhaineann laistigh den eagraíocht a mhéadú, agus déanfar tuairisciú air in 2021.



I ndiaidh gur seoladh an Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú LGBTI+ (Daoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha agus Idirghnéasacha) (2019-2021) in 2019, bhunaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais coiste monatóireachta ina bhfuil ionadaithe ó ranna rialtais, príomhchomhlachtaí poiblí, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna) a dhéanann ionadaíocht do dhaoine LGBTI+ agus d'ionadaithe fostóirí agus fostaithe in 2020. Is í aidhm na Straitéise Náisiúnta um Ionchuimsiú LGBTI+ "ionchuimsiú a chur chun cinn, cearta a chosaint agus caighdeán na beatha agus folláine a fheabhsú do dhaoine LGBTI+ a chuireann ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh i mbeatha shóisialta, gheilleagrach, chultúrtha agus pholaitiúil na hÉireann." Déantar ionadaíocht don Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann ar an gCoiste agus ghlac siad páirt i dtrí chruinniú a cuireadh ar bun go fíorúil in 2020. Cabhróidh an straitéis lena chinntiú gur croíghné é ionchuimsiú LGBTI+ i mbeartas eagraíochta agus Acmhainní Daonna laistigh den Eagraíocht Chosanta agus go ndéantar athbhreithniú leanúnach air.

Le haitheantas breise a thabhairt don chaoi nach mór déimeagrafaic shochaí na hÉireann a bheith le sonrú i bhFórsaí Cosantaí nua-aimseartha, bunaíodh comhghrúpa oibre sibhialta-míleata in 2019 chun forbairt Beartas Fostaíochta Trasinscneach a fhorbairt d'Óglaigh na hÉireann agus lean obair ar aghaidh ar an tionscnamh seo in 2020.


Maidir le héagsúlacht agus ionchuimsiú níos fairsinge, lean Cosain le Bród ('Defend with Pride'), Líonra LADT Óglaigh na hÉireann, ag tacú le pearsanra Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha agus Idirghnéasacha (LGBTI) laistigh den eagraíocht agus a dteaghlaigh. Bhuaigh an líonra 'Tionscnamh na hEarnála Poiblí is Fearr' freisin ag na Dámhachtainí Ceannaireachta agus Bainistíochta Acmhainní Daonna 2020. I gcaitheamh 2020, chuir Óglaigh na hÉireann le Gníomh 16 Ár Seirbhís Phoiblí (ÁSP) 2020 maidir le hÉagsúlacht agus Ionchuimsiú agus le Líonra Earnála Poiblí an 30% Club. I mbliana, rinneadh athbhreithniú seachtrach ar Ráiteas Straitéise agus Plean Gníomhaíochta Éagsúlachta agus ionchuimsithe ÓÉ sula ndearnadh athbhreithniú sceidealaithe air in 2021.

D'athdhearbhaigh Óglaigh na hÉireann a dtiomantas freisin do thacú le himeachtaí a eagraítear chun infheictheacht LGBTI+ a chur chun cinn, cuidíodh le Mórshiúl Fíorúil Bróid (Pride) 2020 i bhfoirm teachtaireacht fhíorúil bhróid le Cathaoirleach Cosain le Bród, Líonra LGBTQI+ Óglaigh na hÉireann agus teachtaireacht tacaíochta agus dlúthphháirtíochta leis an tSeirbhís Séiplíneachta faoi stiúir an Phríomhshéiplínigh san áireamh.

## Éagóracha a Chur ina gCeart

Tugtar i gCairt 2.4 sonraí dheireadh na bliana maidir le 101 iarratas ar Éagóracha a Chur ina gCeart a fuarthas i rith 2020 agus cuirtear figiúirí ón mbliain 2018 agus 2019 ar fáil freisin ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.

**Cairt 2.4**
Éagóracha a Réiteach - iarratais
2018, 2019 agus 2020




* Críochnaíodh iad seo, seachas iad a aistarraingt, mar gheall gur ghlac na gearánaithe le torthaí an Oifigigh ar an gceist.

## Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann (OÓÉ) don bhliain 2019 an 4 Samhain 2020. Luaitear sa Tuarascáil gur tháinig méadú ar an líon fógraí gearán a fuarthas in 2019 i gcomparáid le 2018. Atreoraíodh 17 gcás nua chuig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann (OÓÉ) go ndéanfar imscrúdú iomlán orthu i rith 2019.

I rith 2020, phléigh an tAire le 57 cás-tuairisc, ar an iomlán, a chuir an tOmbudsman le chéile, ar bhain 39 díobh le cás-tuairiscí a seoladh ar aghaidh i rith 2018 agus 2019 agus ar bhain an fuílleach díobh (18) le cásanna 2020.


## Tástáil Drugaí i Rith 2020

Cuireadh isteach go mór ar oibríochtaí tástála drugaí randamaí éigeantaí (TDRÉ) mar gheall ar shrianta COVID-19 a cuireadh i bhfeidhm go náisiúnta i rith 2020. Ina ainneoin seo, rinne foireann tástála drugaí Óglaigh na hÉireann 762 tástáil fhánach drugaí in 10 láthair éagsúla, ar an iomlán. D'eascair 11 thoradh dhearfacha astu seo agus is ionann seo agus 1.54% de na baill go léir a tástáladh. Tá seo ar aon dul, tríd is tríd, leis an treocht ghinearálta le blianta beaga anuas.

Tugtar sonraí breise i gCairteacha 2.5 agus 2.6 thíos, agus déantar comparáid le blianta beaga anuas freisin.


I dtaobh tástáil spriocdhírithe drugaí, bhí cúigear pearsanra sa chlár spriocdhírithe tástála drugaí ag tús 2020. Tugadh faoi 16 thástáil spriocdhírithe, ar an iomlán, i rith na tréimhse tástála, in ainneoin COVID-19, agus ghlac duine breise amháin páirt sa chlár i rith na bliana. As an bpearsanra seo, chríochnaigh triúr pearsanra an próiseas agus coimeádadh sa tseirbhís iad, bhain pearsanra amháin tástáil dhearfach amach i dtaobh substaintí drugaí rialaithe agus rinneadh iad 'a Dhíscaoileadh i ngeall ar Cheannach'. Bhí beirt daoine sa phróiseas spriocdhírithe tástála drugaí go fóill ag deireadh 2020.

**Cairt 2.5**
Sonraí faoi Thástálacha Éigeantacha Fánacha Drugaí ó 2013 go 2020




* Dhá thoradh dhearfacha san áireamh in 2018 agus 2020 faoin teideal "Teip ar Thuairisciú".

**Cairt 2.6**
Tástálacha Éigeantacha Fánacha Drugaí de réir láithreach in 2018, 2019 agus 2020



## Tacaíocht do Ghrúpaí Iarshaighdiúirí



Cuimsítear i gClár an Rialtais gealltanas chun tacú le hionaid a bhunú do bhaill Óglaigh na hÉireann a chuaigh ar scor. Rinneadh seo a chuimsiú isteach i ngníomhaíochtaí leanúnacha na Roinne ina raibh baint ag dhá Bhrainse, is é sin, Forbairt Cumais (Daoine) agus Tacaíocht (FGL) agus Bainistíocht Réadmhaoine (BR).

Tá Comhaontuithe Seirbhíse ag an Roinn le gach ceann de na Cumainn Seansaighdiúirí aitheanta agus íocadh deontais bhliantúla €100,000 go €110,000 leis an Eagraíocht Phearsanra Iarsheirbhíse Náisiúnta (ONE) agus le Cumann Sheansaighdiúirí Éireannacha na Náisiún Aontaithe (IUNVA), faoi seach, in 2020. Anuas air sin, bronnadh cistiú iomlán €300,000 (€100,000 sa bhliain i rith na dtrí bliana 2020 go 2022) faoi Phlean Gníomhaíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin 2020 chun cabhrú le tionscadail ar leith ONE agus IUNVA.

D’ainneoin na ndeacrachtaí a chruthaigh COVID-19, ghlac an tAire Cosanta páirt i gcruinnithe ó chian i mí na Nollag leis na hEagraíochtaí Iarshaighdiúirí aitheanta go léir inar pléadh ceisteanna ar dhíol spéise iad do na heagraíochtaí seo.

## Foghlaim agus Forbairt na Státseirbhíse

Leanadh le nós na Roinne ina dtugtar tús áite do dheiseanna forbartha agus foghlama a fhorbairt don fhoireann in 2020. Mar thoradh ar COVID-19, rinneadh aistriú bunúsach ó fhoghlaim thraidisiúnta rangbhunaithe sa Roinn, go foghlaim dhigiteach. I rith 2020, cuireadh 803 idirghabháil foghlama agus forbartha ar siúl trí chúrsaí sa seomra ranga agus trí chúrsaí oiliúna digiteacha, comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe faisnéise. Is ionann seo agus laghdú thart ar 50% ar idirghabháil i gcomparáid le 2019, agus is é tionchar phaindéim COVID-19 is cúis dhíreach leis. B'ionann an caiteachas foriomlán ar fhoghlaim agus forbairt i rith na bliana agus €211,671. Leanann an Roinn lena chinntiú go ndírítear ar riachtanais foghlama agus forbartha, riachtanais na hEagraíochta Cosanta san áireamh, de réir mar is gá.

## Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann tiomanta don chaighdeán is airde de Sheirbhís do Chustaiméirí a sholáthar do na daoine aonair agus na heagraíochtaí a mbíonn siad ag idirghníomhú leo. Leagtar amach i gCairt Chustaiméirí na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann na caighdeáin seirbhíse a bhímid meáite a bhaint amach i gcomhréir le prionsabail Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, de réir mar atá ceadaithe ag an Rialtas. Rinneadh teagmháil leis an Roinn 236,774 uair, ar an iomlán, i rith 2020 ar an nguthán, tríd an bpost nó ar ríomhphost. Ní bhfuarthas aon chomhfhreagras trí Ghaeilge. Go hachomair, aithníodh 98.7% den chomhfhreagras a fuarthas laistigh de thrí lá oibre agus b'ionann an ráta freagartha laistigh de thrí seachtaine oibre agus 99.8%.

## Soláthar Cumarsáide agus Láithreacht sna Meáin Shóisialta

Bunaíodh Oifig Bainistíochta Soláthair agus Clár Cumarsáide na Roinne in 2020. Is í an oifig seo an príomhphointe teagmhála idir an Roinn agus baill na meán chun seirbhís faisnéise a sholáthar ar gach gné de chuid ghníomhaíochtaí na Roinne. Déanann an oifig obair an Aire agus na Roinne a chur in iúl do na meáin agus freagraíonn siad iarratais agus iarrataí meáin. Tá caidreamh dlúth oibre ag an Oifig chomh maith le hOifig Preasa Óglaigh na hÉireann. In Iúil, bhunaigh an Roinn láithreacht oifigiúil Twitter, @IRLDeptDefence, a bhfuil de chuspóir aige páirtithe leasmhara a chur ar an eolas ar fhorbairtí sna brainsí go léir. Déanann Oifig Bainistíochta Soláthair agus Clár Cumarsáide an cuntas seo a bhainistiú. Rialaítear cuntas Twitter trí Bheartas Meán Sóisialta na Roinne, ar féidir teacht air ar láithreán gréasáin na Roinne, agus ar phróifíl Twitter na Roinne.

Tá roinnt fo-aonad i mBrainse Caidrimh Phoiblí (BCP) Óglaigh na hÉireann a dhéanann idirchaidreamh ar leibhéil éagsúla leis na meáin, an pobal agus lucht leanúna inmheánach Óglaigh na hÉireann. Áirítear leis na hoifigí seo an Oifig Preasa, an Oifig Faisnéise, an Scoil Chlosamhairc, Grianghrafadóir Cosanta, Oifig An Cosantóir agus an Oifig Cumarsáide Inmheánaí.

Tá gach oifig faoi threoir Straitéis Cumarsáide Óglaigh na hÉireann, Threoirlínte Cumarsáide agus Idirchaidrimh Óglaigh na hÉireann agus Bheartas Meán Sóisialta Óglaigh na hÉireann. Cuireann BCP Óglaigh na hÉireann roinnt foilseachán le chéile faoi láthair, An Cosantóir agus Athbhreithniú Óglaigh na hÉireann (Defence Forces Review) san áireamh. Déanann BCP Óglaigh na hÉireann meáin shóisialta a chothú a bhuaigh gradam i measc ardáin éagsúla, Facebook, Instagram, Twitter, YouTube agus Spotify ina measc. Tá 41 fochuntas meán sóisialta gníomhach Óglaigh na hÉireann ann faoi láthair (10 x Facebook, 10 x Instagram agus 21 x Twitter) ar a ndéanann BCP Óglaigh na hÉireann monatóireacht leanúnach lena chinntiú go mbaintear an caighdeán is airde d'ábhar agus de rannpháirtíocht amach.

## Scéim Gaeilge

Tá an Roinn Cosanta tiomanta do na hoibleagáidí a chomhlíonadh a leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 i dtaobh an leibhéil seirbhíse a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge. Leanann an Roinn lena gealltanais a shásamh faoin Scéim Gaeilge maidir le seirbhísí atá le soláthar trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla in 2020. Anuas ar ár ngealltanais a shásamh, cuireadh oiliúint ar fhoireann bhreise ar leibhéil scileanna éagsúla chun seirbhísí a sholáthar.

## Plean Athnuachana na Státseirbhíse

Lean an Roinn ar aghaidh le cur le forbairt agus le cur i bhfeidhm cláir athnuachana agus forbartha na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí. I rith na bliana, ghlac foireann na Roinne páirt i Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse 2020 agus tá súil leis go bhfoilseofar torthaí an tSuirbhé i Ráithe 2 2021.

Rinneadh freagairt chomhordaithe na Roinne agus Óglaigh na hÉireann do phaindéim COVID-19 a chur faoi bhráid, agus a chur san áireamh, in Imeacht Aitheantais Nuálaíochta agus Sármhaitheas na Státseirbhíse.

## Ár Seirbhís Phoiblí (ÁSP) 2020

Bunaíonn Ár Seirbhís Phoiblí 2020 an straitéis fhoriomlán d'fhorbairt agus nuálaíocht sa tSeirbhís Phoiblí go dtí 2020 agus ina dhiaidh sin. Tá sé deartha chun cur le héachtaí suntasacha na gcéimeanna athchóirithe roimhe seo agus, i gcomhthráth, chun aghaidh a thabhairt ar thionscnaimh nua chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcultúr d'fheabhsúchán leanúnach ar fud na Seirbhíse Poiblí. Treoróidh Clár Athchóirithe nua 'ÁSP2030' an cur chuige níos fadtéarmaí.

Mar chuid de ÁSP 2020, roghnaíodh an Eagraíocht Chosanta (an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann) mar an phríomheagraíocht chun Gníomh 10 – Bainistíocht Cláir agus Tionscadail a Leabú ar fud na seirbhíse poiblí, a chur i bhfeidhm. Tá sé seo á éascú ag an bhFoireann Éascaithe um Chur i bhFeidhm an Pháipéir Bháin shibhialta-mhíleata agus bhí siad i mbun dlúth-teagmhála le comhlachtaí seirbhíse poiblí eile agus leis an Líonra Bainisteoirí Tionscadail. D'oibrigh an fhoireann le hOifig Athchóirithe agus Soláthair na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun ceithre chomhdháil seimineár gréasáin a éascú i rith 2020 inar phléigh aoichainteoirí agus painéalaithe príomhlimistéir théama bainistíochta tionscadal agus ina bhfuarthas aiseolas trí vótáil bheo. Shainaithin Foireann Ghníomh 10, ina gcuimsítear pearsanra ó earnálacha éagsúla ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, ocht dtionscnamh roimhe seo, mar seo a leanas:



**Tionscnamh 1:** Scóip Bainistíochta Cláir agus Tionscadail, Measúnú Aibíochta, Iniúchóireacht agus Tagarmharcáil. Sholáthair roinnt ceistneoirí agus vótála ar tugadh fúthu ag gach ceann de cheithre chomhdháil an Líonra Bainisteoirí Tionscadal (an LBT) in 2020 roinnt táscairí luatha i leith measúnú aibíochta ach teastaíonn níos mó oibre a dhéanamh ar an tionscnamh seo.

**Tionscnamh 2 -** Treoirlínte Rialachais agus Tuairiscithe. Dhírigh ceardlann i bhFeabhra 2020 go háirithe ar shainmhíniú a thabhairt ar Oifigí Bainistíochta Tionscadal agus ar shaghsanna oifigí i ngach eagraíocht. Rinne roinnt plé freisin ar conas a thagann siad le cuspóirí straitéiseacha gach eagraíochta. Eisíodh ceistneoir leantach le roinnt príomhchleachtais rialachais a dheimhniú i measc comhlachtaí seirbhíse poiblí. Bailíodh agus cuireadh na torthaí i láthair ag cruinniú comhdháil ghréasáin Fhoireann Ghníomh 10 an 11 Nollaig.

**Tionscnamh 3:** Straitéis Cumarsáide. Tá naisc láidre ag an tionscnamh seo le gach tionscnamh de chuig Ghníomh 10 agus lena ngníomhaíochtaí gaolmhara agus éascaíodh é in 2020 trí sheimineáir ghréasáin, físeáin, nuashonruithe ar thairseach ÁSP etc.

**Tionscnamh 4:** Tionscadail phíolótacha bheartais/straitéiseacha a shainaithint chun tairbhí Bainistíochta Cláir agus Tionscadail a léiriú. Leantar le cás-staidéir eiseamláireacha agus treoir thagartha a nuashonrú le staidéar ábhartha a rinneadh ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí. Tá iad seo ar fáil ag **www.ops2020.gov.ie**. Chuir cláir oiliúna, ar nós OneLearning, cúrsa tús eolais ar siúl ar Bhainistíocht Tionscadal agus spreagadh an cúrsa oiliúna OA do Chéimithe iad seo a úsáid chun cur leis an gcroí-oiliúint.

**Tionscnamh 5:** Bainistíocht Clár agus Tionscadal a chomhtháthú isteach in oiliúint ar fud na seirbhíse poiblí. Chuir an Foghrúpa Oiliúna sraith cáipéisí le chéile a bhaineann le cúrsaí deimhnithe agus inniúlachtaí bainistíochta tionscadal. Ghlac baill páirt dhíreach sa chlár oiliúna OA agus rinne siad plé ar dheiseanna chun na deiseanna oiliúna reatha bainistíochta tionscadal a athnuachan a chuirtear ar fáil trí OneLearning.

**Tionscnamh 6:** Aimsiú Líonra Bainisteoirí Tionscadail reatha na Státseirbhíse (LBTSS) a fhorbairt, lena n-áirítear le folíonraí féideartha ar leibhéal seirbhíse poiblí. I ndiaidh gur bhris COVID-19 amach, éascaíodh gach ceann de na ceithre chomhdháil in 2020 trí sheimineáir ghréasáin. Bhí freastal maith ar na comhdhálacha agus pléadh téamaí éagsúla iontu a d'éascaigh aoiláithreoirí agus aoiphainéalaithe ilchineálacha. Seo a leanas dátaí agus teidil na gcomhdhálacha:

- An 28 Bealtaine 2020 – "Bainistíocht Tionscadal: ag Tacú le Bainisteoirí Tionscadal sa tSeirbhís Phoiblí" – ina raibh cainteoirí ó Bhonneagar Iompair Éireann faoi "Tionscadail Ollmhóra a Bhainistiú" agus ón GBRÁ faoi "Ag Tacú le Bainisteoirí Tionscadal trí Rialachas Ceart".
- An 21 Iúil 2020 – "Bainistíocht Tionscadal: Inniúlachtaí agus Cáilíochtaí" – ina ndearna Cathaoirleach an Fhoghrúpa Oiliúna, Foireann Ghníomh 10, cur i láthair agus inar seoladh físeán faoi "Conas an Lámhleabhar BT a Úsáid" agus ina ndearna Uisce Éireann cur i láthair ar siúl faoi "Cumas Oifigeach Bainistíochta Tionscadal – Eispéireas Uisce Éireann" ina dhiaidh sin.
- An 8Meán Fómhair 2020 – "COVID-19: An réadúlacht nua do Bhainistíocht Tionscadal agus Clár" – ina ndearna Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin cuir i láthair faoi "Todhchaí Éiginnte agus Cathracha Dofheicthe" agus ina ndearna an Ghníomhaireacht Tithíochta cuir i láthair ar "an Scéim Réitigh Piríte – Freagairt do COVID-19".
- An 1 Nollaig 2020 – "Tionscadail a Bhainistiú go Cianda – Peirspictíochtaí Poiblí agus Príobháideacha" – ina ndearna Fujitsu Ireland Ltd agus an Bord Oideachais agus Oiliúna, an Roinn Oideachais agus Scileanna, cuir i láthair ar eispéiris phraiticiúla de thionscadail a bhainistiú i gcomhthéacs deiseanna laghdaithe ar an láthair.

D'fhreastail thart ar 200 duine, ar an meán, ar fud na seirbhíse sibhialta agus poiblí ar gach comhdháil fhíorúil.

**Tionscnamh 7:** Lámhleabhair do Bhainistíocht Cláir agus Tionscadail. Leanadh leis an Lámhleabhar a chur chun cinn i rith 2020 trí sheoladh an fhíseáin ag comhdháil an LBT in Iúil agus i gcomhráite le OneLearning agus na soláthraithe oiliúna do Chéimithe OA.

**Tionscnamh 8:** Cur chuige forbartha i leith Bainistíocht Clár agus Tionscadal a chur i bhfeidhm agus aird ar bhreithnithe bainistíochta cultúrtha agus athruithe. Thit roinnt plé amach ar bhainistíocht cultúir agus athruithe ag ceardlanna agus trí chomhdhálacha an LBT, ach beidh forbairt bhreise ag teastáil.




## Státseirbhísigh agus Fostaithe Sibhialtacha

Ba é an líon foirne státseirbhíse a bhí fostaithe ag an Roinn Cosanta an 31 Nollaig 2020 375 (Coibhéis Lánaimseartha 361.18). Cuireadh 10 gcomórtas ar siúl in 2020 i measc réimse grád. Fostaíonn an Roinn Cosanta foireann shibhialtach freisin ag suiteálacha éagsúla míleata chun tacú le hobair Óglaigh na hÉireann. Tá na gráid a fhostaítear leata thar réimse leathan agus áirítear leo oibrithe ceirde (Leictreoirí, Siúinéirí, Pluiméirí, Feisteoirí, Táthairí, etc.), seirbhísí (Oibrithe Ginearálta), riarachán (Cléirigh, Stórasóirí), gairmithe cúram sláinte (Oibrithe Sóisialta, Fisiteiripeoirí, Cógaiseoirí) agus gráid speisialaithe eile (Cartlannaithe, Cigirí/Teagascóirí Aerárthaí, Teicneoirí, Suirbhéirí Cainníochta, Línitheoirí).

Rinneadh 32 ceapachán sibhialtach in 2020 ó chomórtais sheachtracha agus bronnadh deich n-ardú céime inmheánacha. Cuireadh 19 gcomórtas ar siúl i rith na bliana le haghaidh thart ar 41 folúntas. Ba é an líon fostaithe sibhialtacha, a bhí fostaithe ag an Roinn ag deireadh 2020, gan iad siúd a áireamh nár ceapadh iad go fóill, 455 (Coibhéis Lánaimseartha 446.42).

## Freagairt na Bainistíochta Saoráidí do COVID-19

In 2020, rinneadh go leor díriú ar agus airde a thabhairt ar fhreagairt don timpeallacht athraitheach a chur COVID-19 i láthair. Bhí baint lárnach ag Bainistíocht Saoráidí le freagairt na Roinne i ndul i ngleic lenár riachtanais agus ár ngátair shábháilteachta go léir, le cabhrú lena chinntiú go rabhamar go léir sábháilte, ag an obair agus sa bhaile araon. Seo a leanas na tascanna a ndeachaigh Bainistíocht Saoráidí i ngleic leo nuair a bhí prótacail COVID-19 á gcur i bhfeidhm a ndeachaigh an Rialtas agus FSS i ngleic leo:

- Treoirlínte rialta eolais a sholáthar don fhoireann maidir le prótacail a bhfuiltear le cloí leo agus le glacadh leo i rith gach céime den phaindéim
- Comharthaíocht agus fógraí méadaithe i measc na bhfoirgneamh go léir. Scáileáin curtha in airde i gceaintíní agus limistéir fáiltithe
- Gléasanna lámhshaora feistithe ar stáisiúin uisce agus coirí Burco
- An TCP COVID-19 go léir suiteáilte agus leantar le hé a choimeád (díghalaráin lámh/tuáillí páipéir agus ciarsúir). Eisíodh maisc aghaidhe agus ciarsúir don fhoireann go léir in 2020.
- Cothabháil sláinteachais a chinntiú (na pointí tadhaill a ghlanadh roinnt mhaith amanna gach lá). Leibhéal méadaithe glanta i ngach foirgneamh Roinne.
- Oibriú trí chóras rianaithe teagmhálaithe don fhoireann agus cuairteoirí, áit ar gá don fhoireann agus na cuairteoirí go léir leanúint ag síniú isteach ag fáiltiú.

In ainneoin na dianghlasála tosaigh agus na leibhéal ilchineálach srianta a tugadh isteach i rith na paindéime, lean foirgnimh uile na Roinne de bheith ar oscailt i rith 2020. Cé nach bhfuil sé indéanta cosc a chur ar chásanna teacht aníos, leanann an Roinn agus a foireann ag cloí leis na treoirlínte thuas chun cosc a chur ar tharchur pobail tarlú laistigh dá foirgnimh.

## Comhionannas

Leanann an Roinn uirthi ag feidhmiú i dtimpeallacht neamhleatromach de réir na nAchtanna Comhionannais agus tá sé mar aidhm aici cinnte a dhéanamh de go gcuirfear i bhfeidhm prionsabail an chomhionannais fostaíochta maidir le hearcú, ardú céime, oiliúint agus taithí oibre.

Chun Cuid 5 den Acht um Míchumas, 2005 a chomhlíonadh, thug an Roinn Cosanta faoi thacú le daoine faoi mhíchumas a fhostú agus an fhostaíocht sin a chur chun cinn, nuair a bhí sé indéanta. Ba é an céatadán státseirbhíseach a dhearbhaigh iad féin go bhfuil siad faoi mhíchumas 4.27% agus ba é an céatadán fostaithe sibhialtacha faoi mhíchumas ag deireadh 2020 6%.

Is é beartas na Roinne go dtugtar comhionannas deise don fhoireann go léir agus go gcaitear mar an gcéanna le gach duine. Áirítear sa bheartas gealltanas maidir le sprioc an Rialtais a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm aige go líonfar le mná aon trian de na poist ar ghrád an Phríomhoifigigh Chúnta. In 2020, ba mhná iad 35% de na Príomhoifigigh agus 52% de na Príomhoifigigh Chúnta. Tríd is tríd, ba mhná iad 47% den fhoireann ar ghráid an Phríomhoifigigh Chúnta agus os a chionn.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Soláthraíonn Brainse TFC na Roinne na hardáin agus na córais theicniúla lena chur ar chumas na foirne tabhairt faoina bhfeidhmeanna agus cuid lárnach de chlár tacaíochta 2020 ba ea cothabháil agus forbairt na rudaí seo.

B'éard a bhain le príomhghné de chlár oibre an Bhrainse TFC in 2020 an fhreagairt mhear a theastaíonn mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Rinne an Brainse TFC bonneagar coimpléascach TFC na Roinne a scálú aníos go tapa agus go rathúil le cianoibriú a chumasú don fhoireann agus freastal ar chianoibriú ina measc.

Leanadh le straitéis TFC cúig bliana na Roinne a chur i bhfeidhm i rith 2020 chun dul i ngleic leis na dúshláin chasta agus na hathruithe ar theicneolaíochtaí, soláthar seirbhíse agus an timpeallacht slándála atá ag teacht chun cinn.

Lorgaíonn an straitéis, a threoraíonn infheistíocht amach anseo in, agus bainistíocht ar TFC laistigh den Roinn, lena chinntiú go nglactar cur chuige straitéiseach i leith forbairt leanúnach seirbhísí agus cumas TFC agus go bhfuil díriú TFC go hiomlán ailínithe le riachtanais ghnó na Roinne sna blianta amach romhainn.

Bhain an straitéis leas, trí chur chuige 'Tógáil le Roinnt ar dtús', as deiseanna ábhartha a bhí ar fáil trí thionscnaimh 'Tógáil le Roinnt' agus 'Néalardán Rialtais' Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR). In 2020, d'éirigh leis an Roinn roinnt dá croísheirbhísí TFC a aistriú go rathúil faoi cheann de na tionscnamh seo, 'an Deasc Bhainistithe Tógáil le Roinnt'. Rinneadh seirbhísí cosúil le ríomhaireacht deisce, ríomhphoist, comhroinnt comhad, seirbhísí líonra, clódóireacht, feidhmchláir a óstáil, teileafónaíocht, bainistíocht gléas móibíleach, agus físchomhdháil go léir a aistriú go rathúil chuig OPOFR. Ba phríomhghné leis an Roinn a chumasú feidhmiú go hiomlán i rith phaindéim COVID-19 ná an tionscadal casta seo a dhéanamh agus a chríochnú go rathúil.

## An Oifig um Sholáthar Rialtais

Is príomhghné é an soláthar de chlár athchóirithe seirbhíse poiblí an Rialtais agus is cuid shuntasach den chaiteachas iomlán é. Bunaíodh an Oifig um Sholáthar Rialtais (an OSR) chun a chinntiú go ndéantar an soláthar poiblí ar bhealach comhordaithe agus éifeachtach agus go ndéantar coigiltí inbhuanaithe a bhaint amach don cháiníocóir.

I rith 2020, lean an Eagraíocht Chosanta leis an bhféidearthacht chun comhoibriú feabhsaithe a bhaint amach i gcomhghníomhaíochtaí soláthair tríd an gComhairle Catagóire um an Earnáil Chosanta agus Slándála, a bunaíodh faoi choimirce an OSR. Tá an Roinn Cosanta ina cathaoirleach ar an gComhairle Catagóire seo agus déanann pearsanra ón nGarda Síochána agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann ionadaíocht di a bhfuil freagracht orthu as soláthar. Déanann an Eagraíocht Cosanta ionadaíocht freisin ar na Comhairlí Catagóirí cuí do phunanna caiteachais eile (an tSláinte, an tOideachas agus an Rialtas Áitiúil). Baineann an Eagraíocht Cosanta úsáid as creatchonarthaí lárnacha chun earraí agus seirbhísí a fháil a bhaineann leis an tSeirbhís Phoiblí go léir.

Déantar ionadaíocht freisin don Roinn Cosanta ar Fheidhmeannacht Soláthair an OSR ar leibhéal an Phríomhoifigigh, agus chas an grúpa seo lena chéile 15 huaire le linn 2020.


IRELAND

# Mír 3

## Aschur Oibríochtúil Óglaigh na hÉireann

**SPRIOC STRAITÉISEACH**

Oibríochtaí a sholáthar go rathúil

### Cúnaimh don Chumhacht Shibhialta

Is ar an Roinn Dlí agus Cirt agus ar an nGarda Síochána atá an phríomhfhreagracht as cúrsaí slándála intíre. Cuireann Óglaigh na hÉireann Cúnamh don Chumhacht Shibhialta (CCS) ar fáil, ar iarraidh. Cuirtear sonraí ar fáil i dTábla 3.1 faoi líon agus saghas na n-oibríochtaí CCS nuair a sholáthair Óglaigh na hÉireann tacaíocht don Gharda Síochána i rith 2020 agus déantar comparáid ann le blianta beaga anuas.

Anuas air sin, lean na Fórsaí Cosanta ag tabhairt faoi gharda 365 lá faoi arm ag Tithe an Rialtais agus ag Príosún Phort Laoise. Eascraíonn na misin seo ó threoir a thugann an Rialtas seachas iarratas CCS an Gharda.

**Tábla 3.1**
Cúnaimh do na hoibríochtaí Cumhachta Sibhialta 2017-2020

| Saghas na hOibríochta CCS | Líon na nOibríochtaí | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
| Misin Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána | 991 | 1,131 | 1,199 | 1,070 |
| Patróil an Bhainc Cheannais | 1,095 | 1,095 | 1,095 | 1,095 |
| Dualgais slándála aerfoirt | 293 | 299 | 296 | 178 |
| Garda slándála táirgthe phléascaigh | 365* | 365* | 365* | 365* |
| Garda slándála an Bhainc Cheannais[3] | 365* | 365* | 365* | 365* |
| Tionlacaithe príosúnaigh | 159 | 130 | 91 | 29 |
| Glaonna chuig an láthair maidir le hOrdanáis Phléascach Dhiúscairt | 100 | 70 | 88 | 81 |
| Oibríochtaí tumtha na Seirbhíse Cabhlaigh | 4 | 5 | 7 | 5 |
| Tionlacaithe pléascacha | 8 | 5 | 5 | 7 |
| Tionlacaithe Airgid faoi bhealach EURO | 4 | 5 | 5 | 6 |
| Garda ospidéil | 14 | 2 | 5 | 3 |
| Cuairteanna daoine móra le rá | 2 | 2 | 3 | 1** |
| Oibríochtaí cuardaigh | 8 | 9 | 15 | 12 |
| An tAerchór (Eile) | 0 | 0 | 2 | 9 |
| **Iomláin** | **3,408** | **3,483** | **3,541** | **3,226** |

* Tagraíonn seo do laethanta

** Cuairt Dhiúc agus Bhandiúc Cambridge i Márta 2020

3 Aisíocann an Roinn an costas geilleagrach iomlán a thabhaítear mar thoradh ar sheirbhísí tionlacain agus slándála a chuirtear ar fáil don Bhanc Ceannais sa bhliain roimhe sin. Ba é costas iomlán na seirbhíse seo in 2018 €1.33 milliún agus fuarthas an tsuim seo ón mBanc Ceannais an 14 Deireadh Fómhair 2019.




## Imlonnú Thar Lear

Agus oibríochtaí thar lear á bpleanáil agus á dtacú, is cuid ríthábhachtach í Comh-rannpháirtíocht fhoireann Óglaigh na hÉireann agus na Roinne chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar imlonnú. Áirítear leis seo oibríochtaí ionchasacha a athbhreithniú, uainíocht a phleanáil, agus pleanáil agus oiliúint soláthair. Oibríonn an Roinn agus Óglaigh na hÉireann le chéile chun cinnte a dhéanamh de go mbaintear a oiread tairbhe agus is féidir as na roghanna atá ar fáil don Rialtas chun comhlíonadh lena dualgais idirnáisiúnta agus cuspóirí beartais eachtraigh agus chosanta na hÉireann a chur chun cinn. D'fhóin 1,607 ball den BFC thar lear i misin éagsúla i rith 2020. Cuirtear miondealú ar fáil i dTábla 3.2 ar chatagóirí misin agus ar imlonnú trúpaí an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig do na blianta 2018, 2019 agus 2020.

**Tábla 3.2**
Sonraí faoi Phostálacha Thar Lear 2018*, 2019* agus 2020

| Misean | An 01 Ean 2018 | An 31 Nol 2018 | An 01 Ean 2019 | An 31 Nol 2019 | An 01 Ean 2020 | An 31 Nol 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| UNTSO (An Meánoirthear) | 12 | 12 | 12 | 9 | 9 | 11 |
| MINURSO (An Sahára Thiar) | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 1 |
| MONUSCO (Poblacht Dhaonlathach an Chongó) | 4 | 4 | 4 | 3 | 3 | 3 |
| UNOCI (Cote d'Ivoire) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ceanncheathrú UNIFIL (an Liobáin) | 30 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 |
| Cathlán Coisithe UNIFIL (an Liobáin) | 341 | 443 | 443 | 340 | 340 | 337 |
| Ceanncheathrú Earnáil Thiar UNIFIL (an Liobáin) | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 4 |
| Grúpa Saighdiúirí Coise UNDOF (Arda Golan) | 130 | 130 | 130 | 129 | 129 | 129 |
| Ceanncheathrú UNDOF (Arda Golan) | 6 | 8 | 8 | 8 | 8 | 9 |
| MINUSMA (Mailí) | 0 | 0 | 0 | 13 | 13 | 14 |
| **FO-IOMLÁN (na NA)** | **534** | **617** | **617** | **522** | **522** | **517** |
| EUFOR (An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |
| Cathghrúpa faoi stiúir na Gearáine 2020 | 0 | 0 | 0 | 10 | 10 | 10 |
| EUTM (Mailí) | 20 | 20 | 20 | 19 | 19 | 20 |
| Ceanncheathrú Oibríochtaí/Ceanncheathrú ar Snámh (Ceanncheathrú Oibríocht Sophia) | 3 | 5 | 5 | 3 | 3 | 0 |
| Ceanncheathrú Oibríochtaí/Ceanncheathrú ar Snámh (Ceanncheathrú Oibríocht Irini) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 |
| **FO-IOMLÁN (Misin faoi Shainordú na NA)** | **28** | **30** | **30** | **37** | **37** | **38** |
| Ceanncheathrú KFOR | 12 | 12 | 12 | 13 | 13 | 13 |
| **FO-IOMLÁN (ECAT/PfP)** | **12** | **12** | **12** | **13** | **13** | **13** |
| OSCE | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| **FO-IOMLÁN (OSCE)** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** | **1** |
| UNNY (Nua-Eabhrac) | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| EUMS (An Bhruiséil) | 4 | 5 | 5 | 6 | 6 | 6 |
| ECAT/PFP (An Bheilg)* | 5 | 5 | 5 | 6 | 6 | 7 |
| Toscaireacht na hÉireann go dtí OSCE (Vín) | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| CSDP/PSC (An Bhruiséil)** | 8 | 11 | 11 | 8 | 8 | 8 |
| **FO-IOMLÁN (OSCE / IONADAITHE MÍLEATA / COMHAIRLEOIRÍ / FOIREANN)** | **19** | **23** | **23** | **22** | **22** | **23** |
| **PEARSANRA IOMLÁN THAR LEAR** | **594** | **683** | **683** | **595** | **595** | **592** |

* Gan imlonnú árthaigh na Seirbhíse Cabhlaigh chuig an Meánmhuir a áireamh a tharla i ndiaidh thús agus roimh dheireadh gach bliana.

** Imlonnaítear foireann shibhialta agus mhíleata araon ón Eagraíocht Chosanta go dtí oifigí CSDP/CSP agus ECAT/PfP sa Bhruiséil.







## Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL)

Bhunaigh an Chomhairle Slándála Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) i 1978 faoi Rúin 425 agus 426 le haistarraingt Iosrael ón Liobáin a dheimhniú, síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a bhaint amach arís agus cabhrú le Rialtas na Liobáine a údarás éifeachtach a bhaint amach sa limistéar arís eile.

I ndiaidh chogadh Iúil-Lúnasa 2006, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le rún 1701 a chuireann barr feabhais ar Fhórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) agus a chinn, anuas ar an mbun-sainordú, go ndéanfadh sé, i measc rudaí eile, monatóireacht ar an sos cogaidh; Fórsaí faoi Airm na Liobáine (FAL) a thionlacan agus tacú leo de réir mar a dhéantar iad a imlonnú ar fud dheisceart na Liobáine; agus chuir leis an méid cúnaimh a bhí á thabhairt acu le cabhrú lena chinntiú go bhfuil teacht daonnúil ar dhaonraí sibhialtacha agus le filleadh deonach agus sábháilte daoine a cuireadh as áit a chinntiú.

Tá an bhuíon is mó de phearsanra Óglaigh na hÉireann, ina bhfuil 350 pearsanra, imlonnaithe chuig Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL). D'fhaomh an Rialtas rannpháirtíocht leanúnach Óglaigh na hÉireann an 15 Bealtaine 2020 in UNIFIL ar feadh tréimhse bhreise 12 mhí. Fónann buíon na hÉireann mar chuid de chomh-Chathlán na hÉireann/na Polainne, agus tá oifigigh bhreise ann ón Ungáir agus Málta. Tugann an cathlán faoi thascanna oibríochtúla ar bhonn laethúil, lena n-áirítear patróil slándála, feithiclí agus ar chos a sholáthar, seicphointí, suíomhanna sealadacha breathnóireachta a bhunú agus a áitiú agus idirchaidreamh/rannpháirtíocht le ceannairí áitiúla. Tugtar faoi chomhoibríochtaí le haonaid Fhórsaí faoi Airm na Liobáine i limistéar oibríochtaí UNIFIL. Áitíonn trúpaí Éireannacha dhá shuíomh statacha na Náisiún Aontaithe freisin ar an Líne Ghorm a dhéanann Iosrael agus an Liobáin a dheighilt.

Is gnách go ndéanann pearsanra an Bhuanfhórsa Cosanta sealaíocht i mBealtaine agus Samhain gach bliain, i ndiaidh turas dualgais sé mhí, ar an meán. Mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19 ar imlonnú thar lear, agus chun daonraí áitiúla agus coimeádaithe síochána a chosaint, d'fhógair Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe go gcuirfí sealaíocht ar fionraí in Aibreán agus d'imir seo tionchar ar 100,000 coimeádaí síochána i measc na misean go léir. Mar thoradh ar fhionraí na Náisiún Aontaithe, cuireadh moill ar an 116ú Grúpa Coisithe a imlonnú go dtí UNIFIL go dtí deireadh mhí an Mheithimh agus go luath in Iúil. I Samhain, tháinig an 117ú Cathlán Coisithe in ionad an 116ú Cathlán Coisithe.

Tá an Rialtas tiomanta go tréan go fóill chun an tsíocháin agus an tslándáil a choimeád sa Liobáin trínár rannpháirtíocht leanúnach in UNIFIL.

## Fórsa Breathnóireachta Díscoir na Náisiún Aontaithe (UNDOF)

Bunaíodh Fórsa Breathnóireachta Díscoir na Náisiún Aontaithe (UNDOF) an 31 Bealtaine 2018 faoi Rún 350 (1974) Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, i ndiaidh gur aontaíodh ar fhórsaí Iosrael agus na Siria in Arda Golan a dhíscor i mBealtaine 1974. Déanann UNDOF maoirseacht ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Díscoir, a dhéanann limistéar deighilte a choimeád idir na fórsaí atá 75 ciliméadar ar fad.

Is é príomhchúram na buíne Éireannaí atá ag obair le UNDOF in Arda Golan ná feidhmiú mar Chúltaca Taistil an Fhórsa, agus Fórsa Frithghnímh Ghasta a chur ar fáil atá ar fuireachas chun cabhrú le hoibríochtaí atá ar siúl laistigh de limistéar freagrachta UNDOF. Bhí dhá uainíocht ann i rith 2020. In Aibreán, cuireadh an 61ú Cathlán Coisithe in ionad an 60ú Cathlán Coisithe agus i nDeireadh Fómhair tháinig an 62ú Cathlán Coisithe in ionad an 61ú Cathlán Coisithe.

Leanann misean UNDOF le teagmháil rialta a dhéanamh le Fórsaí Cosanta Iosrael agus le Fórsaí faoi Arm Arabacha na Siria i gcomhthéacs a róil i limistéar na deighilte, a chinntíonn slándáil agus sábháilteacht a phearsanra agus comhthuiscint faoina ról idir na páirtithe. Gné thábhachtach go fóill maidir le cobhsaíocht a chinntiú in Arda Golan agus i réigiún an Mheánoirthir is ea láithreacht leanúnach mhisean UNDOF agus tacaíonn Iosrael agus an tSiria leis seo agus cuireann siad fáilte roimhe.




UN
UN



## Misean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA)

Is é Misean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA) misean na NA a chuireann tacaíocht ar fáil do Rialtas Mhailí maidir lena údarás a athdhearbhú ar Mhailí thuaidh. Bhunaigh Rún 2100 Chomhairle Slándála na NA MINUSMA an 25 Aibreán 2013 chun an tír a chobhsú i ndiaidh éirí amach na dTuargach (2012). Is é ról an mhisin ná slándáil, cobhsú agus cosaint sibhialtach a chinntiú; tacú le plé agus réiteach polaitiúil; agus cabhrú le húdarás an Stáit a athbhunú, an earnáil slándála a atógáil, agus cearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint i Mailí.

Fuarthas faomhadh ón Rialtas agus ón Dáil i Meitheamh 2019 chun buíon d'Óglaigh na hÉireann a imlonnú chun páirt a ghlacadh in MINUSMA ar feadh tréimhse 24 mí a fhad le Meán Fómhair 2021. Rinneadh pearsanra a baineadh go príomha ó Sciathán Fiannóglaigh an Airm de chuid Fhórsaí Speisialta na hÉireann, a leabú le complacht Gearmánach níos mó agus tugann siad faoi thascanna a sanntar dóibh i gcomhréir le sainordú an mhisin.

## Misean Oiliúna an Aontais Eorpaigh– EUTM Mhailí

Tá sé mar aidhm Misean Oiliúna an AE seo acmhainneacht na bhForsaí faoi Arm i Mailí a fheabhsú chun an tslándáil a chothabháil i Mailí agus chun údarás Rialtas Mhailí mar aon le sláine chríche Stát Mhailí a athbhunú. Chomh maith le gnáthoiliúint do choisithe, tá oiliúint á cur ar fáil ar dhlí idirnáisiúnta daonnúil, ar chosaint shibhialtach agus ar chearta an duine. Tá buíon den Bhuanfhórsa Cosanta imlonnaithe go dtí EUTM i Mailí ó mhí Mhárta 2013. Sa chéad ráithe in 2020, imlonnaíodh 20 ball go dtí EUTM i Mailí. Ghlac naonúr pearsanra Éireannach le ceapacháin foirne i gCeanncheathrú an mhisin in Bamako agus bhí aon phearsanra dhéag bunaithe in Ionad Oiliúna Koulikoro. D'ordaigh Ard-Stiúrthóir Fhoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh in Aibreán 2020, áfach, go ndéanfaí an misean a laghdú mar gheall ar shrianta ar oiliúint a chuir paindéim COVID-19 i bhfeidhm agus aistarraingíodh seachtar pearsanra, dá réir, ó bhuíon na hÉireann go sealadach. I nDeireadh Fómhair 2020, d'fhógair an tArd-Stiúrthóir go bhfillfeadh an pearsanra go léir ar an misean agus, i ndiaidh an chinnidh seo, rinneadh imlonnú na hÉireann a mhéadú aníos go dtí fiche pearsanra arís eile i Samhain 2020.

## Fórsa an Aontais Eorpaigh (EUFOR) – an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (BiH)

Tá oibríocht 'ALTHEA' sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (BiH) ag díriú i gcónaí ar thimpeallacht shábháilte agus shlán a choimeád agus ag an am céanna maoirseacht a dhéanamh ar thascanna míleata a aistriú go dtí údaráis náisiúnta. Is cuid thábhachtach é an misean seo laistigh d'iarrachtaí cuimsitheacha an AE maidir le BiH chun tacú le próiseas polaitiúil atá dírithe ar BiH a chumasú, bunaithe ar athchóiriú riachtanach agus leanúint le dul chun cinn a dhéanamh i bpróiseas comhtháthaithe an AE. Imlonnaíodh cúigear ball d'Óglaigh na hÉireann go dtí ceanncheathrú an mhisin i Sairéavó i rith 2020.

## Fórsa na Cosaive (KFOR)

Leanann Éire uirthi ag cur leis an Oibríocht Tacaíochta Síochána sa Chosaiv (KFOR) atá údaraithe ag na NA agus atá faoi cheannas ECAT. Bhí 13 phearsanra ó Óglaigh na hÉireann ar seirbhís sa mhisean seo i rith 2020.

### Eagras na Náisiún Aontaithe um Maoirseacht ar Shos Cogaidh (UNTSO)

Rinne Éire 12 phearsanra d'Óglaigh na hÉireann a imlonnú mar bhreathnóirí míleata laistigh de limistéar misin UNTSO sa Liobáin, an tSiria agus Iosrael i rith 2020.

### Misean Cabhlaigh AE na Seirbhíse Cabhlaigh sa Mheánmhuir

Seoladh oibríocht IRINI an 1 Aibreán 2020 i ndiaidh gur tugadh Oibríocht Sophia chun críche. Oibríocht CBSC mhíleata an Aontais Eorpaigh í Oibríocht IRINI sa Mheánmhuir ina bhfuil sócmhainní aeir, satailíte agus muirí, a bhfuil de phríomhthasc aige tacú le lánchosc arm na NA a chur i bhfeidhm ar an Libia.

Thug an Rialtas cead i mBealtaine 2020 do 3-5 bhall d'Óglaigh na hÉireann a imlonnú go dtí ceapacháin foirne i gCeanncheathrú na hOibríochta/an Fhórsa sa Róimh. Tá triúr pearsanra Óglaigh na hÉireann imlonnaithe chuig an misean faoi láthair.

### Cathghrúpa EUBG 2020-2 faoi stiúir na Gearmáine

Cheadaigh an Rialtas rannpháirtíocht na hÉireann i gCathghrúpa AE 2020 faoi stiúir na Gearmáine i bhFeabhra 2018. Cheadaigh an Dáil an Meabhrán Tuisceana (MT) i Meitheamh 2019 maidir le rannpháirtíocht Óglaigh na hÉireann i gCathghrúpa 2020-2. Bhí an Cathghrúpa ar fuireachas go dtí deireadh mhí na Nollag 2020 agus tháinig deireadh le gealltanas na hÉireann ag Deireadh an Mhisin an 31 Nollaig 2020. Imlonnaíodh deich bpearsanra chuig an gCeanncheathrú na Gearmáine in Stadtallendorf sa Ghearmáin ó thús deireadh 2020.

Chuir Óglaigh na hÉireann Tascghrúpa Oibríochtaí Speisialta le Cathghrúpa na Gearmáine. Buíon Fórsaí Oibríochtaí Speisialta (Sciathán Fiannóglaigh an Airm), Sainacmhainn Chuardaigh Innealtóra, Acmhainn Diúscartha Ordanáis Phléascaigh (EOD) agus Buíon Slándála a bhí sa Ghrúpa sa mhullach ar fhoireann a bhfuil poist ag an gCeanncheathrú Oibríochtúil agus Fórsa.




AVIVA STADIUM

## Cúnamh don Údarás Sibhialta

Anuas ar chúnamh don chumhacht shibhialta (CCS) a sholáthar agus páirt a ghlacadh in oibríochtaí thar lear, tugann Óglaigh na hÉireann faoi réimse fairsing tascanna freisin ar bhonn laethúil, agus i measc réimse fairsing teagmhas, maidir leis an gcúnamh a sholáthraíonn sé don ról údaráis shibhialta (CÚS).

### Freagairt do COVID-19

In 2020, b'éard a bhain le príomhról CÚS tacaíochtaí a sholáthar do FSS, mar chuid den fhreagairt uile-Rialtais do phaindéim dhomhanda COVID-19. Bunaíodh Comh-Thascfhórsa (CTF) chun rannchuidiú Óglaigh na hÉireann le freagairt do COVID-19/ Oibríocht Fortitude Óglaigh na hÉireann. Sholáthair an CTF be chun rannchuidiú ghnéithe uile Óglaigh na hÉireann a chomhordú ar chomhbhealach – an tArm, an tAerchór, an tSeirbhís Chabhlaigh agus an Cúltaca. Foráladh dó seo i Rialachán Óglaigh na hÉireann a shínigh an Aire Cosanta agus a síníodh faoina údarás.

Tá Ceanncheathrú an CTF bunaithe i nún Mhic Aoidh agus tá tús áite á thabhairt aige ón tosach do thacaíocht a sholáthar do FSS. I measc an réimse fhairsing tacaíochta a sholáthair Óglaigh na hÉireann do FSS, agus don tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (an SNO), i rith ghéarchéim COVID-19, tá an méid seo a leanas:

- Ard-Pharaimhíochaineoirí ÓÉ, Paraimhíochaineoirí agus Teicneoirí Éigeandála Leighis (TÉLanna) a imlonnú chun tacú leis an SNO tabhairt faoi thástáil shoghluaiste COVID-19 ar thart ar 60,000 ball foirne agus cónaitheoir i Saoráidí Teach Cúraim Cónaithe ar fud na tíre;
- 162 pearsanra a sholáthar ar cuireadh oiliúint orthu mar theagmhas in-extremis le haghaidh seirbhísí tacaíochta neamhchliniciúla ar fud an Stáit;
- An t-ionad tástála COVID-19 ag Staid Aviva a bhunú agus a oibriú;
- A mhéid le 56 Chéadfhreagróir Míleata a imlonnú ar bhonn laethúil chuig ionaid tástála COVID-19 ar fud na tíre;
- Tacú le hiarrachtaí rianaithe teagmhálaithe trí Dhaltaí agus pearsanra eile ó na Bannaí Míleata, an tAerchór, Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann (ATÓÉ) agus Briogáid 1 agus 2 a imlonnú chuig ionaid sa Churrach, Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Baile Átha Luain;
- Árthaí na Seirbhíse Cabhlaigh a imlonnú chuig Baile Átha Cliath agus Gaillimh chun tacaíocht riaracháin agus ardáin lóistíochtúla a sholáthar d'ionaid tástála COVID-19 ag na láithreacha siúd;
- Pubaill ÓÉ a sholáthar agus a chur in airde do roinnt ospidéal, Ionaid Tástála COVID-19 agus saoráidí Céim Síos;
- Tástálacha COVID-19 á n-iompar ag an Aerchór go dtí an Ghearmáin;
- 4,000 tonna de TCP a bhailiú ó bhreis agus 260 eitilt lastais agus an TCP seo a stóráil agus a dháileadh go leanúnach chuig láithreáin éagsúla FSS;
- Oiliúint TCP á cur ag pearsanra na Seirbhíse Cabhlaigh ar oibrithe ag calafoirt Chorcaí agus Phort Láirge;
- Tacaíocht mhaoirseachta a sholáthar ag láithreáin éagsúla tástála FSS timpeall na tíre;
- Saoránaigh leochaileacha a iompar go dtí agus ó shaoráidí tástála COVID-19;




### Gníomhaíochtaí Eile CÚS

Anuas ar thacú le FSS, chuir Óglaigh na hÉireann tacaíochtaí ar fáil freisin do Ranna agus Gníomhaireachtaí eile. Rinne an CTF soláthar na tacaíochta seo a chomhordú freisin agus áirítear leis na samplaí:

- Tacaíocht a thabhairt don tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna trí thacaíochtaí otharcharranna agus chriú Óglaigh na hÉireann, anuas ar thacaíochtaí teilitriáise agus tástála COVID-19.
- Tacaíocht a thabhairt don Oifig um Sholáthar Rialtais trí chúnamh a thabhairt le TCP a stóráil agus a dháileadh.
- Tacaíocht a thabhairt don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil trí úsáid a bhaint as tailte ag Dún an tSáirséalaigh chun ceann de na Saoráidí Stórála Corp Sealadacha Náisiúnta a lonnú ann agus trí aonad Stórála Sealadaí Corp (bunaithe ar fheithiclí) a imlonnú, mar theagmhas breise le Dún Uí Choileáin, Corcaigh, Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí agus Campa Fionnabhair, Dún na nGall.
- Bhí Óglaigh na hÉireann ar fuireachas freisin chun tacaíocht a sholáthar ag an tSaoráidí Stórála Corp Sealadacha Náisiúnta atá bunaithe i mBaile Átha Cliath ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann.

Ag deireadh mhí na Nollag 2020, bhí 183 pearsanra, ar an meán, imlonnaithe ag Óglaigh na hÉireann gach lá chun tacú leis an bhfreagairt do COVID-19. Seo a leanas acmhainní iomlána ÓÉ a imlonnaíodh i gcaitheamh na tréimhse ó Mhárta 2020 go Nollaig 2020:



**Tábla 3.3**
Imlonnú ÓÉ ar thascanna COVID-19

| | Iomlán amhail an 31 Nollaig 2020 | Meán Laethúil |
|---|---|---|
| Tascáil Pearsanra | 53,930 | 183 |
| Tascáil Feithiclí | 9,559 | 33 |
| Aerfhrámaí | 10 | 0 |
| Longa (Laethanta) | 197 | 1 |

Déantar ionadaíocht freisin d'Óglaigh na hÉireann ar an Tascfhórsa Ardleibhéil um Vacsaíniú COVID-19.



### Oibríochtaí an Aerchóir (COVID-19 san áireamh)

D'imir paindéim COVID-19 tionchar ar an Eagraíocht Chosanta mar gheall gur imir sé tionchar ar airm ar fud an domhain. Chinntigh an úsáid straitéiseach a baineadh as aerárthaí stáit gur leanadh le hoibríochtaí, in Éirinn agus thar lear araon, ar imir na srianta ar sheirbhísí iompair shibhialtaigh ar fud an domhain. In 2020, d'úsáid an tAerchór sócmhainní sciatháin sheasta chun tabhairt faoi 125 misean iompair mhíleata ina raibh gluaiseacht phearsanra Óglaigh na hÉireann i gceist (MEDEVAC san áireamh), trealamh agus TCP do mhisin Chosanta Thar Lear. Gan Seirbhís Aeriompair an Aire a áireamh, tháinig méadú beagnach 240% in 2020 ar eitiltí a bheartaigh agus faoinar thug an tAerchór nuair a chuirtear i gcomparáid le 2019 iad.

Anuas ar thacaíochtaí COVID-19, áiríodh le hoibríochtaí CÚS i rith 2020 346 pearsanra a imlonnú ar 21 imlonnú oibríochtúil chuig oibríochtaí faoisimh ó thuilte sa Chlár, Luimneach agus san Iarmhí i rith Ráithe 12020. I measc na dtacaíochtaí eile, rinne an tAerchór aershócmhainní a imlonnú chun cabhrú le húdaráis shibhialta chun cabhrú le húdaráis shibhialta tinte aitinn a chomhrac i gCill Mhantáin, Laois, Cill Dara agus Lú sa tréimhse rith de 2020. Mar chuid den imlonnú seo, scaipeadh thart ar 350,000 lítear uisce tríd an "Buicéad Bambi" a dhírigh an t-uisce ar limistéir bheaga, a d'imir tionchar láithreach ar fhalscaithe.



**Tábla 3.4**
Sonraí faoi oibríochtaí faoisimh ó thuilte:

| Dátaí | Láithreacha | Pearsanra a Imlonnaíodh |
|---|---|---|
| An 24 Fea 2020 - an 6 Márta 2020 | An Clár, an Iarmhí, Luimneach | 346 |
| **Iomlán** | | **346** |

**Tábla 3.5**
Oibríochtaí Comhraicthe Aitinn:

| Dátaí | Láithreacha | Pearsanra a Imlonnaíodh |
|---|---|---|
| An 16 Aibreán 2020 | Cill Mhantáin (AC) | 8 |
| An 08 Bealtaine 2020 | Cill Dara (AC) | 8 |
| An 11 Bealtaine 2020 | Laois/Uíbh Fhailí (AC) | 8 |
| An 29 Bealtaine - an 01 Meitheamh 2020 | Cill Dara (AC + saighdiúirí) | 54 |
| An 31 Bealtaine 2020 | An Clár (AC) | 8 |
| An 04-05 Meitheamh 2020 | Lú (AC) | 16 |
| **Iomlán** | | **102** |

Chuir Óglaigh na hÉireann pearsanra agus saineolas ar fáil freisin a thacaigh le hIonad Náisiúnta Cibearshlándála na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.




Cuirtear sonraí ar fáil i gCairt 3.1 thíos faoi oibríochtaí CÚS faoinar thug an tAerchór i rith 2020, agus cuirtear sonraí ar fáil freisin don bhliain 2018 agus 2019 ar mhaithe le comparáid a dhéanamh. Áirítear leis na misin siúd tacaíocht chuardaigh agus tarrthála le Garda Cósta na hÉireann, boscaí ballóide a sholáthar agus a bhailiú go dtí agus ó na hoileáin, misin faoisimh ó thuilte, freagairt do thimpistí móra, tinte aitinn, suirbhéireachtaí portaigh agus suirbhéireachtaí fiadhúlra.

Airítear leis na misin seo freisin an tSeirbhís Aerárthach Othar idirospidéil a aistríonn othair i gcás éigeandála agus a iompraíonn foirne aisghabhála orgán éigeandála, aistrithe trasphlandú orgán péidiatrach ina measc go dtí an RA. Tá Deasc Aeraileighis FSS ina Ionad Oibríochtaí Éigeandála Náisiúnta freagrach as comhordú a dhéanamh ar na socruithe iompair do na hothair seo.



**Cairt 3.1**

Oibríochtaí CÚS faoinar thug an tAerchór i rith 2020.
Sonraí faoi mhisin chúnaimh shibhialta an Aerchóir a eitlíodh i rith 2018, 2019 agus 2020




Ba cheart a thabhairt faoi deara gur aistarraingíodh an flít aerárthaí aerárthaí Cessna ó thascanna oibríochtúla i nDeireadh Fómhair 2018 agus gur tosaíodh le leas a bhaint as an PC12 i rith 2020.

## Oibríochtaí CÚS na Seirbhíse Cabhlaigh

Seo a leans sonraí faoin leibhéal tacaíochta a thug an tSeirbhís Chabhlaigh (an SC) d'údaráis shibhialta, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile san áireamh, in 2020:

Rinne pearsanra na Seirbhíse Cabhlaigh -

» Freagairt d'oibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála (CAT) don árthach iascaireachta (ÁI) ALIZE i rith mhí Eanáir;

» Freagairt do thine ar an ÁI KALEIGH an 3 Márta;

» Teagmhais fhéideartha MARPOL (truailliú muirí) a fhiosrú ar iarraidh Gharda Cósta na hÉireann (GCÉ) an 22 Aibreán, an 17 Meán Fómhair, an 11 Deireadh Fómhair agus an 10 Samhain, agus leo ola a imscrúdú, ar iarraidh GCÉ an 12 Lúnasa;

» Imlonnú chun tacú le Scoil Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh (STSC) ar iarraidh na Seirbhíse Coimisinéirí Ioncaim agus Custam chun tabhairt faoi chigireacht ar an gcabhail;




» Sé bhád fóillíochta a stopadh a bhí á seoladh trí Limistéar Oibríochtaí na hÉireannach agus an t-eolas ábhartha a thabhairt don Gharda Síochána i gcomhar le Comh-Thascfhórsa FRAGO 88/20 i rith mhí na Bealtaine. Thug pearsanra an SC faoi 11 bhád a stopadh, ar an iomlán, i mí an Mheithimh agus thug siad faoi thrí bhád a stopadh i mí Iúil faoi JTF FRAGO 88/20;

» Freagairt do MAYDAY a chuir GCÉ in iúl an 29 Iúil agus arís eile an 27 Lúnasa;

» Freagairt d'iarraidh ar chúnamh a thabhairt d'árthach a raibh uisce ag sceitheadh isteach ann in Ard na Caithne an 29 Iúil, agus cúnamh tarraingthe éigeandála a sholáthar, a chuir GCÉ ar fáil, don Árthach Ceannaí (ÁC) AQUA TRANSPORTER an 3 Lúnasa.

» Guais loingseoireachta a bhí ag imeacht le sruth a mharcáil agus a thabhairt le fios, ar iarraidh GCÉ an 12 Lúnasa;

» Gníomhú mar Chomhordaitheoirí ar an Láthair le haghaidh SAR, ar iarraidh GCÉ an 14 agus an 19 Lúnasa; agus

» Freagairt do PANPAN (glaoch idirnáisiúnta práinne) i gCuan Chorcaí – duine i dtrioblóid - an 24 Bealtaine, a chuir luamh i dtrioblóid an 3 Meán Fómhair, agus d'iarraidh a rinne GCÉ chun cabhrú leis an ÁC LILY B a bhí i dtrioblóid an 20 Deireadh Fómhair.

» **Oibríocht Fortitude:** leagadh dualgais CÚS ar thrí árthach an SC i rith mhí an Mhárta agus leagadh dualgais CÚS ar chúig árthach i rith mhí Aibreáin, agus leagadh dualgas fuireachais CÚS ar árthach amháin breise.


## Cosaint Iascaigh

Bhí seirbhísí cosanta iascaigh a cuireadh ar fáil le linn 2020 bunaithe ar aschur a aontaíodh leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (an ÚCIM). D'oibrigh an tSeirbhís Chabhlaigh i ndlúthchomhar leis an ÚCIM i gcaitheamh na bliana maidir le gach gné, athbhéim a leagan ar chur chuige rioscabhunaithe ina measc i leith cosaint iascaigh chun úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní. I rith na bliana, thug an tSeirbhís Chabhlaigh faoi 781 lá patróil iascaigh, ar an iomlán, agus thug an tAerchór faoi 152 patról ar leith, ar an iomlán.


Cuirtear sonraí ar fáil i gCairt 3.2.1 agus 3.2.2 agus Tábla 3.7 thíos faoi ghníomhaíochtaí patróil an Aerchóir agus na Seirbhíse Cabhlaigh i rith 2020, agus cuirtear sonraí ar fáil freisin don bhliain 2018 agus 2019 ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.



**Cairt 3.2.1**
Patróil Iascaigh an Aerchóir 2018 - 2020
Líon Misean




**Cairt 3.2.2**
Patróil Iascaigh an Aerchóir 2018 - 2020
Uaireanta Eitilte Iomlána



**Tábla 3.7**
Sonraí faoi ghníomhaíocht um chosaint iascaigh na Seirbhíse Cabhlaigh i rith 2018, 2019 agus 2020


| Náisiúntacht Árthaí Iascaireachta | Dearcthaí | | | Bordáil | | | Coinneáil | | | Sáruithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2018 | 2019 | 2020 | 2018 | 2019 | 2020 | 2018 | 2019 | 2020 | 2018 | 2019 | 2020 |
| Éireannach | 576 | 606 | 632 | 399 | 354 | 145 | 3 | 5 | 10 | 1 | 6 | 4 |
| An Spáinn | 220 | 276 | 218 | 161 | 240 | 52 | 2 | 2 | 0 | 1 | 0 | 4 |
| An Ríocht Aontaithe | 95 | 96 | 91 | 68 | 70 | 32 | 2 | 2 | 0 | 1 | 2 | 2 |
| An Fhrainc | 142 | 119 | 207 | 99 | 86 | 68 | 0 | 1 | 5 | 1 | 0 | 5 |
| An Bheilg | 10 | 10 | 7 | 8 | 4 | 4 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Ghearmáin | 4 | 4 | 2 | 4 | 4 | 2 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Ísiltír | 11 | 15 | 9 | 8 | 7 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Phortaingéil | 2 | 2 | 0 | 1 | 2 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Rúis | 8 | 4 | 2 | 5 | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Iorua | 5 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Oileáin Fharó | 2 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Íoslainn | 3 | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Laitvia | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Danmhairg | 4 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Pholainn | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Ghraonlainn | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An Eastóin | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **1,083** | **1,134** | **1,169** | **762** | **772** | **309** | **7** | **12** | **16** | **4** | **8** | **15** |

Leanadh le hathbhreithniú a dhéanamh i rith 2020 ar impleachtaí dóchúla Brexit ar fhorfheidhmiú agus ar rialú iascach. Méadaíodh an soláthar foirne san Ionad Monatóireachta Iascaigh (IMI) chun ullmhú do riachtanais mhéadaithe Rialaithe Stáit ar Chuanta mar gheall go raibh 'tríú tír' á déanamh den RA. Anuas air sin, chomhaontaigh Grúpa Oibre Brexit ina raibh an Roinn Cosanta, an tSeirbhís Chabhlaigh agus an ÚCIM, comhaontú ar phróisis chuíchóirithe chun iarratais a phróiseáil ar Rialú Stáit ar Chuanta.


## An Tseirbhís Tacaíochta Aeraileighis Éigeandála (TAÉ)

Cuirtear sonraí ar fáil sna cairteacha thíos faoi leibhéil soláthair seirbhíse thacaíocht an Aerchóir a tugadh do sheirbhís Tacaíochta Aeraileighis Éigeandála (TAÉ) FSS a oibríonn ar bhonn laethúil as Dún Chostúim, Baile Átha Luain. Cuireann an tseirbhís seo iompar mear othar ar fáil go dtí saoráid chuí sa chás nach mbeadh an méid ama a ghlacfadh sé chun iad a iompar ar talamh inghlactha ó thaobh cúrsaí cliniciúla de nuair a chuirtear riocht agus tromchúise riocht an othair san áireamh. Déantar cinneadh chun an tseirbhís TAÉ a chur chun feidhme faoi threoir critéir thascála cliniciúla, faoi mar a chineann Stiúrthóir Leighis na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharranna.

Lena chinntiú gur soláthraíodh seirbhís thábhachtach phoiblí agus gur cosnaíodh leanúnachas na seirbhíse TAÉ a mhéid agus is féidir i rith phaindéim COVID-19 i rith 2020, chuaigh an tAerchór i mbun bearta éifeachtacha chun foireann agus is féidir teicneoirí TAÉ a chlutharú i mBaile Átha Luain. Chuaigh an tAerchór i mbun beart freisin chun foirne a chosaint trí threalamh cosanta a úsáid sna haerárthaí. Bhí an TAÉ ar fáil agus gníomhach ó thús deireadh 2020.





**Cairt 3.3.1**
Sonraí faoi Mhisin EAS a rinneadh i rith 2020 (Eitleán AW 139)




**Cairt 3.3.2**
Comparáid idir Am Eitilte Iomlán Oibríochtúil ar Mhisin EAS*

* Áirítear leis seo misin nár baineadh úsáid as an AW139


**Cairt 3.4.1**
Cineál na Misean EAS a críochnaíodh i rith 2020





## Seirbhís Aeriompair an Aire

Soláthraíonn an tAerchór Seirbhís Aeriompair an Aire chun cabhrú leis an Uachtarán agus le baill an Rialtais chun a gcuid coinní oifigiúla a chomhlíonadh in Éirinn agus thar lear. Tá eolas maidir le heitiltí Aeriompair an Aire ar fáil go poiblí trí nasc dar teideal "Eolas a Fhoilsítear go Rialta" ar láithreán gréasáin na Roinne Cosanta, a dhéantar a nuashonrú ar bhonn míosúil: **https://www.gov.ie/en/organisation-information/e8132-routinely-published-information/**


Cuirtear sonraí achomair ar fáil i gCairt 3.5 thíos maidir le 2020 agus cuirtear sonraí ar fáil freisin don bhliain 2018 agus 2019 ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.




**Cairt 3.4.2**
Líon agus Cineál na Misean EAS a críochnaíodh 2018 - 2020




**Cairt 3.5**
An Líon Misin MATS a rinneadh de réir saghas aerárthaigh 2018-2020






## Scoil Eachaíochta an Airm

I rith 2020, chuaigh Scoil Eachaíochta an Airm (SEA) san iomaíocht ag 25 comórtas náisiúnta ar fud na tíre, ag Seó Portmore i dTuaisceart Éireann san áireamh. I ndiaidh na Príomhshraithe, rinneadh Seaimpíní Náisiúnta na bliana 2020 den Chaptaen Geoff Curran, a raibh Glengarra Wood á mharcaíocht aige. Tugadh cuireadh don scoil i mí na Nollag chun dul san iomaíocht i gComórtas Cuiridh Mháistrí HSI, imeacht a craoladh beo ar RTÉ, ina ndeachaigh an Captaen Geoff Curran agus Clintstown san iomaíocht. Ina theannta sin, thug pearsanra SEA faoi 519 lá oiliúna. B'éard a bhí i gceist leis an oiliúint seo meascán de chúrsaí míleata agus sibhialtacha araon. Thug an pearsanra faoi 471 teagmhas dualgais in 2020 freisin.

Ceannaíodh cúig chapall nua i rith 2020 agus bhí 38 capall ag an Scoil ina dhiaidh sin ag deireadh na bliana. Bhí líon 34 pearsanra ag an Scoil, ina raibh ochtar Oifigeach (cúigear Oifigeach Marcaíochta ina measc), naonúr Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe agus 17 Saighdiúir Singil.





## Seirbhísí Searmanais

Tá ról fíorthábhachtach agus fíorshuntasach ag an Eagraíocht Chosanta i gcuid mhór searmanais chuimhneacháin Stáit. Bhí Bannaí Míleata Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann (SCÓÉ) páirteach in 144 rannpháirtíocht, ar an iomlán, i rith 2020, ina raibh 12 shearmanas stáit, 105 searmanas míleata agus 27 imeacht pobail. Mar thoradh ar na srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm i rith 2020, tá laghdú mór tagtha ar an líon searmanas agus an méid rannpháirtíochtaí inar ghlac SCÓÉ páirt i gcomparáid le blianta roimhe seo. Chaith pearsanra Bhannaí Óglaigh na hÉireann go leor den bhliain le tacaíochtaí a sholáthar do FSS i limistéar an rianaithe teagmhálaithe.

Cuirtear sonraí ar fáil i dTábla 3.8 faoin méid a chuir Óglaigh na hÉireann le himeachtaí searmanais Stáit agus Mhíleata i rith 2020. Mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, rinneadh go leor cuimhneachán a beartaíodh i rith 2020 a laghdú go mór nó cuireadh ar ceal iad.

**Tábla 3.8**
Sonraí faoin méid a chuir Óglaigh na hÉireann le himeachtaí searmanais Stáit agus Mhíleata i rith 2020

| Dáta | Imeacht | Líonta na mBall de ÓÉ[4] |
|---|---|---|
| An 15 Ean 20 | Cuairt Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Caisleán Bhaile Átha Cliath. | 12 |
| An 16 Ean 20 | Cuairt Stáit Uachtarán na Gréige ar Éirinn. | 209 |
| An 18 Ean 20 | Bronnadh Saoirse na Cathrach ar Jim Gavin, Teach an Ard-Mhéara. | 9 |
| An 22 Ean 20 | Searmanas Dintiúr, Áras an Uachtaráin. | 108 |
| An 20 Fea 20 | Coimisiúnaíodh Rang 95 Daltaí. | 184 |
| An 03 Már 20 | Cuairt Oifigiúil Dhiúc agus Bhandiúc Cambridge. | 53 |
| An 05 Már 20 | Searmanas Dintiúr, Áras an Uachtaráin. | 96 |
| An 04 Aib 20 | Cuireadh searmanas dar teideal “Cuimhníonn Éire” ar siúl sa Ghairdín Cuimhneacháin chun comóradh a dhéanamh orthu siúd a cailleadh de bharr COVID-19. | 12 |
| An 12 Aib 20 | Searmanas Cuimhneacháin 1916 ag Ard-Oifig an Phoist agus Áras an Uachtaráin. | 8 |
| An 06 Bea 20 | Cuimhneachán ar chur chun báis Cheannairí Éirí Amach 1916, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath. | 12 |
| An 15 Bea 20 | Sochraid a Soilse Laura Bernal, Ambasadóir na hAirgintíne, Béal Easa, Contae Mhaigh Eo. | 4 |
| An 17 Bea 20 | Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir, Baile Átha Cliath. | 8 |
| An 28 Mei 20 | Searmanas Fleascleagain, Reilig Ghlas Naíon (an Tánaiste). | 4 |
| An 02 Iúi 20 | Coimisiúnaíodh beirt Oifigeach Leighis, ATÓÉ. | 18 |
| An 12 Iúi 20 | Lá Cuimhneacháin Náisiúnta, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath. | 106 |
| An 14 MF 20 | Athbhreithniú an Aire, an 62ú Grúpa Coisithe, ATÓÉ, Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan. | 40 |
| An 20 DF 20 | Cuimhneachán 60 Bliain ar bhás an Choirnéil Mhic Chárthaigh agus an tSáirsint Complachta Grant (ONUC), Suíomh 1 in IUNVA. | 9 |
| An 07 Nol 20 | Coimisiúnaíodh Oifigeach Leighis, ATÓÉ. | 12 |

4 Léiríonn na figiúirí seo an pearsanra míleata ar paráid do gach imeacht agus ní chuimsítear iontu pearsanra a bhí bainteach i bpleanáil agus lóistíocht do na himeachtaí siúd

# Mír 4

## Eolas agus Sonraí Corparáideacha

### 4.1
### Sonraí faoi Chaiteachas an Vóta Caiteachais don bhliain 2018, 2019 agus 2020 de réir Catagóire*

| Catagóir Chaiteachais | 2018 | | 2019 | | 2020 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | % | €m | % | €m | % |
| Pá agus Liúntais an BFC | 432 | 61.7 | 456 | 60.4 | 446 | 57.1 |
| Pá agus Liúntais Fostaithe Sibhialtach agus na ÓCanna | 22 | 3.1 | 21 | 2.8 | 21 | 2.7 |
| Cumas agus Forbairt ÓÉ | 77 | 11 | 103 | 13.6 | 128 | 16.4 |
| An tAerchór: Trealamh agus Tacaíocht | 18 | 2.6 | 17 | 2.2 | 21 | 2.7 |
| An tSeirbhís Chabhlaigh: Trealamh agus Tacaíocht | 17 | 2.4 | 14 | 1.9 | 12 | 1.5 |
| Costais Dúin, Trealamh Innealtóireachta agus Cothabháil | 23 | 3.3 | 23 | 3 | 23 | 2.9 |
| Bonneagar Tógtha ÓE – Caipiteal | 10 | 1.4 | 15 | 2 | 12 | 1.5 |
| Iompar Míleata | 15 | 2.1 | 20 | 2.6 | 24 | 3.1 |
| Costais Dlíthíochta agus Chúitimh | 7 | 1 | 6 | 0.8 | 7 | 0.9 |
| Caiteachas eile míleata neamhphá | 52 | 7.4 | 52 | 6.9 | 54 | 6.9 |
| Riarachán | 23 | 3.4 | 23 | 3 | 27 | 3.5 |
| Cosaint Shibhialta (cistiú na gcuntas díomhaoin san áireamh) | 4 | 0.5 | 5 | 0.7 | 5 | 0.7 |
| Cros Dhearg na hÉireann | 1 | 0.1 | 1 | 0.1 | 1 | 0.1 |
| **Iomlán (Olliomlán)** | **701** | **100** | **756** | **100** | **781** | **100** |

* D'fhéadfadh neamhréitigh bheaga teacht aníos mar gheall ar shlánú. Figiúirí sealadacha toraidh don bhliain 2020.

## 4.2
## Sonraí faoi Chaiteachas Vóta Pinsean an Airm don bhliain 2018, 2019 agus 2020 de réir Catagóire*

| Catagóir Chaiteachais | 2018 | | 2019 | | 2020 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | % | €m | % | €m | % |
| Scéim agus Íocaíochtaí Óglaigh na hÉireann (Pinsin) maidir le Seirbhís a Aistríodh | 233.5 | 96.4 | 242.2 | 96.5 | 242.9 | 96.8 |
| Pinsin Chréachta agus Mhíchumais, liúntais agus aiscí, a íocadh le nó i dtaobh iarbhall d'Óglaigh na hÉireann | 8.3 | 3.4 | 8.4 | 3.3 | 7.8 | 3.1 |
| Íocaíochtaí maidir le cleithiúnaithe Iarshaighdiúirí Chogadh na Saoirse agus caiteachas ilghnéitheach eile. | 0.5 | 0.2 | 0.4 | 0.2 | 0.4 | 0.1 |
| **Iomlán (Olliomlán)** | **242.3** | **100** | **251** | **100** | **251** | **100** |

* D'fhéadfadh neamhréitigh bheaga teacht aníos mar gheall ar shlánú. Figiúirí sealadacha toraidh don bhliain 2020.

## 4.3
## Sonraí faoin Méid Idirbheart a Próiseáladh i rith 2018, 2019 agus 2020

| Méadracht | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|
| Líon íocaíochtaí neamh-phárolla a rinneadh (sonraisc, etc.) | 22,596 | 21,247 | 19,311 |
| Líon na bpinsean nua a ceadaíodh (seirbhís, míchumas agus cleithiúnaigh) | 454 | 556 | 383* |
| Líon na gcásanna a próiseáladh ar bhás pinsinéara etc. | 289 | 296 | 278 |
| Líon ceisteanna dlí teaghlaigh | 20 | 7 | 5 |
| Líon ceisteanna dlí teaghlaigh faoi phinsin | 810 | 820 | 780 |
| Líon na ráiteas measta um shochar pinsin a cuireadh ar fáil agus na fiosrúcháin um shochair phinsin ar tugadh freagra orthu | 2,120 | 2,900 | 2,100 |
| Líon na ráiteas sochar bliantúil um an Scéim Pinsin Aonair a eisíodh | 5,338 | 2,819 | 2,824 |

* B'ísle i bhfad in 2020 a bhí an méid pearsanra míleata a chuaigh ar scor a bhí i dteideal sochair phinsin láithreach bonn maidir le seirbhís ná mar a bhí in 2019


## 4.4
## Iniúchóireacht Inmheánach

Aonad neamhspleách é Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne a chuireann seirbhís iniúchóireachta inmheánaí ar fáil i dtaobh na hEagraíochta Cosanta agus a thugann tuairisc dhíreach don Ard-Rúnaí. Mar sholáthraí seirbhíse, cloíonn an Rannóg leis na caighdeáin iniúchta arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ag eascairt as na srianta a cuireadh i bhfeidhm i rith 2020 chun dul i ngleic le paindéim COVID-19, cheadaigh an tArd-Rúnaí plean leasaithe iniúchóireachta bliantúil, a chuimsigh réimse iniúchtaí ar chórais agus stórais. Rinneadh athruithe ar chleachtais iniúchóireachta freisin mar thoradh ar na srianta. Rinne Coiste Iniúchóireachta na Rannóige, ina bhfuil triúr ball seachtrach (arb é an Cathaoirleach duine díobh) agus ionadaí amháin ó gach ceann de ghnéithe sibhialta agus míleata na Roinne, athbhreithniú ar obair na Rannóige ar bhonn leanúnach. Thug an Rannóg faoi 65 iniúchadh i rith 2020.


## 4.5
## An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS)

Lean an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus Óglaigh na hÉireann, mar rialaitheoirí sonraí ar leith don Eagraíocht Chosanta, ag tabhairt faoina n-oibleagáidí i gcaitheamh 2020 faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018 agus faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí. Baineadh é seo amach trí oiliúint agus feasacht a sholáthar don fhoireann agus oibleagáidí a chuimsítear i mbeartais chosanta sonraí a chur i bhfeidhm. Lean an bheirt rialaitheoirí sonraí le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí agus le saineolaithe seachtracha san ábhar, mar ba ghá.

Cuirtear sonraí ar fáil i gCairt 4.1.1 agus 4.1.2 faoin méid Iarrataí Rochtana ag Ábhar a phróiseáil Oifigí Cosanta Sonraí na beirte rialaitheoirí sonraí i rith 2020.




**Cairt 4.1.1**
Iarratais Daoine ar Shonraí RGCS 2020
An Roinn Cosanta





**Cairt 4.1.2**
Iarratais Daoine ar Shonraí RGCS 2020
Óglaigh na hÉireann


## 4.6
## Saoráil Faisnéise

Caitear leis an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann mar chomhlachtaí ar leith chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise (SF). Cuirtear sonraí ar fáil i gCairt 4.2.1 agus 4.2.2 thíos faoin méid iarrataí SF a phróiseáil an dá chomhlacht i rith 2020, agus cuirtear sonraí ar fáil freisin don bhliain 2018 agus 2019 ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.

**Cairt 4.2.1**
Sonraí faoi Iarratais SF a phróiseáil an Roinn Cosanta




**Cairt 4.2.2**
Sonraí faoi Iarratais SF a phróiseáil Óglaigh na hÉireann



## 4.7
## Nochtadh Cosanta


Bunaíodh Oifig aonair Nochta Cosanta Shibhialta/Mhíleata sa Roinn. Tá nóta treorach nuashonraithe á ullmhú ag an Oifig seo faoi nochtadh cosanta a eiseofar don fhoireann go léir, idir an fhoireann shibhialta agus mhíleata. Ba cheart go gcinnteodh an oifig aonair agus an treoir nuashonraithe, i dteannta a chéile, go nglactar cur chuige aonfhoirmeach i leith nochtadh cosanta ar fud na heagraíochta Cosanta.

I gcomhréir le téarmaí alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ullmhófar agus foilseofar tuarascáil bhliantúil maidir leis an líon iomlán nochta chosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin ar láithreán gréasáin na Roinne **https://www.defence.ie/what-we-do/protected-disclosures**.

Próiseáiltear buarthaí a chuireann oibrithe in iúl ar aon dul lenár nósanna imeachta foilsithe. Áirítear leis seo scagadh a dhéanamh lena dheimhniú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an chuma air go dtagann an nochtadh laistigh den chreat le haghaidh nochtadh cosanta. Fuair an Roinn 12 aighneacht in 2020 ar tugadh le fios gur nochtadh cosanta iad. Baineann an líon seo leis an líon iomlán nochta a rinneadh leis an Eagraíocht Chosanta. Táthar ag déileáil le hocht gcinn díobh seo i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus meastar nach dtagann na ceithre cinn eile díobh laistigh de na critéir a leagtar amach san Acht.

Cuirtear sonraí ar fáil i gCairt 4.3 thíos faoi na líonta nochta chosanta a fuarthas sna blianta ó 2015 go 2020. Ní thugtar miondealú breise ar na sonraí seo, ar aon dul leis na ceanglais rúndachta a shonraítear in Acht 2014.

**Cairt 4.3**
Líon Nochta Chosanta a fuarthas ó 2015 go 2020



## 4.8
## Ídiú Fuinnimh in 2020

### An Roinn Cosanta

Lean an Roinn Cosanta uirthi lena cur chuige réamhghníomhach le linn 2020 ar fud a cuid foirgneamh sa Droichead Nua, sa Rinn Mhór agus i Ros Cré chun tionscnaimh tíosach ar fhuinneamh a chur ar aghaidh. Rinneadh iarrachtaí i dtreo feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh trí fhoirne fuinnimh réamhghníomhacha roinne a bhfuil tionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh á gcur i bhfeidhm acu ó 2007 ar aghaidh agus i measc na dtionscnamh tá an méid seo a leanas: gan ach soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh a úsáid; rialú níos déine ar chórais téimh agus aeraithe; Laethanta Feasachta ar Fhuinneamh a eagrú chun feabhas a chur ar iompar i measc na foirne ar leibhéal deisce; amadóirí a shuiteáil ar aonaid ardhfuinnimh; iniúchtaí agus monatóireacht agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar fhuinneamh.

Bailíonn an SEAI feidhmíocht fuinnimh do gach Roinn agus gníomhaireacht Rialtais. Thug an RCGAC le fios in 2020 gur bhain feidhmíocht na Roinne Cosanta laghdú fuinnimh 32.2% amach i gcomparáid lena bonnbhliain (2009). Leag an Roinn sprioc laghdaithe fuinnimh 33% a bhaint amach faoi dheireadh 2020. Ba iad na leibhéil astaíochtaí CO2 a cuireadh i gcuntas in 2019 58% d'astaíochtaí na bonnbhliana, agus sháraigh seo ár sprioc don bhliain 2019 go mór, agus tá ár spriocleibhéil don bhliain 2030 bainte amach cheana féin againn dá bharr.

B'ionann an méid iomlán fuinnimh a úsáideadh sa Roinn in 2020 agus 2,243,375 kWh, ina measc foirgnimh i nDroichead Nua (Sráid Chluain Meala san áireamh) – 1,681,037 kWh; an Rinn Mhór (gan Ranna/Oifigí eile a áireamh) – 236,305 kWh agus Cosaint Shibhialta (Ros Cré agus Teach Ráth an tSratha) – 326,033 kWh. Laghdú breise a bhí san úsáid seo i gcomparáid le 2019, a chinntigh gur bhain an Roinn a sprioc 33% amach don bhliain 2020. Tá tuairisc an SEAI le foilsiú níos déanaí in 2021. Léirítear sna réamhshonraí a seoladh ar aghaidh gur baineadh coigilteas de bhreis ar 35% amach ó bhonnbhliain 2009.

Cé gurbh íseal don fhreastal ar fhoirgnimh oifige i rith 2020 mar gheall ar COVID-19, lean gach foirgneamh de chuid na Roinne de bheith ar oscailt i rith an ama seo. Mar thoradh air sin, d'imir an phaindéim tionchar teoranta ar choigilteas fuinnimh. Bhí soilse, téamh agus córais TF (freastalaithe san áireamh) le bheith ar siúl i rith 2020, in ainneoin gur tháinig laghdú suntasach ar an líon daoine a bhí i láthair mar gheall ar COVID-19.

Cuirfidh aistriú na Roinne go dtí OPOFR i Samhain 2020 coigilteas fuinnimh amach anseo a dhéanamh, mar gheall go dtosófar le go leor de chórais TF na Roinne a dhíchoimisiúnú in 2021. Tá breithniú á dhéanamh ar fheabhsúcháin bhreise de réir mar a thugaimid aghaidh ar dhúshlán nua laghdú fuinnimh 50% a bhaint amach faoin mbliain 2030 i gcomparáid leis an mbonnbhliain.

## Óglaigh na hÉireann

D'úsáid Óglaigh na hÉireann 188 GWh d'fhuinneamh in 2020 (Ídiú Deiridh Iomlán)*. Is ionann seo agus laghdú foriomlán 4% ar an ídiú fuinnimh deiridh i gcomparáid le leibhéil 2019. Ar an iomlán, tá laghdú 20.8% tagtha ar ídiú fuinnimh deiridh iomlán Óglaigh na hÉireann ó 2009 ar aghaidh. Ba iad na príomhfhoinsí d'úsáid fuinnimh laistigh d'Óglaigh na hÉireann i rith 2020 fóntais (leictreachas, gás nádúrtha, gás peitriliam leachtach (LPG) agus ola théimh) agus iompair breosla (breosla eitlíocht, breosla muirí agus díosal bóthair agus peitreal agus ola gháis saor ó shulfar (SFGO) do chumhacht chladaigh na Seirbhíse Cabhlaigh ina measc).

Cuirtear miondealú ar fáil i gCairt 4.4 thíos ar na príomhchatagóirí d'ídiú fuinnimh in Óglaigh na hÉireann i rith 2020.

Bronnadh athdheimhniúchán ar Óglaigh na hÉireann in 2020 i leith an chaighdeáin idirnáisiúnta um bainistíocht fuinnimh ISO 50001:2018. Iniúchadh aistrithe chuig an leagan níos úire den chaighdeán a bhí san iniúchadh athdheimhniúcháin freisin. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin, rinneadh iniúchadh ar thrí láthair in 2020.


Ceadaíonn Feidhmeannacht Fuinnimh Shinsearach (FFS) Óglaigh na hÉireann, ar a ndéanann an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) cathaoirleacht, Plean Gníomhaíochta Bliantúil (PGB) chun dul i ngleic le húsáid fuinnimh i measc an réimse iomláin chatagóirí fuinnimh. Áirítear le roinnt éachtaí suntasacha a rinne an PGB in 2020 an méid seo a leanas:

» Leanadh le teaschaidéil a thabhairt isteach i bhfoirgnimh Óglaigh na hÉireann a sainaithníodh go cuí.

» An Córas Bainistíochta Breosla (CBB) do bhreosla Iompair ar Bóthar agus sócmhainní eile a úsáideann breosla a chur i bhfeidhm.

» Clár Barrfheabhsaithe Réamhthéimh an Phríomhinnill ar árthaí na Seirbhíse Cabhlaigh.

**Cairt 4.4**
Úsáid Fuinnimh Óglaigh na hÉireann de réir Foinse Fuinnimh 2020




» Críochnaíodh tionscadail fhótavoltacha (FV) Ghréine bhreise, agus mhéadaigh seo an acmhainn FV atá suiteáilte in Óglaigh na hÉireann aníos go dtí nach mór 1.2 MWp. Tá FV suiteáilte anois in 11 láthair ÓÉ. Tháinig méadú aníos go dtí 866 MWh ar an leictreachas a ghin athnuaiteáin (FV). Is ionann sin agus méadú 340% ó 2019 (252 MWh).

» Rinne feithiclí leictreacha agus bonneagar gaolmhar luchtaithe breise a thabhairt isteach ar fud na heagraíochta.

* Is ionann an figiúr agus an figiúr a d'fhoilsigh an SEAI i ndiaidh gur seoladh sonraí ar aghaidh faoi ídiú amh. D'fhéadfadh go ndearnadh na figiúirí seo a choigeartú chun athruithe ar thosca tiontaithe fuinnimh a chur san áireamh.

### Comhoibriú leis an Ngníomhaireacht Eorpach um Chosaint (an GEC)

Lean Óglaigh na hÉireann le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an GEC maidir le roinnt tionscnaimh fuinnimh i rith 2020. Ón mbliain 2014 ar aghaidh, ghlac Óglaigh na hÉireann páirt i nGrúpa Oibre Fuinnimh agus Comhshaoil an GEC. Scrúdaíonn an Grúpa Oibre seo deiseanna chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh ar fud na hEarnála Cosanta.

Lean Éire le páirt a ghlacadh in 2020 in 'Fóram Comhairliúcháin an Choimisiúin Eorpaigh um Fhuinneamh Inmharthana sna hEarnálacha Cosanta agus Slándála' (CF SEEDSS II), a bhfuil a thríú céim bainte amach aige. Thit an chéad chomhdháil den tríú céim amach ó chian i nDeireadh Fómhair 2020. Déanann an GEC é seo a chomhordú agus is éard atá ann ná sraith comhdhálacha a scrúdaíonn infheidhmeacht reachtaíocht fuinnimh an AE agus conas is féidir le hairm na hEorpa é a chur i bhfeidhm. Is éard atá san fhóram ná ceithre ghrúpa oibre, a bhfreastalaíonn pearsanra Óglaigh na hÉireann ar gach ceann díobh. Anuas air sin, cuireann Óglaigh na hÉireann Ceann Foirne ar fáil don Mheitheal Foinsí Fuinnimh In-Athnuaite (FFI).

Lean pearsanra ó Óglaigh na hÉireann le páirt a ghlacadh in 2020 ar Chúrsa Bainisteoirí Fuinnimh Cosanta an GEC (CBFC), a chuirtear ar siúl i gcaitheamh 11 mhí agus ina dtugtar trí chuairt de ghnáth ar an mBruiséil ar feadh 3.5 lá agus ina gcuirtear seimineáir ghréasáin ar siúl. Is é aidhm an chúrsa chun an tuiscint a neartú atá ar na castachtaí a bhaineann le fuinneamh a bhainistiú laistigh d'eagraíocht chosanta bunaithe ar leagan nua de ISO 50001. Tá an chéad, an dara agus an tríú CBFC críochnaithe anois agus tá an ceathrú CBFC ar siúl faoi láthair, tar éis gur chuir COVID-19 moill air. Tá an cúigiú CBFC le tosú i Ráithe 1 2021. Tá beirt phearsanra ÓÉ ag glacadh páirte i ngach cúrsa agus go dtí seo, ghlac pearsanra (oifigigh agus ONCanna) ón tSeirbhís Chabhlaigh, an tAerchór, an Cór Innealtóirí agus an Cór Iompair páirt ann.

## 4.9 Grúpaí Oibre Trasrannacha a gcuireann Cosaint LEO

- Pleanáil Leanúnachais Gnó
- Cruinniú Ghrúpa Comhordaithe Brexit
- Grúpa Idir-Roinne um Chur i bhFeidhm Tús Áite do Leanaí
- An Líonra CISM (an Líonra um Bainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla)
- Coiste Comhairleach Sheirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse
- Grúpa Bainisteoirí TFC na Státseirbhíse
- Líonra Bhainisteoirí Tionscadal na Státseirbhíse
- An Meitheal Oibre um Athnuachan na Státseirbhíse ar shaincheisteanna trasghearrthacha
- An Coiste um Rialacha Cúirte na hArmchúirte
- Coiste Stiúrtha Roinn an Taoisigh don Mheasúnú Priacail Náisiúnta
- Líonra na nOifigeach Idirchaidrimh Míchumais
- Grúpa Idir-Roinne Chiste na gCuntas Díomhaoin (CCD)
- An Grúpa um Chur i bhFeidhm an Chórais Taifeadta Leictreonaigh (CTL) (Iascaigh)
- Coiste Monatóireachta Chiste Sóisialta na hEorpach (CSE), a ndéantar cathaoirleacht air ag Údarás Bainistíochta CSE na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Líonra na nOifigeach Airgeadais
- Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais – Grúpa Comhairleach um Dhearadh Próisis
- Grúpa Oibre Sócmhainní Seasta
- Grúpa Stiúrtha Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána
- Coiste Chonarthaí an Rialtais um Fhoirgníocht (CCRF)
- Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála
- Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála - an Foghrúpa ar Athléimneacht Phríomhbhonneagair
- Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála - an Foghrúpa: Bí Réidh don Gheimhreadh
- Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála - an Foghrúpa: Bí Réidh don Samhradh
- Foghrúpa Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála um Pleanáil Theagmhasach Leictreachais
- Foghrúpa Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála ar Riosca
- Foghrúpa Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála um Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach – Struchtúir agus Creat Náisiúnta
- An Grúpa Comhordaithe um Bhagairtí don tSláinte
- An Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil um Chibearshlándáil
- An Grúpa um Chur i bhFeidhm um Athchóiriú na Póilíneachta
- An Coiste Idir-Rannach um Ghnáthairm

- An Coiste Idir-Rannach um Dheich mBliana na gCuimhneachán
- Cruinnithe idir-rannacha ar Chuimhneachán an Ghorta Mhóir
- Cruinnithe idir-rannacha ar an Lá Cuimhneacháin Náisiúnta
- An Coiste Idir-Rannach um Fhorbairt
- An Coiste Idir-Rannach um Rannpháirtíocht san AE
- Coiste Idir-Rannach ar Neamhleathadh Arm Ollscriosta
- An Coiste Idir-Rannach um Choimeád na Síochána
- An Coiste Idir-Rannach um Nochtadh Cosanta
- An Coiste Idir-Rannach um Shlándáil Choimpléasc Fhoirgnimh an Rialtais
- An Coiste Idir-Rannach chun Coinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a Chur i bhFeidhm
- Grúpa Idir-Rannach an AE agus Brexit
- Comhordaíonn an Roinn an Grúpa Idir-Rannach um Shlándáil Phróiseas Toghcháin agus Bréagaisnéis
- An Grúpa Idir-Rannach um Éireannaigh Thar Lear
- Cruinniú Idir-Rannach um Chomhairle na hEorpa
- Cruinnithe Idir-Rannacha ar Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe tar éis 2015
- Grúpa Idir-Rannach an Údaráis um Shlándáil Náisiúnta
- An Grúpa Pleanála Idir-Rannach do Chuimhneachán Dhomhnach na Cásca 1916
- An Grúpa Pleanála Idir-Rannach don Lá Cuimhneacháin Náisiúnta
- An Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach um thionscadal Bailithe Pinsin Seirbhíse Míleata
- An Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach um Bailiú Pinsin Seirbhíse Míleata
- Coiste Stiúrtha an Aerárthaigh Othar Idirospidéil
- Grúpa Comhairleach Éigeandála Muirí Aerloingseoireachta na hÉireann
- Bord Bainistíochta Sheirbhís Mheastóireachta agus Eacnamaíochta Rialtas na hÉireann (SMERÉ)
- Coiste Cuardaigh agus Tarrthála ar Muir na hÉireann
- Grúpa Pleanála Teagmhasaí Idirghníomhaireachta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
- Coiste na Straitéise Ionchuimsithe Náisiúnta LGBTI+
- Grúpa Oibre Malaria Chemoprophylaxis
- Bord Bainistíochta na Stiúrthóireachta Náisiúnta um an mBainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála
- An Grúpa Comhordaithe Muirí
- Grúpa um Chur i bhFeidhm Chreat-Treoir na Straitéise Mara
- An Coiste agus an Grúpa Oibre Faireachais Mhuirí (MARSUR)
- Coiste Monatóireachta agus Comhordaithe na Straitéise um Imeascadh Imirceach
- An Grúpa Náisiúnta Aeraileighis
- An Comhlacht Náisiúnta ar an mBeartas Aerspáis (Úsáid Sholúbtha Aerspáis)
- Coiste Slándála Náisiúnta na hEitlíochta Sibhialta
- An Coiste Náisiúnta um an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta
- An Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Theagmhais Drochaimsire
- Grúpa Seaimpíní an Bhonneagair Sonraí Náisiúnta (BSN)
- An Grúpa Náisiúnta Pleanála Éigeandála um Thionóiscí Núicléacha (an GNPÉTN)
- Coiste Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir
- An Coiste Náisiúnta um Chur i bhFeidhm um Bainistíocht Foinsí Radaighníomhacha as Úsáid
- An "Grúpa Stiúrtha Trasearnála, Connecting for Life" de chuid na hOifige Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc a chuireann cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta chun Féinmharú a Laghdú 2015-2020 chun cinn
- An Grúpa Maoirseachta Náisiúnta ar Bhásmhaireacht Iomarcach COVID-19
- An Coiste Slándála Náisiúnta
- Grúpa Custaiméirí Seirbhísí d'Fhostaithe (an GCSF) na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (an ONSC)
- An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta um Bainistíocht Mór-Éigeandála
- Coiste Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní
- OFGUG (Grúpa Úsáideoirí Rialtais Oracle Financials)
- Bord Comhairleach TFC OPOFR (Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais)
- Comhairlí Catagóire OSR (an Oifig um Sholáthar Rialtais)
- Grúpa Stiúrtha um Measúnú agus Bainistíocht i gcás Riosca Tuilte Dobharcheantair (MBRTD) OOP (Oifig na nOibreacha Poiblí)
- Grúpa Comhordaithe Beartas Tuile Idir-Rannach OOP
- Foireann Ghníomhaíochta 11 de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 "Bainistíocht Clár agus Tionscadal a Leabú" (Ceannasaithe na Roinne Cosanta)
- Foireann Ghníomhaíochta 1 de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 "Dlús a Chur leis an Soláthar Digiteach"
- Foireann Ghníomhaíochta 4 de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 "Feabhas Suntasach a Chur ar an gCumarsáid agus ar an gCaidreamh Gníomhach"
- Foireann Ghníomhaíochta 6 de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 "Cultúr Nuálaíochta a Chur chun Cinn"

- Foireann Ghníomhaíochta 13 de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 “Pleanáil Leanúnach Phríomhshrutha don Fhórsa Saothair”
- Foireann Ghníomhaíochta 14 de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 “Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus Fhreagrach”
- Foireann Ghníomhaíochta 16 de chuid Ár Seirbhís Poiblí 2020 “Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a Chur chun Cinn”
- Grúpa Oibre Táscairí Ár Seirbhíse Phoiblí 2020
- Bord Ceannaireachta Seirbhíse Poiblí (BCSP) Ár Seirbhís Phoiblí 2020
- Grúpa Bainistíochta Seirbhíse Poiblí (GBSP) Ár Seirbhís Phoiblí 2020
- Grúpa Maoirseachta ar dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Mná, Síocháin agus Slándáil (2015-2018)
- Coiste Feidhmiúcháin na nOifigeach Pearsanra
- Líonra na nOifigeach Pearsanra
- An Grúpa Bainistíochta Seirbhíse Poiblí
- An Líonra Pinsin Seirbhíse Poiblí
- Líonra na nOifigeach um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- An Grúpa Idirchaidrimh um Bainistíocht Riosca
- Coiste Comhairliúcháin an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara
- Grúpa Bainistíochta Chomhaontú Seirbhíse an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara Leibhéal 1 agus 2
- An Fóram um Pleanáil Fórsa Oibre Earnála
- Grúpa na nOifigeach Sinsearach um COVID-19
- Grúpa na nOifigeach Sinsearach um Ghnóthaí AE
- Bord Cláir na Scéime Pinsin Aonair
- Grúpa Fócais Teicniúil na Scéime Pinsin Aonair
- Líonra na nOifigeach Oiliúna
- An Grúpa Oibre um Dhúnorgain Chorparáideach

## 4.10
## Meabhráin Tuisceana (MTanna) agus Comhaontuithe Seirbhíse (CSanna)

**Tá an Roinn Cosanta i ndiaidh MTanna a shocrú leis na heagraíochtaí seo a leanas:**

- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- An Roinn Sláinte (x2)
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (x3)
- An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
- An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- Na Náisiúin Aontaithe (x2)
- An Aireacht Cosanta, an RA (x3)
- An Aireacht um Ghnóthaí Intíre agus Slándáil Náisiúnta, Málta
- Cros Dhearg na hÉireann
- An Roinn Cosanta, an Astráil
- Aireachtaí Cosanta san Ostair, an Chróit, Poblacht na Seice, an Ghearmáin agus an Ísiltír maidir le Cathghrúpa 2020 an AE
- Aire Cosanta Náisiúnta Phoblacht na Polainne
- An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte
- Comhairle Contae Chill Dara

## Comhaontaíodh ar CSanna leis na heagraíochtaí seo a leanas:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna – maidir le cistiú CSE a bhaineann le Scéim Tacaíochta Fostaíochta Óglaigh na hÉireann.
- Foras na Mara – maidir le suirbhéanna, eolas a roinnt agus oiliúint idir Foras na Mara agus an tSeirbhís Chabhlaigh.
- Medico – maidir le cúnamh oiliúna a chuir an tSeirbhís Chabhlaigh ar fáil do Medico.
- An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí – maidir le seirbhísí a chuir na Fórsaí Cosanta ar fáil i gcás timpiste aeir.
- Garda Cósta na hÉireann (IRCG) – maidir le tacaíocht Chuardaigh agus Tarrthála agus seirbhísí eile a chuireann Óglaigh na hÉireann ar fáil don GCÉ.
- Met Éireann – i dtaca le sonraí meitéareolaíocha a mhalartú idir an tSeirbhís Chabhlaigh agus Met Éireann.
- An Roinn Sláinte/Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) – maidir le Seirbhís Aerárthach Othar a chuireann an tAerchór ar fáil.
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna – maidir le scéim phíolótach don fháil a bhíonn ar otharcharr agus foireann Óglaigh na hÉireann ag an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna.
- An Oifig Suirbhéireachta Muirí – cúnamh i ngnáthchásanna nó i gcásanna éigeandála.
- Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) – chun seirbhís aeriompair a sholáthar ag an Aerchór d'Imscrúdaitheoirí GSOC.
- Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEÉ) – maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta idir ÚEÉ agus an tAerchór.
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – maidir le hAonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána.
- Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) – maidir le seirbhísí a sholáthraíonn an tAerchór do OOP i rith teagmhais adhaimsire.
- Ionadaíocht déanta ag Cúnamh Éireann don Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir le réimse seirbhísí a chuireann Óglaigh na hÉireann ar fáil i dtaobh an Tionscnaimh Mhearfhreagartha.
- An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (an ÚCIM) – maidir le seirbhísí a sholáthair an tSeirbhís Chabhlaigh agus an tAerchór don ÚCIM maidir le cosaint iascaigh.
- An Garda Síochána (an GS) - téarmaí seirbhíse idir Cosaint Shibhialta agus an GS maidir le teagmhais éigeandála.
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil – maidir le soláthar seirbhísí ag Óglaigh na hÉireann agus Cosaint Shibhialta.
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) – maidir le soláthar seirbhísí ag Óglaigh na hÉireann.
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt – maidir le soláthar seirbhísí ag Óglaigh na hÉireann d'Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le Pleanáil um Shluabhás.
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus an tIonad Náisiúnta Cibearshlándála agus é mar chuspóir foriomlán chun feabhas a chur ar chibearshlándáil an Stáit.
- Óglaigh Náisiúnta na hÉireann (ONÉ) i dtaobh seirbhísí a sholáthar do ONÉ.
- Cumann Sheansaighdiúirí Éireannacha na Náisiún Aontaithe (IUNVA) i dtaobh seirbhísí a sholáthar do IUNVA.
- Garda Cósta na hÉireann – seirbhís a sholáthar idir Cosaint Shibhialta agus Garda Cósta na hÉireann maidir le teagmhais éigeandála in uiscí na hÉireann.
- An Roinn Sláinte/Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun seirbhís éigeandála teagmhais a sholáthar do FSS ag an Aerchór maidir le radachógais agus cógais ar imríodh drochthionchar orthu i ndiaidh Brexit a iompar san aer.
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann chun seirbhís éigeandála teagmhais a sholáthar ag an Aerchór do Choimisinéirí Soilse na hÉireann i ndiaidh of Brexit.
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maidir le réimse seirbhísí a sholáthair Óglaigh na hÉireann don Fhoireann Cúnaimh Shibhialta Éigeandála (an FCSÉ).



# Aguisín A

## Téarmaí Tagartha an Choimisiúin um Óglaigh na hÉireann

I dtaobh na dtasc mionsonraithe mar a bhforáiltear dóibh ina Théarmaí Tagartha, beidh aird ag an gCoimisiún ar riachtanais phráinneacha agus lorgóidh sé freisin fís níos fadtéarmaí a fhorbairt don tréimhse i ndiaidh 2030. Déantar seo agus sprioc Chosanta ardleibhéil leagtha síos ina ndéanfar soláthar do chosaint mhíleata an Stáit, ina gcuirfear le síocháin agus slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ina gcomhlíonfar gach ról eile a shannann an Rialtas. Tagann seo le comhthéacs níos fairsinge chosaint leasanna cosanta agus slándála na hÉireann go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ba cheart go mbeadh de chuspóir chur chuige an Choimisiúin a chinntiú go mbeidh na hÉireann lúfar, solúbtha agus oiriúnaitheach i gcónaí sa fhreagairt d'athruithe dinimiciúla ar an timpeallacht slándála, bagairtí agus teicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn san áireamh (cosúil leo siúd a chruthaíonn athrú aeráide).

Tuigtear go bhféadfadh athruithe reachtaíochta a bheith ag teastáil ó mholtaí an Choimisiúin.

Nuair a baineadh a thorthaí agus a mholtaí amach le haghaidh socruithe maidir le cosaint éifeachtach na tíre, tabharfaidh an Coimisiún aird ar an leibhéal cistithe a chuir an Rialtas ar fáil do Chosaint.

Déanfaidh an Páipéar Bán ar Chosaint 2015 agus an Nuashonrú ar an bPáipéar Bán 2019, ina leagtar amach Beartas Cosanta ar marthain na hÉireann, an Measúnú reatha ar an Timpeallacht Slándála san áireamh, faoi mar a leagtar amach sa Nuashonrú ar an bPáipéar Bán, na Téarmaí Tagartha seo a leanas, agus cur chuige foriomlán an Choimisiúin a threorú agus eolas a chur ar fáil dó.

» Cuirfidh an Coimisiún riachtanais ar leith chosanta na hÉireann san áireamh, an cháil láidir idirnáisiúnta atá uirthi san fhearann thar lear agus róil ar leith Óglaigh na hÉireann sa timpeallacht slándála intíre ina measc, a leanann é sin ag teacht chun cinn.

» Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar agus molfaidh sé struchtúr agus méid chuí an Bhuanfhórsa Cosanta (an BFC) agus na nÓglach Cúltaca (na ÓCanna). Is éard a bhainfidh leis seo breithniú a dhéanamh ar chumas, struchtúir agus soláthar foirne cuí don Arm, agus a struchtúr briogáide, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh anuas ar gcothromaíocht agus an eagar cuí pearsanra agus struchtúr ar fud cur chuige comhfhórsa sna limistéir thalún, an aeir, mhuirí, cibearlimistéir, faisnéise agus spáis.

» I dtaobh na ÓCanna, déanfaidh an Coimisiún breithniú ar réimse fairsing roghanna agus déanfaidh sé moltaí chun cumas na ÓCanna a ghiaráil to níos fearr sna tacaíochtaí a thugann siad don BFC agus chun rogha níos mealltaí a dhéanamh de sheirbhís sna ÓCanna.

» Scrúdóidh an Coimisiún na struchtúir in Óglaigh na hÉireann agus obair thionscadal Ceannais agus Rialaithe an Pháipéir Bháin a rinneadh go dtí seo. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an Coimisiún breithniú ar an rialachas is cuí agus ar struchtúir éifeachtacha cheannais agus rialaithe ardleibhéil in Óglaigh na hÉireann.

» Scrúdóidh an Coimisiún teacht chun cinn na gcóras agus na struchtúr uile luach saothair atá i bhfeidhm faoi láthair in Óglaigh na hÉireann agus tabharfar faoi deara an méid a luaitear i gClár an Rialtais maidir le Comhlacht Athbhreithnithe Pá Buan amach anseo. I ndiaidh go gcríochnófar obair an Choimisiúin, rachaidh an tAire Cosanta i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le comhlacht buan athbhreithnithe pá a bhunú, ina léireofar cineál uathúil na seirbhíse míleata i gcomhthéacs na seirbhíse poiblí. Caithfidh moltaí uile an Choimisiúin nó an chomhlachta comharba agus caithfidh a gcur i bhfeidhm a bheith comhsheasmhach le beartas pá náisiúnta na hearnála poiblí.

» Leagfaidh an Coimisiún peirspictíocht straitéiseach amach maidir le beartais Acmhainní Daonna, agus straitéisí gaolmhara, próisis chasaoide agus breithniú ar sholúbthacht chuí struchtúrach san áireamh, chun riachtanais acmhainní míleata a shásamh chun Óglaigh na hÉireann atá níos lúfaire agus níos oiriúnaithí a fhorbairt ar bhealach a thagann leis an tsochaí nua-aimseartha, agus i gcomhthéacs dhinimic reatha an mhargaidh shaothair, agus ar aon dul le pá agus beartas pearsanra na hearnála poiblí.

» Molfaidh agus déanfaidh an Coimisiún breithniú ar chuir chuige chuí i leith athrú agus coimeád ball, agus aird ar an obair a rinneadh go dtí seo, agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, chun na hacmhainní a sholáthar a theastaíonn ó fhórsa míleata nua-aimseartha. Anuas air sin, déanfaidh sé cuir chuige i leith earcaíochta a mholadh, roghanna gairm bheatha mhíleata san áireamh a d'fhéadfadh fórsa níos éagsúla, níos solúbtha agus níos freagrúla ina bhfuil cothromaíocht níos fearr inscne a chruthú, ag a bhfuil córas dul chun cinn gairm bheatha chun freastal ar na struchtúir agus an t-eagar a mholtar don fhórsa.

## Ballraíocht den Choimisiún um Óglaigh na hÉireann

**Cathaoirleach: Aidan O'Driscoll,** iar-Ard-Rúnaí, an Roinn Talmhaíochta, 2015-2018 agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, 2018-2020. Príomheacnamaí na Roinne Talmhaíochta ó 1995 go 2001 agus Ard-Rúnaí Cúnta Gnóthaí, Eacnamaíochta agus Athraithe Aeráide an AE ó 2001 go hEanáir 2015.

**Peter Brazel*,** státseirbhíseach ar scor a d'oibrigh i roinnt ranna, ar leibhéal sinsearach sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina measc, agus tá taithí fhairsing aige ar bheartas seirbhíse poiblí, beartas san áireamh a bhaineann le pearsanra agus ceisteanna luach saothair.

**An tAimiréal Haakon Bruun-Hanssen,** Ceann Cosanta na hIorua ar scor (2020) agus Ceann Comhoibríochtaí na bhFórsaí Armtha agus Ardchigire Chabhlach na hIorua.

**Shay Cody,** iar-Chathaoirleach Choiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann agus Ard-Rúnaí Sinsearach Fórsa 2010-2019 ar scor.

**Maura Conway,** Ollamh le Slándáil Idirnáisiúnta sa Scoil Dlí agus Rialtais ag DCU agus comhordaitheoir VOX-Pol, tionscadal atá cistithe ag an AE a bhaineann le hantoisceachas polaitiúil foréigneach ar líne. Ball de Bhord Comhairleach Acadúil Ionad Frithsceimhlitheoireachta Europol.

**Marie Cross,** Rúnaí Cúnta ar scor, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, iar-Ambasadóir le Coiste Polaitiúil-Slándála an AE (CPS), ball de Bhord na hInstitiúide Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (an IGIE) agus Cathaoirleach a Choiste Cosanta agus Slándála. Ba bhall í de Ghrúpa Comhairleach Airí an Pháipéir Bháin (2015).

**Dan Harvey,** staraí míleata, coimeádaí músaeim agus scor Leifteanant-Choirnéal ar scor in Óglaigh na hÉireann. Scríobh sé go leor ábhar mar údar faoin stair Óglaigh na hÉireann.

**Caitriona Heinl,** Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag Fóram um Straitéis Slándála Comhaimseartha Azure, Éire agus Comhalta Taighde Cúnta ag an Scoil Pholaitíochta agus Chaidrimh Idirnáisiúnta ag UCD.

**Anja Dalgaard-Nielsen,** taighdeoir agus saineolaí beartas slándála ón Danmhairg. Stiúrthóir na hInstitiúide Straitéise í ag Coláiste Ríoga Cosanta na Danmhairge agus Ollamh (páirtaimseartha) í ag an Ionad um Shlándáil Shóisialach agus Bainistíocht Riosca ag Ollscoil Stavanger. Iar-Cheann na Roinne Slándála Coiscthí í sa tSeirbhís Faisnéise Póilíní. Ceapadh í i Meitheamh leis an ngrúpa comhairleach le hArd-Rúnaí ECAT maidir le ECAT 2030.

**John Minihan,** iar-Sheanadóir agus Captaen ar scor in Óglaigh na hÉireann. Cathaoirleach Ghrúpa Comhairleach Airí an Pháipéir Bháin 2015.

**An Leifteanant-Ghinearál Conor O'Boyle (ar scor),** iar-Cheann Foirne Óglaigh na hÉireann agus Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) agus Ginearáloifigeach i gCeannas ar Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann roimhe seo.

**An Leifteanant-Ghinearál Esa Pulkkinen,** oifigeach míleata na Fionlainne a bhain céim Ghinearáil 3 réalta amach (comhionann le céim Cheann Foirne in Óglaigh na hÉireann). B'Ard-Stiúrthóir Fhoireann Mhíleata an AE agus comhairleoir straitéiseach míleata í roimhe seo leis an Ardionadaí.

**Geraldine Tallon,** iar-Ard-Rúnaí, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2007-2014) agus iar-Chathaoirleach Choiste Iniúchóireachta na Roinne Cosanta (2014-2019). Cathaoirleach Institiúid Chaitliceach na mBodhar.

**Gerry Waldron,** oibríonn sé faoi láthair mar dhochtúir leighis agus Stiúrthóir Slándála (Cruinniú Mullaigh Slándála Náisiúnta na hÉireann). D'fhóin sé roimhe seo mar oifigeach in Óglaigh na hÉireann ar feadh 16 bliana agus róil éagsúla aige in Éirinn agus thar lear leis na Náisiún Aontaithe.

**Jane Williams,** Comhpháirtí Bainistíochta, Sainchomhairleoirí Bainistíochta Chomhpháirtithe SIA (SIA Partners Management Consultants) agus iar-bhall de Bhord Eirgrid PLC agus POF eatramhach 2009-2010. D'fhóin sí ar Bhord na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais, Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann, an Coimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil agus ar roinnt boird agus coistí eile.

* Tháinig Stephanie O'Donnell in ionad Peter Brazel. Is státseirbhíseach ar scor í a ghnóthaigh taithí fhairsing sa ról sinsearach a bhí aici sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bheartas seirbhíse poiblí, beartas san áireamh a bhaineann le pearsanra agus ceisteanna luach saothair agus bhí sí freagrach as caiteachas vótáilte d'Óglaigh na hÉireann ar feadh roinnt blianta.

Óglaigh na hÉireann
IRISH DEFENCE FORCES

An Roinn Cosanta
Department of Defence